

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh

L 55



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 65

28 Feabhra 2022

Clár

I Gníomhartha reachtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) 2022/312 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/1429 a mhéid a bhaineann le fad na tréimhse tagartha maidir le bearta sealadacha a chur i bhfeidhm i ndáil le muirir a thobhach i leith úsáid bonneagair iarnróid ⁽¹⁾ 1

CINNTÍ

- ★ Cinneadh (AE) 2022/313 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2022 lena soláthraítear cúnaimh macrairgeadais don Úcráin 4

II Gníomhartha neamhreachtacha

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

- ★ Cinneadh (AE) 2022/314 ón gComhairle an 15 Feabhra 2022 a bhaineann le haontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún um Chaomhnú agus um Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh 12
- ★ Aistriúchán — An Coinbhinsiún um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh 14

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/315 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/161 a mhéid a bhaineann leis an maolú ó oibleagáid na mórdhíoltóirí i dtaobh aitheantóirí uathúla na dtáirgí íocshláinte arna n-onnmhairiú chuig an Ríocht Aontaithe a dhíchoimisiúnú ⁽¹⁾ 33

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na gníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/316 ón gCoimisiún an 21 Feabhra 2022 lena bhformheastar leasuithe ar an tsonraíocht ar shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó ar thásca geografacha faoi chosaint “Tarragona” (STFC) 37
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/317 ón gCoimisiún an 21 Feabhra 2022 lena mbronntar cosaint faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an ainm “Dehesa Peñalba” (STFC) 38
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/318 ón gCoimisiún an 21 Feabhra 2022 lena gcláraítear ainm sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint (“Nijolės Šakočienės šakotis” (TGFC)) 39
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/319 ón gCoimisiún an 21 Feabhra 2022 lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht ainm a iontráladh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint (“Trote del Trentino” (TGFC)) 40
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/320 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2022 maidir le húdarú bláthola mandairín eastósctha mar bhreiseán beatha le haghaidh éanlaith chlóis, muc, athchogantach, capall, coiníní agus salmainidí ⁽¹⁾ 41

CINNÍ

- ★ Cinneadh (AE) 2022/321 ón gComhairle an 24 Feabhra 2022 lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas 45
- ★ Cinneadh (AE) 2022/322 ón gComhairle an 18 Feabhra 2022 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) a mhéid a bhaineann le leasuithe a ghlacadh ar Iarscríbhinní 1, 6 go 10, 14 agus 17 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Sibhialta Idirnáisiúnta 47
- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/323 ón gCoimisiún an 22 Feabhra 2022 maidir leis na hagóidí nach bhfuil réitithe i leith na gcoinníollacha maidir le húdarú a dheonú don táirge bithicídeach Sojet i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 973) ⁽¹⁾ 51
- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/324 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/973 chun coigiltis CO₂ éicea-nuálaíochta áirithe a chur san áireamh chun astaíochtaí CO₂ Daimler AG agus díorma Daimler AG a ríomh (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 690) ⁽¹⁾ 54
- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/325 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinntí Cur Chun Feidhme 2015/698 2017/2448, 2017/2452, 2018/1109, 2018/1110, 2019/1304, 2019/1306 agus 2021/1388 a mhéid a bhaineann le sealbhóir an údaraithe agus a ionadaí san Aontas maidir le táirgí ina bhfuil orgánaigh ghéinmhodhnaithe áirithe, nó atá comhdhéanta díobh, nó a tháirgtear astu, a chur ar an margadh (a bhfuil fógra tugtha faoi ina leith C(2022) 1049) ⁽¹⁾ ... 70

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/326 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/961 lena n-údaráítear beart sealadach arna ghlacadh ag Poblacht na Fraince i gcomhréir le hAirteagal 129 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú, agus Srianadh Ceimiceán (REACH) chun srian a chur ar úsáid agus ar chur ar an margadh adhmaid áirithe atá cóireáilte le créasóid agus substaintí eile gaolmhara (*a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 1074*) ⁽¹⁾ 76
-

Ceartúcháin

- ★ Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2022/262 ón gComhairle an 23 Feabhra 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí na Rúise i ndíchoibhsú staid na hÚcráine (IO L 42 I, 23.2.2022) 78
- ★ Ceartúchán ar Chinneadh (CBES) 2022/265 ón gComhairle an 23 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 42 I, 23.2.2022) 81

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2022/312 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Feabhra 2022

lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/1429 a mhéid a bhaineann le fad na tréimhse tagartha maidir le bearta sealadacha a chur i bhfeidhm i ndáil le muirir a thobhach i leith úsáid bonneagair iarnróid

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiúin,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Mar thoradh ar phaindéim COVID-19, tá laghdú géar tagtha ar an trácht iarnróid arb í an titim shuntasach ar éileamh is cúis leis. Bhí tionchar mór aige sin ar ghnóthais iarnróid.
- (2) Níl neart ag gnóthais iarnróid ar na cúinsí sin, ar gnóthais iarnróid iad atá ag dul i ngleic go leanúnach le fadhbanna leachtachta suntasacha agus le cailleanais ollmhóra agus atá i mbaol dócmhainneachta i gcásanna áirithe.
- (3) Chun gníomhú in aghaidh éifeachtaí eacnamaíocha diúltacha phaindéim COVID-19 agus chun tacaíocht a thabhairt do ghnóthais iarnróid, le Rialachán (AE) 2020/1429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, cuireadh ar chumas na mBallstát a údarú do na bainisteoirí bonneagair na muirir i leith rochtain ar bhonneagar iarnróid a laghdú, a tharscaoileadh nó a iarchur. Deonaíodh an fhéidearthacht sin don tréimhse thagartha ón 1 Márta 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020 agus, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1061 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾, cuireadh síneadh breise léi go dtí an 31 Nollaig 2021.

⁽¹⁾ Tuairim an 19 Eanáir 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Feabhra 2022 (nár foilsíodh san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 24 Feabhra 2022.

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2020/1429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2020 lena mbunaítear bearta le haghaidh margadh iarnróid inbhuanaithe i bhfianaise ráig COVID-19 (IO L 333, 12.10.2020, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1061 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2021 lena gcuirtear síneadh le tréimhse thagartha Rialachán (AE) 2020/1429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear bearta le haghaidh margadh iarnróid inbhuanaithe i bhfianaise ráig COVID-19 (IO L 229, 29.6.2021, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2020/1429

Leasaítear Rialachán (AE) 2020/1429 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

“Airteagal 1

Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha sealadacha maidir le muirir a thobhach i leith úsáid bonneagair iarnróid mar a leagtar amach i gCaibidil IV de Threoir 2012/34/AE. Tá feidhm aige maidir le bonneagar iarnróid a úsáid le haghaidh na seirbhísí iarnróid intíre agus idirnáisiúnta a chumhdaítear leis an Treoir sin, le linn na tréimhse ón 1 Márta 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2022 (‘an tréimhse thagartha’);

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5, mír 2:

“2. I gcás ina gcinneann an Coimisiún, ar bhonn na sonraí dá dtagraítear i mír 1, go bhfuil laghdú ar leibhéal an tráchta iarnróid, i gcomparáid leis an leibhéal le linn thréimhse chomhfhreagrach na mblianta roimhe, ag leanúint ar aghaidh agus gur dócha go leanfaidh sé de bheith amhlaidh, agus go gcinneann an Coimisiún freisin, ar bhonn na sonraí eolaíochta is fearr atá ar fáil, gur de thoradh thionchar phandéim COVID-19 atá an cás seo amhlaidh, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 6 chun an tréimhse thagartha a shonraítear in Airteagal 1 a leasú dá réir. Le haon leasú den sórt sin, ní fhéadfar ach síneadh suas le 6 mhí a chur leis an tréimhse thagartha, agus ní fhéadfar síneadh go dtí dáta níos faide amach ná an 31 Nollaig 2023 a chur leis an tréimhse thagartha.”;

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6, mír 2:

“2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5(2) a thabhairt don Choimisiún go dtí an 31 Nollaig 2023.”.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Feabhra 2022.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
R. METSOLA

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. PANNIER-RUNACHER

CINNÍ

CINNEADH (AE) 2022/313 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Feabhra 2022

lena soláthraítear cúnaimh macrairgeadais don Úcráin

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 212 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽¹⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá forbairt á déanamh i rith an ama i dtaca leis an gcaidreamh idir an tAontas Eorpach (“an tAontas”) agus an Úcráin faoi chuimsiú Bheartas Comharsanachta na hEorpa agus Chomhpháirtíocht an Oirthir. An 1 Meán Fómhair 2017, tháinig comhaontú comhlachais idir an tAontas agus an Úcráin ⁽²⁾ (“an Comhaontú Comhlachais”), lena n-áirítear Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála, i bhfeidhm.
- (2) In earrach 2014, thug an Úcráin faoi chlár uaillmhianach um athchóiriú a bhfuil sé mar aidhm leis a gilleagar a chobhsú agus slí bheatha shaoránaigh na tíre a fheabhsú. Ar na príomhthosaíochtaí atá sa chlár oibre, tá an comhrac i gcoinne an éillithe chomh maith le hathchóirithe bunreachtúla, toghchánacha agus breithiúnacha. Tugadh tacaíocht do chur chun feidhme na n-athchóirithe sin le cúig chlár cúnaimh macrairgeadais as a chéile, faoina bhfuair an Úcráin cúnaimh i bhfoirm iasachtaí dar luach EUR 5 bhiliún san iomlán. Leis an gcúnaimh macrairgeadais is déanaí, a cuireadh ar fáil i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 de bhun Chinneadh (AE) 2020/701 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, tugadh EUR 1,2 billiún d’iasachtaí don Úcráin agus cuireadh i gcrích i Meán Fómhair 2021 é.
- (3) An cúlú eacnamaíoch in 2020 a d’eascair as paindéim COVID-19 agus as bagairtí slándála leanúnacha ar theorainn na hÚcráine leis an Rúis, rinne sé difear do gheilleagar na hÚcráine. Mar thoradh ar mhéadú leanúnach na héiginnteachta, cailleadh muinín le déanaí, rud lena ndéantar difear diúltach don ionchas eacnamaíochta, agus ó bhí lár Eanáir 2022 ann, cailleadh rochtain ar mhargaí caipitil idirnáisiúnta. Leis na coinníollacha maoiniúcháin atá ag dul in olcas, cuireadh leis an mbearna sa mhaoiniú seachtrach, bearna atá fós ann, atá mór agus atá ag leathnú agus a chuireann isteach go mór ar infheistíocht, rud a lagaíonn athléimneacht na hÚcráine maidir le turraingí eacnamaíocha agus polaitiúla amach anseo.
- (4) Léirigh rialtas na hÚcráine tiomantas láidir i leith tuilleadh athchóirithe a chur chun feidhme, ar athchóirithe iad lena ndírítear, ar an bpointe cinniúnach atá ann faoi láthair, sa ghearrthéarma ar réimsí beartais rithábhachtacha amhail athléimneacht agus cobhsaíocht eacnamaíoch, rialachas agus an smacht reachta, agus fuinneamh.

⁽¹⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Feabhra 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 21 Feabhra 2022.

⁽²⁾ Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile (IO L 161, 29.5.2014, lch. 3).

⁽³⁾ Cinneadh (AE) 2020/701 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 2020 maidir le cúnaimh macrairgeadais a sholáthar do chomhpháirtithe um méadú agus comhpháirtithe comharsanachta i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 (IO L 165, 27.5.2020, lch. 31)

- (5) Mar thoradh ar thiomantas athnuaite chun athchóirithe den sórt sin a dhéanamh agus ar thoil láidir pholaitiúil, chuir údarais na hÚcráine dlús le cur chun feidhme na n-athchóirithe ó bhí samhradh 2021 ann. Leis sin, cuireadh ar chumas na hÚcráine an oibríocht maidir leis an gcúnamh macrairgeadais i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 a chur i gcrích go rathúil, ós rud é gur comhlíonadh gach gníomhaíocht athchóiriúcháin arna comhaontú leis an Aontas sa mheabhrán tuisceana.
- (6) Chun gur féidir tuilleadh solúbthacht beartais a bheith ann i gcomhthéacs na géarchéime a bhaineann le paindéim COVID-19, i Meitheamh 2020, d'fhormheas an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) Socrú Teannta 18 mí le haghaidh na hÚcráine le rochtain arb ionann í agus USD 5 billiún. Leis an socrú sin, díreann ar na ceithre thosaíocht seo a leanas: (i) tionchar eacnamaíoch na géarchéime a mhaolú, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt do theaghlaigh agus do ghnólachtaí; (ii) neamhspleáchas leanúnach an bhainc ceannais agus ráta malairte solúbtha a áirithiú; (iii) cobhsaíocht airgeadais a choimirciú agus na costais ó réitigh bhainc á n-aisghabháil; agus (iv) leamúint ar aghaidh le príomhbhearta rialachais agus frithéilithe chun gnóthachain a baineadh amach le déanaí a chaomhnú agus a dhoimhniú. De dheasca teist cur chun feidhme neamhchothrom, maidir leis an gcéad athbhreithniú ar an gclár, lenar comhaontaíodh freisin síneadh ama ar an gclár go dtí deireadh Mheitheamh 2022, níor cuireadh an t-athbhreithniú sin i gcrích go dtí Samhain 2021. Leis sin, tugadh iomlán na n-eisiocaíochtaí faoi chlár CAI atá ann faoi láthair go méid atá coibhéiseach le USD 2,8 billiún go dtí seo. Tá sé beartaithe dhá athbhreithniú eile a dhéanamh faoi dheireadh an dara ráithe de 2022.
- (7) I bhfianaise ardriosaí maoiniúcháin buiséid agus i gcomhthéacs téarnamh mall ón ngéarchéim a bhaineann le paindéim COVID-19 agus boilsciú atá ag méadú go tapa, d'iarr an Úcráin clár cúnaimh macrairgeadais nua fadtéarmach suas le EUR 2,5 billiún ón Aontas an 16 Samhain 2021. Freagraíonn cúnaimh macrairgeadais éigeandála den sórt sin, go háirithe, don mhéadú géar gan choinne i riachtanais maoiniúcháin sheachtraigh na hÚcráine, a eascraíonn as an gcaillteanas *de facto* maidir le rochtain ar mhargaí airgeadais, agus do na dúshláin bhunúsacha phráinneacha.
- (8) Ós rud é gur tír í an Úcráin a chumhdaítear faoi Bheartas Comharsanachta na hEorpa, ba cheart a mheas go bhfuil sí incháilithe chun cúnaimh macrairgeadais a fháil ón Aontas.
- (9) Is é ba cheart a bheith i gcúnamh macrairgeadais an Aontais ionstraim airgeadais eisceachtúil lena dtugtar tacaíocht neamhcheangailte agus neamhsannta ar mhaithe le comhardú na n-íocaíochtaí, agus é mar aidhm aici aghaidh a thabhairt ar riachtanais phráinneacha maoiniúcháin sheachtraigh an tairbhí, agus ba cheart an cúnaimh sin a úsáid mar bhonn le clár beartais a chur chun feidhme faoina gcuirfí bearta láidre práinneacha i bhfeidhm maidir le coigeartú agus leis an athchóiriú struchtúrach, bearta a bheadh ceaptha staid an tairbhí i dtaca le comhardú na n-íocaíochtaí sa ghearrthéarma agus an athléimneacht eacnamaíoch sa mheántéarma a fheabhsú.
- (10) Ós rud é gur chruthaigh an cailteanas rochtana ar an margadh agus an t-eis-sreabhadh caipitil bearna shuntasach sa mhaoiniú seachtrach atá fós ann i gcomhardú íocaíochtaí na hÚcráine, ar bearna í atá go mór os cionn na n-acmhainní a sholáthraítear le CAI agus institiúidí iltaobhacha eile, meastar, sna himthosca eisceachtúla atá ann faoi láthair, gur freagairt iomchuí ghearrthéarmach ar na rioscaí móra don tír cúnaimh macrairgeadais éigeandála ón Aontas a sholáthar don Úcráin go gasta. Leis an gcúnamh macrairgeadais ón Aontas, thacófaí le cobhsú eacnamaíoch na hÚcráine agus bheadh sé mar aidhm leis athléimneacht láithreach na tíre a neartú, chomh maith le clár oibre um athchóiriú struchtúrach na hÚcráine a neartú nuair is féidir déanamh amhlaidh faoi láthair, lena bhforlíonfaí acmhainní arna gcur ar fáil faoi shocrú airgeadais CAI.
- (11) Ba cheart é a bheith mar aidhm leis an gcúnamh macrairgeadais ón Aontas tacú le staid inbhuanaithe maidir le maoiniú seachtrach a athbhunú san Úcráin, rud a thacódh le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta na tíre.
- (12) Táthar ag súil go mbeidh an cúnaimh macrairgeadais ón Aontas ag teacht le cur chun feidhme oibríochtaí tacaíochta buiséadaí faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta — An Eoraip Dhomhanda, a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾.

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta — An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1).

- (13) Déantar méid an chúnaimh macrairgeadais ón Aontas a chinneadh bunaithe ar mheasúnú cainníochtúil ar na riachtanais maoiniúcháin sheachtraigh atá fós ag an Úcráin, agus cuirtear san áireamh cumas na tíre sin a hacmhainní dílse, go háirithe na cúlchistí idirnáisiúnta atá ar fáil di, a úsáid chun í féin a mhaoiniú. Leis an gcúnamh macrairgeadais ón Aontas, ba cheart na cláir agus na hacmhainní atá á gcur ar fáil ag CAI agus ag an mBanc Domhanda a chomhlánú. Agus méid an chúnaimh á chinneadh, cuirtear san áireamh freisin na ranníocaíochtaí airgeadais a bhfuiltear ag súil leo ó dheontóirí iltaobhacha agus an gá atá leis an ualach a roinnt go cothrom idir an tAontas agus deontóirí eile, chomh maith leis an úsáid atá á baint cheana as ionstraimí maoiniúcháin sheachtraigh eile san Úcráin agus an breisluach a bhaineann le rannpháirtíocht an Aontais ina hiomláine.
- (14) Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go bhfuil an cúnamh macrairgeadais ón Aontas i gcomhréir, ó thaobh dlí agus substainte de, le príomhphrionsabail agus príomhchuspóirí réimsí éagsúla na gníomhaíochta seachtraí agus beartas ábhartha eile de chuid an Aontais agus leis na bearta a ghlactar laistigh díobh.
- (15) Leis an gcúnamh macrairgeadais ón Aontas, ba cheart tacú le beartas seachtrach an Aontais i dtaca leis an Úcráin. Ba cheart don Choimisiún agus don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí a bheith ag obair i ndlúthchomhar le chéile i rith na hoibríochta maidir leis an gcúnamh macrairgeadais chun beartas seachtrach an Aontais a chomhordú agus chun comhsheasmhacht an bheartais sin a áirithiú.
- (16) Leis an gcúnamh macrairgeadais ón Aontas, ba cheart tacú le tiomantas na hÚcráine do luachanna atá i gcoiteann aici leis an Aontas, lena n-áirítear an daonlathas, an smacht reachta, an dea-rialachas, urraim do chearta an duine, an fhorbairt inbhuanaithe agus laghdú na bochtaineachta, agus lena tiomantas do phrionsabail na trádála oscailte riailbhunaithe cothroime.
- (17) Ba cheart a leagan síos mar réamhchoinníoll i dtaca leis an gcúnamh macrairgeadais ón Aontas a thabhairt don Úcráin nach mór don Úcráin sásraí éifeachtacha daonlathacha, lena n-áirítear córas parlaiminteach ilpháirtí agus an smacht reachta a urramú, agus a ráthú go n-urramófar cearta an duine. Sa bhreis air sin, leis na cuspóirí sonracha atá leis an gcúnamh macrairgeadais ón Aontas, ba cheart éifeachtúlacht, trédhearcacht agus cuntasacht na gcóras bainistíochta airgeadais phoiblí a neartú agus ba cheart athchóirithe struchtúracha a chur chun cinn a bhfuil sé d'aidhm acu tacú le fás inbhuanaithe cuimsitheach, cruthú fostaíochta cuibhiúla agus comhdhlúthú fioscach. Ba cheart don Choimisiún agus don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí faireachán rialta a dhéanamh ar chomhlíonadh an réamhchoinníll agus ar bhaint amach na gcuspóirí sin.
- (18) Chun a áirithiú go gcosnaítear ar bhealach éifeachtúil na leasanna airgeadais sin de chuid an Aontais atá nasctha leis an gcúnamh macrairgeadais ón Aontas, ba cheart don Úcráin na bearta iomchuí a dhéanamh a bhaineann le calaois, éilliú agus neamhrialtachtaí eile i dtaca leis an gcúnamh sin a chosc agus a bhaineann leis an gcomhrac ina gcoinne. Sa bhreis air sin, ba cheart a fhoráil go ndéanadh an Coimisiún seiceálacha, go ndéanadh an Chúirt Iniúchóirí iniúchtaí agus go bhfeidhmeodh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a cuid inniúlachtaí.
- (19) Ní dochar scaoileadh an chúnaimh macrairgeadais ón Aontas do chumhachtaí Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina gcáil mar údarás buiséadach.
- (20) Ba cheart méideanna an tsoláthair a theastaíonn maidir leis an gcúnamh macrairgeadais ón Aontas a bheith i gcomhréir leis na leithreasuithe buiséadacha dá bhforáiltear sa chreat airgeadais ilbhliantúil.
- (21) Ba cheart don Choimisiún an cúnamh macrairgeadais ón Aontas a bhainistiú. Chun a áirithiú go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle in ann cur chun feidhme an Chinnidh seo a leanúint, ba cheart don Choimisiún iad a chur ar an eolas go rialta faoi aon fhorbairtí a bhaineann leis an gcúnamh sin agus na doiciméid ábhartha a sholáthar dóibh.

- (22) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an gCinneadh seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾.
- (23) Ba cheart an cúnamh macrairgeadais ón Aontas a bheith faoi réir coinníollacha beartais eacnamaíoch, atá le leagan amach i meabhrán tuisceana. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú i dtaca leis an gcur chun feidhme agus ar chúiseanna a bhaineann leis an éifeachtúlacht, ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún na coinníollacha sin a chaibidlíú le húdaráis na hÚcráine faoi mhaoirseacht choiste ionadaithe na mBallstát i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. Faoin Rialachán sin, ba cheart feidhm a bheith ag an nós imeachta comhairliúcháin, mar riail ghinearálta, i ngach cás seachas na cásanna dá bhforáiltear sa Rialachán sin. I bhfianaise an tionchair shuntasáigh a d'fhéadfadh a bheith ag cúnamh ós cionn EUR 90 milliún, is iomchuí an nós imeachta scrúdúcháin mar a shonraítear i Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a úsáid le haghaidh oibríochtaí os cionn na tairsí sin. I bhfianaise mhéid an chúnamh macrairgeadais ón Aontas don Úcráin, ba cheart feidhm a bheith ag an nós imeachta scrúdúcháin maidir le glacadh an mheabhráin tuisceana, agus maidir le haon chás ina ndéanfaí an cúnamh a laghdú, a chur ar fionraí nó a chur ar ceal.
- (24) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Chinnidh seo a bhaint amach, eadhon cúnamh macrairgeadais éigeandála a sholáthar don Úcráin d'fhonn tacú, go háirithe, le hathléimneacht agus cobhsaíocht eacnamaíoch na tíre sin agus, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Cinneadh seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (25) I bhfianaise na práinne a bhaineann leis na himthosca eisceachtúla arbh í paidéim COVID-19 ba chúis leo agus na hiarmhairtí eacnamaíocha a bhaineann leo, meastar gurb iomchuí foráil a dhéanamh maidir le heisceacht ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal le CAE, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.
- (26) Ionas go mbeifear in ann na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Déanfaidh an tAontas cúnamh macrairgeadais de EUR 1,2 billiún ar a mhéad a chur ar fáil don Úcráin ("an cúnamh macrairgeadais ón Aontas"), d'fhonn tacú le cobhsú eacnamaíoch agus le clár oibre substainteach um athchóiriú na hÚcráine. Is i bhfoirm iasachtaí a sholáthrófar iomlán an chúnamh macrairgeadais ón Aontas don Úcráin. Tá scaoileadh an chúnamh macrairgeadais ón Aontas faoi réir a fhorghaibhneacht ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle i mbuiséad an Aontais don bhliain ábhartha. Leis an gcúnamh sin, rannchuideofar le riachtanais na hÚcráine maidir le comhardú na n-íocaíochtaí, mar a aithníodh i gclár CAI, a chumhdach.
2. Chun an cúnamh macrairgeadais ón Aontas a mhaoiniú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún, thar ceann an Aontais, na cistí is gá a fháil ar iasacht ó na margaí caipitil nó ó institiúidí airgeadais agus an t-airgead sin a thabhairt ar aghaidh ar iasacht don Úcráin. Is é 15 bliana an uastréimhse aibíochta ar an meán a bheidh ag na hiasachtaí.
3. Bainisteoidh an Coimisiún an chaoi a scaoilfeadh an cúnamh macrairgeadais ón Aontas ar bhealach a bheidh i gcomhréir leis na comhaontuithe agus na comhthuisicintí a tugadh i gcrích idir CAI agus an Úcráin, agus le príomhphrionsabail agus príomhchuspóirí na n-athchóirithe eacnamaíocha a leagtar amach sa Chomhaontú Comhlachais, lena n-áirítear an Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála, arna chomhaontú faoi Bheartas Comharsanachta na hEorpa.

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas go rialta faoi fhorbairtí maidir leis an gcúnamh macrairgeadais ón Aontas, lena n-áirítear eisíocaíochtaí an chúnamh sin, agus soláthróidh sé na doiciméid ábhartha do na hinstiúidí sin in am trátha.

4. Cuirfear an cúnamh macrairgeadais ón Aontas ar fáil ar feadh tréimhse 12 mhí, tréimhse a thosóidh an chéad lá tar éis theacht i bhfeidhm an mheabhráin tuisceana dá dtagraítear in Airteagal 3(1).
5. Más rud é, le linn na tréimhse ina mbeidh an cúnamh macrairgeadais ón Aontas á eisíoc, go dtagann laghdú suntasach ar riachtanais mhaoiniúcháin na hÚcráine i gcomparáid leis na réamh-mheastacháin tosaigh, déanfaidh an Coimisiún, ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7(2), méid an chúnamh a laghdú nó cuirfidh sé an cúnamh ar fionraí nó ar ceal.

Airteagal 2

1. Beidh mar réamhchoinníoll i dtaca leis an gcúnamh macrairgeadais ón Aontas a thabhairt don Úcráin nach mór di sársaí éifeachtacha daonlathacha, lena n-áirítear córas parlaiminteach ilpháirtí agus an smacht reachta a urramú, agus a ráthú go n-urramófar cearta an duine.
2. Déanfaidh an Coimisiún agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí faireachán ar chomhlíonadh an réamhchoinníoll a leagtar amach i mír 1 le linn shaolré an chúnamh macrairgeadais ón Aontas.
3. Beidh feidhm ag mír 1 agus mír 2 den Airteagal seo i gcomhréir le Cinneadh 2010/427/AE ón gComhairle ⁽⁶⁾.

Airteagal 3

1. I gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7(2), comhaontóidh an Coimisiún i gcomhar le húdaráis na hÚcráine coinníollacha dea-shainithe beartais eacnamaíoch agus coinníollacha dea-shainithe airgeadais, lena ndíreofar ar athchóirithe struchtúracha agus airgeadas poiblí fóna, a mbeidh an cúnamh macrairgeadais ón Aontas faoina réir. Déanfar na coinníollacha beartais eacnamaíoch agus coinníollacha airgeadais sin a leagan amach i meabhrán tuisceana ina mbeidh clár ama chun na coinníollacha sin a chomhlíonadh. Beidh na coinníollacha beartais eacnamaíoch agus coinníollacha airgeadais a leagtar amach i meabhrán tuisceana i gcomhréir leis na comhaontuithe nó na comhthuisctí dá dtagraítear in Airteagal 1(3), lena n-áirítear an coigeartú maicreacnamaíoch agus na cláir um athchóiriú struchtúrach arna gcur chun feidhme ag an Úcráin le tacaíocht ó CAI.
2. Beidh sé mar aidhm ag na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1, go háirithe, éifeachtúlacht, trédhearcacht agus cuntasacht na gcóras bainistíochta airgeadais phoiblí san Úcráin a fheabhsú, lena n-áirítear i dtaca leis an gcúnamh macrairgeadais ón Aontas a úsáid. Nuair a bheidh bearta beartais á gceapadh, tabharfar aird chuifreisin ar an dul chun cinn maidir le hoscailt fhrithpháirteach an mhargaidh, ar fhorbairt trádála riailbhunaithe cothroime, agus ar thosaíochtaí eile i gcomhthéacs bheartas seachtrach an Aontais. Déanfaidh an Coimisiún faireachán rialta ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir leis na cuspóirí sin a bhaint amach.
3. Is i gcomhaontú iasachta atá le tabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus an Úcráin a leagfar síos na téarmaí mionsonraithe airgeadais a ghabhann leis an gcúnamh macrairgeadais ón Aontas.
4. Fíoróidh an Coimisiún go tráthrialta go bhfuiltear ag leanúint de na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 4(3) a chomhlíonadh, lena n-áirítear cibé acu atá nó nach bhfuil beartais eacnamaíocha na hÚcráine i gcomhréir leis na cuspóirí maidir leis an gcúnamh macrairgeadais ón Aontas. Chun críocha an fhóraithe sin, comhordóidh an Coimisiún go dlúth le CAI agus leis an mBanc Domhanda agus, i gcás inar gá, le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle.

Airteagal 4

1. Faoi réir na gcoinníollacha dá dtagraítear i mír 3, déanfaidh an Coimisiún an cúnamh macrairgeadais ón Aontas a chur ar fáil ina dhá thráthchuid chothroma, a mbeidh gach ceann díobh ina iasacht. Déanfar an clár ama maidir le heisíocaíocht gach tráthchoda a leagan síos sa mheabhrán tuisceana.

⁽⁶⁾ Cinneadh 2010/427/AE ón gComhairle an 26 Iúil 2010 lena mbunaítear eagrúchán agus feidhmiú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (IO L 201, 3.8.2010, lch. 30).

2. Méideanna an chúnamh macrairgeadais ón Aontas arna soláthar i bhfoirm iasachtaí, déanfar soláthar ina leith, i gcás inar gá, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/947.

3. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le scaoileadh na dtráthchodanna, faoi réir gach ceann de na coinníollacha seo a leanas a bheith comhlíonta:

(a) an réamhchoinníoll a leagtar amach in Airteagal 2(1);

(b) teist shásúil leanúnach maidir le socrú creidmheasa CAI nach socrú réamhchúraim é a chur chun feidhme;

(c) na coinníollacha beartais eacnamaíoch agus coinníollacha airgeadais arna gcomhaontú sa mheabhrán tuisceana a chur chun feidhme go sásúil.

Ní dhéanfar an dara tráthchuid a scaoileadh, i bprionsabal, tráth níos luaithe ná 3 mhí tar éis an chéad tráthchuid a scaoileadh.

4. I gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear i mír 3, an chéad fhomhír, déanfaidh an Coimisiún eisíoc an chúnamh macrairgeadais ón Aontas a chur ar fionraí go sealadach nó a chur ar ceal. I gcásanna den sórt sin, cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi na cúiseanna a bhí aige leis an eisíoc a chur ar fionraí nó a chur ar ceal.

5. Is le Banc Náisiúnta na hÚcráine a eisíocfar an cúnamh macrairgeadais ón Aontas. Faoi réir na bhforálacha atá le comhaontú sa mheabhrán tuisceana, lena n-áirítear deimhniú na riachtanas maoiniúcháin sheachtraigh atá fós ann, féadfar cistí an Aontais a aistriú chuig Aireacht Airgeadais na hÚcráine ina cáil mar an tairbhí deireanach.

Airteagal 5

1. Na hoibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtóireachta a bhaineann leis an gcúnamh macrairgeadais ón Aontas, is in euro a dhéanfar iad agus beidh an dáta luacha céanna orthu agus ní fhágfaidh siad go mbeidh aon bhaint ag an Aontas le tiontú aibíochtaí, ná ní fhágfaidh siad go mbeidh neamhchosaint ag an Aontas ar aon riosca ó thaobh ráta malairte nó ráta úis de, nó ar aon riosca tráchtála eile.

2. I gcás ina gceadófar sin leis na himthosca, agus má iarrann an Úcráin amhlaidh, féadfaidh an Coimisiún na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go n-áirítear clásal luath-aisíocaíochta i dtéarmaí agus coinníollacha na hiasachta agus go bhfuil clásal comhfhreagrach i dtéarmaí agus coinníollacha na n-oibríochtaí iasachtaíochta.

3. I gcás ina gceadófar feabhas a chur ar ráta úis na hiasachta leis na himthosca agus má iarrann an Úcráin amhlaidh, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh iomlán a hiasachtaí tosaigh, nó páirt díobh, a athmhaoiniú, nó féadfaidh sé na coinníollacha airgeadais comhfhreagracha a athstruchtú. Déanfar oibríochtaí athmhaoiniúcháin nó athstruchtúrúcháin i gcomhréir le mír 1 agus mír 4 agus ní bheidh sé mar éifeacht leo síneadh a chur le haibíocht na n-iasachtaí lena mbaineann ná méid an chaipitil atá gan íoc ar dháta an athmhaoiniúcháin nó an athstruchtúrúcháin a mhéadú.

4. Is í an Úcráin a iompróidh aon chostas a thabhoídh an tAontas i dtaca leis na hoibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtóireachta faoin gCinneadh seo.

5. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi fhorbairtí i dtaca leis na hoibríochtaí dá dtagraítear i mír 2 agus mír 3.

Airteagal 6

1. Cuirfear an cúnamh macrairgeadais ón Aontas chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁷⁾.

⁽⁷⁾ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

2. Déanfar an cúnaimh macrairgeadais ón Aontas a chur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach.
3. Beidh na forálacha uile seo a leanas sa chomhaontú iasachta dá dtagraítear in Airteagal 3(3):
 - (a) forálacha lena n-áirithítear go seiceálfaidh an Úcráin go rialta gur úsáideadh an maoiniú a sholáthraítear ó bhuiséad ginearálta an Aontais i gceart, go ndéanfaidh sí bearta iomchuí chun neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, agus, más gá, go dtabharfaidh sí caingeán dlí chun aon chiste a soláthraíodh faoin gCinneadh seo agus a ndearnadh mí-leithghabháil air a aisghabháil;
 - (b) forálacha lena n-áirithítear go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais, agus foráil á déanamh go háirithe maidir le bearta sonracha i dtaca le calaois, éilliú agus aon neamhrialtacht eile a dhéanann dochar do chúnamh macrairgeadais an Aontais a chosc agus i dtaca leis an gcomhrac ina coinne, i gcomhréir le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ⁽⁸⁾ agus (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ⁽⁹⁾ ón gComhairle, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁰⁾ agus, do na Ballstáit sin atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe maidir le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle ⁽¹¹⁾;
 - (c) forálacha lena dtugtar údarú sainráite don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, lena n-áirítear oibríochtaí fóiréinsice digítí agus agallaimh;
 - (d) forálacha lena dtugtar údarú sainráite don Choimisiún, nó dá ionadaithe, seiceálacha a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair;
 - (e) forálacha lena dtugtar údarú sainráite don Choimisiún agus don Chúirt Iniúcháirí iniúchtaí a dhéanamh le linn agus i ndiaidh thréimhse infhaighteachta an chúnamh macrairgeadais ón Aontas, lena n-áirítear iniúchtaí ar dhoiciméid agus iniúchtaí ar an láthair, amhail measúnuithe oibríochtúla;
 - (f) forálacha lena n-áirithítear go bhfuil an tAontas i dteideal luath-aisíocaíocht ar an iasacht i gcás ina mbeidh sé suite, i ndáil le bainistiú an chúnamh macrairgeadais ón Aontas, gur thug an Úcráin faoi aon ghníomh calaoise nó éillithe nó faoi aon ghníomhaíocht mhídhleathach eile a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais;
 - (g) forálacha lena n-áirithítear gurb í an Úcráin a iompróidh aon chostas a thabhóidh an tAontas a bhaineann leis na hoibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtóireachta faoin gCinneadh seo.
4. Sula gcuirfean an cúnaimh macrairgeadais ón Aontas chun feidhme, déanfaidh an Coimisiún a mheasúnú, trí bhithin measúnú oibríochtúil, a fhónta agus atá socruithe airgeadais na hÚcráine, na nósanna imeachta riaracháin, agus na sásraí rialaithe inmheánacha agus seachtracha is ábhartha maidir leis an gcúnaimh.

Airteagal 7

1. Tabharfaidh coiste cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 8

1. Faoin 30 Meitheamh gach bliain, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo sa bhliain roimhe sin, lena n-áirítear meastóireacht ar an gcur chun feidhme sin. Sa tuarascáil sin, déanfar an méid seo a leanas:

- (a) scrúdú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i dtaca leis an gcúnaimh macrairgeadais ón Aontas a chur chun feidhme;

⁽⁸⁾ Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.1995, lch. 1).

⁽⁹⁾ Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

⁽¹⁰⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

⁽¹¹⁾ Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ("OIPE") (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

- (b) staid eacnamaíoch agus ionchais na hÚcráine a mheasúnú, mar aon leis an dul chun cinn atá déanta i dtaca leis na bearta beartais dá dtagraítear in Airteagal 3(1) a chur chun feidhme;
- (c) léiriú a thabhairt ar an nasc idir na coinníollacha beartais eacnamaíoch a leagtar amach sa Mheabhrán Tuisceana, feidhmíocht leanúnach eacnamaíoch agus fhioscach na hÚcráine agus cinntí an Choimisiúin maidir le tráthchodanna an chúnaimh macrairgeadais ón Aontas a scaoileadh.
2. Tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis dhul in éag na tréimhse infhaighteachta dá dtagraítear in Airteagal 1(4), cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle tuarascáil meastóireachta *ex-post*, ina ndéanfar measúnú ar thorthaí agus éifeachtúlacht an chúnaimh macrairgeadais ón Aontas agus ar a mhéid a rannchuidigh sé le haidhmeanna an chúnaimh a bhaint amach.

Airteagal 9

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Feabhra 2022.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
R. METSOLA

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. PANNIER-RUNACHER

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

CINNEADH (AE) 2022/314 ÓN gCOMHAIRLE

an 15 Feabhra 2022

a bhaineann le haontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún um Chaomhnú agus um Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fómhír, pointe (a), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa ⁽¹⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 22 Meitheamh 2018, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht le Coimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh maidir le haontachas an Aontais don Choinbhinsiún um Chaomhnú agus um Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh (“an Coinbhinsiún”).
- (2) Tá an tAontas inniúil ar bhearta a ghlacadh chun acmhainní bitheolaíocha mara a chaomhnú faoin gcomhbheartas iascaigh agus ar chomhaontuithe a dhéanamh le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta.
- (3) De bhun Chinneadh 98/392/CE ón gComhairle ⁽²⁾, is páirtí conarthach é an tAontas i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (“Unclos”) an 10 Nollaig 1982, ar coinbhinsiún é lena gceanglaítear ar pháirtithe conarthacha uile in Unclos oibriú i gcomhar le chéile i dtaca le hacmhainní bitheolaíocha na farraige a chaomhnú agus a bhainistiú.
- (4) De bhun Chinneadh 98/414/CE ón gComhairle ⁽³⁾, is páirtí conarthach é an tAontas sa Chomhaontú maidir le forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 a chur chun feidhme, i ndáil le caomhnú agus le bainistiú stoc éisc traslimistéir agus stoc éisc mór-imirceach.
- (5) Ag an séú seisiún bliantúil a bhí ag Coimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh ón 23 go dtí an 25 Feabhra 2021, d'iarr sé ar an Aontas aontú don Choinbhinsiún.

⁽¹⁾ Toiliú ón 15 Feabhra 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽²⁾ Cinneadh 98/392/CE ón gComhairle an 23 Márta 1998 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt i gcrích Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 agus Chomhaontú an 28 Iúil 1994 maidir le cur chun feidhme Chuid XI de (IO L 179, 23.6.1998, lch. 1).

⁽³⁾ Cinneadh 98/414/CE ón gComhairle an 8 Meitheamh 1998 maidir le daingniú ag an gComhphobal Eorpach don Chomhaontú a bhaineann le forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 a chur chun feidhme i ndáil le caomhnú agus le bainistiú stoc éisc traslimistéir agus stoc éisc mór-imirceach (IO L 189, 3.7.1998, lch. 14).

- (6) Trí aontú don Choinbhinsiún, ba cheart go gcuirfí le comhsheasmhacht chur chuige an Aontais i leith an chaomhnaithe ar fud aigéin an domhain agus go neartófaí tiomantas an Aontais i dtaca le caomhnú fadtéarmach agus úsáid inbhuanaithe na n-acmhainní iascaigh ar fud an domhain freisin. I gcomhréir leis an teachtaireacht chomhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún an 10 Samhain 2016 maidir le *International ocean governance: an agenda for the future of our oceans* [Rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan: clár oibre le haghaidh thodhchaí ar n-aigéan] agus na conclúidí ón gComhairle an 3 Aibreán 2017 maidir leis an teachtaireacht chomhpháirteach sin, lena gcuirtear chun cinn bearta chun tacú le heagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh agus chun feabhas a chur ar éifeachtacht na n-eagraíochtaí sin, agus i gcás inarb ábhartha, is gné lárnach de ghníomhaíocht an Aontais sna heagraíochtaí sin é feabhas a chur ar a rialachas.
- (7) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾, agus thug sé barúlacha foirmiúla an 27 Lúnasa 2021. Caithfear le sonraí pearsanta a phróiseálann na Ballstáit nó an Coimisiún faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin i gcomhréir leis na forálacha infheidhme de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾ agus Rialachán (AE) 2018/1725.
- (8) Ba cheart don Aontas, dá bhrí sin, aontú don Choinbhinsiún,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais, aontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún um Chaomhnú agus um Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh.

Tá téacs an Choinbhinsiúin i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Ainmneoidh Uachtarán na Comhairle an duine/na daoine a chumhachtaítear chun an ionstraim aontachais dá bhforáiltear in Airteagal 24(4) den Choinbhinsiún a thaisceadh, thar ceann an Aontais.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha. ⁽⁶⁾

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Feabhra 2022.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

J.-Y. LE DRIAN

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

⁽⁶⁾ Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle an dáta a dtiocfaidh an Coinbhinsiún i bhfeidhm don Aontas in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Aistriúchán**AN COINBHINSIÚN UM CHAOMHNÚ AGUS BAINISTIÚ ACMHAINNÍ IASCAIGH NA MÓRMHARA SAN AIGÉAN CIÚIN THUaidh**

Tá na PÁIRTITHE CONARTHACHA,

TIOMANTA do chaomhnú fadtéarmach agus d'úsáid inbhuanaithe na n-acmhainní iascaigh san Aigéan Ciúin Thuaidh a áirithiú agus na héiceachórais mhuirí ina bhfuil na hacmhainní sin á gcosaint;

Á MHEABHRÚ dóibh an dlí idirnáisiúnta ábhartha mar a léirítear é i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982, sa Chomhaontú maidir le Forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Éisc Mór-imirceach a chur chun feidhme an 4 Nollaig 1995 agus sa Chomhaontú chun Comhlíontacht Bád Iascaireachta ar an Mór-mhuir i dtaca le Bearta Idirnáisiúnta Caomhantais agus Bainistiúchta a chur chun cinn an 24 Samhain 1993 agus an Cód Iompair d'Iascaigh Fhreagracha arna ghlacadh ag Comhdháil Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe ("FAO") ag a 28ú seisiún an 31 Deireadh Fómhair 1995 á chur san áireamh, chomh maith le Treoirlínte Idirnáisiúnta maidir le Bainistiú Iascach Domhainfharraige ar an Mór-mhuir arna ghlacadh ag FAO an 29 Lúnasa 2008;

AG TABHAIRT DÁ N-AIRE gur iarr Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe ina rún 61/105 agus 64/72 go nglacfaí céimeanna chun héiceachórais mhuirí leochaileacha agus speicis ghaolmhara a chosaint ar dhrochthionchair shuntasacha cleachtas iascaireachta millteach agus a rún 60/31 lenar spreagtar Stáit, de réir mar is iomchú, a aithint gur cheart go mbeadh feidhm ag prionsabail ghinearálta an Comhaontaithe maidir le Forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Éisc Mór-imirceach a chur chun feidhme an 4 Nollaig 1995 maidir le stoic éisc scoite freisin sa mhórmhuir;

AG AITHINT DÓIBH an gá atá le sonraí eolaíoch a bhailiú d'fhonn an bhithéagsúlacht agus éiceolaíocht mhuirí sa réigiún a thuiscint agus chun measúnú a dhéanamh ar thionchair an iascaigh ar speicis mhuirí agus ar héiceachórais mhuirí leochaileacha;

ÓS FEASACH DÓIBH gur gá drochthionchair ar an muirthimpeallacht a sheachaint, an bhithéagsúlacht a chaomhnú, sláine na n-éiceachóras mhuirí a chaomhnú, agus an baol go mbeadh éifeachtaí fadtéarmacha nó do-aisiompaite ag oibríochtaí iascaireachta a foscadh;

BUARtha faoin tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill neamhrialaithe ar speicis mhuirí agus ar héiceachórais mhuirí leochaileacha ar mhórmhuir an Aigéin Chiúin Thuaidh;

TIOMANTA FREISIN do ghníomhaíochtaí iascaireachta freagracha a dhéanamh agus do chomhoibriú go héifeachtach chun gníomhaíochtaí neamhdhleathacha, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte ("iascaireacht NNN") a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú mar aon leis na drochthionchair atá acu ar staid acmhainní iascaigh an domhain agus ar na héiceachórais ina bhfuil siad;

TAR ÉIS COMHAONTÚ mar a leanas:

Airteagal 1**Úsáid na dTearmaí**

Chun críocha an Choinbhinsiúin seo:

- (a) ciallaíonn "Coinbhinsiún 1982" *Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982*;
- (b) ciallaíonn "Comhaontú 1995" *an Comhaontú maidir le Forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Éisc Mór-imirceach a chur chun feidhme an 4 Nollaig 1995*;
- (c) ciallaíonn "iascaireacht ghrinnill" gníomhaíochtaí iascaireachta inar dócha go ndéanfaidh an fearas iascaireachta teagmháil le grinneall na farraige le linn gnáthoibríochtaí iascaireachta;
- (d) ciallaíonn "comhthoil" éagmais aon agóide foirmiúla a dhéantar tráth a ndéantar an cinneadh;

- (e) ciallaíonn “Páirtí Conarthach” aon Stát nó eagraíocht réigiúnach um chomhtháthú eacnamaíoch a thoiligh a bheith faoi cheangal ag an gCoinbhinsiún agus a bhfuil an Coinbhinsiún i bhfeidhm maidir leis;
- (f) ciallaíonn “Limistéar an Choinbhinsiúin” an limistéar a bhfuil feidhm ag an gCoinbhinsiún seo maidir leis, mar a fhorordaítear faoi Airteagal 4, mír 1, de;
- (g) ciallaíonn “Treoirlínte Idirnáisiúnta FAO” na *Treoirlínte Idirnáisiúnta maidir le Bainistiú Iascach Domhainfharraige ar an Mórmhuir* arna nglacadh ag FAO an 29 Lúnasa 2008, arna modhnú ó am go ham;
- (h) ciallaíonn “acmhainní iascaigh” na héisc, na moilisc, na crústaigh agus na speicis mhuirí eile go léir arna ngabháil ag soithí iascaireachta laistigh de Limistéar an Choinbhinsiúin, cé is moite den mhéid seo a leanas:
 - (i) speicis neamhaistreacha a mhéid a bhíonn siad faoi réir cearta ceannasacha Stát cósta atá comhsheasmhach le hAirteagal 77, mír 4 de Choinbhinsiún 1982 agus speicis tháscacha d'éiceachórais mhuirí leochaileacha mar a liostaítear in Airteagal 13, mír 5 den Choinbhinsiún seo nó a ghlactar dá bhun;
 - (ii) speicis chatadromacha;
 - (iii) mamaigh mhuirí, reiptílí muirí agus éin mhara; agus
 - (iv) speicis mhuirí eile atá cumhdaithe cheana féin le hionstraimí idirnáisiúnta bainistíochta iascaigh atá ann cheana laistigh de réimse inniúlachta na n-ionstraimí sin;
- (i) ciallaíonn “gníomhaíochtaí iascaireachta”:
 - (i) acmhainní iascaigh a chuardach, a ghabháil, a thógáil nó a shaothrú go hiarbhir nó iarracht an méid sin a dhéanamh;
 - (ii) aon ghníomhaíocht a bhféadfaí a mheas go ndéanfaí acmhainní iascaigh a aimsiú, a ghabháil, a thógáil nó a shaothrú chun aon chriche mar thoradh uirthi;
 - (iii) próiseáil na n-acmhainní sin ar muir agus trasloingsiú na n-acmhainní sin ar muir nó i gcalafort; agus
 - (iv) aon oibríocht a dhéantar ar muir mar thacú le haon ghníomhaíocht, nó mar ullmhúchán d'aon ghníomhaíocht, a thuairiscítear i bhfomhíreanna (i) go (iii) thuas, cé is moite d'aon oibríochtaí i dtaca le héigeandálaí a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht bhaill an chriú nó sábháilteacht soithí iascaireachta;
- (j) ciallaíonn “soitheach iascaireachta” aon soitheach a úsáidtear nó a bheartaítear a úsáid chun dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta, lena n-áirítear soithí próiseála éisc, longa tacaíochta, soithí iompair agus aon soitheach eile a bhíonn ag gabháil go díreach do ghníomhaíochtaí iascaireachta den sórt sin;
- (k) tagraíonn “iascaireacht NNN” do na gníomhaíochtaí mar a leagtar amach i mír 3 de Phlean Gníomhaíochta Idirnáisiúnta FAO 2001 chun *Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú*, agus gníomhaíochtaí eile de réir mar a chinneadh an Coimisiún;
- (l) ciallaíonn “cur chuige réamhchúraim” cur chuige an réamhchúraim mar a shonraítear in Airteagal 6 de Chomhaontú 1995;
- (m) ciallaíonn “eagraíocht réigiúnach um chomhtháthú eacnamaíoch” eagraíocht réigiúnach um chomhtháthú eacnamaíoch a bhfuil a Ballstáit tar éis inniúlacht i leith nithe a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún seo a aistriú chuici, lena n-áirítear an t-údarás chun cinntí a dhéanamh ina gceangal ar a Ballstáit i leith na nithe sin; agus
- (n) ciallaíonn “trasloingsiú” aon acmhainní iascaigh nó aon táirgí acmhainní iascaigh a thógtar i Limistéar an Choinbhinsiúin a dhíluchtú ó shoitheach iascaireachta amháin go soitheach iascaireachta eile ar muir nó i gcalafort.

Airteagal 2

Cuspóir

Is é cuspóir an Choinbhinsiúin seo caomhnú fadtéarmach agus úsáid inbhuanaithe na n-acmhainní iascaigh i Limistéar an Choinbhinsiúin a áirithiú agus, ag an am céanna, éiceachórais mhuirí an Aigéin Chiúin Thuaidh, ina bhfuil na hacmhainní sin, a chosaint.

Airteagal 3

Prionsabail ghinearálta

Agus éifeacht á tabhairt do chuspóir an Choinbhinsiúin seo, déanfar na bearta seo a leanas ina n-aonar nó i dteannta a chéile de réir mar is cú:

- (a) an úsáid is fearr is féidir d'acmhainní iascaigh a chur chun cinn agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach na n-acmhainní iascaigh sin a áirithiú;
- (b) bearta a ghlacadh, bunaithe ar an bhfaisnéis eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil, chun a áirithiú go ndéanfar acmhainní iascaigh a choimeád ar bun nó a athbhunú i leibhéal atá in acmhainn an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh, agus aird á tabhairt ar phatrúin iascaireachta, ar idirspéachas stoc agus ar aon chaighdeáin íosta idirnáisiúnta a mholtar go ginearálta, bídis foréigiúnach, réigiúnach nó domhanda;
- (c) bearta a ghlacadh agus a chur chun feidhme i gcomhréir leis an gcur chuige réamhchúraim agus le cur chuige éiceachórais i leith iascaigh, agus i gcomhréir le rialacha ábhartha an dlí idirnáisiúnta, go háirithe mar a léirítear i gCoinbhinsiún 1982, i gComhaontú 1995 agus in ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha eile;
- (d) measúnú a dhéanamh ar thionchar na ngníomhaíochtaí iascaireachta ar speicis a bhaineann leis an éiceachóras céanna nó atá ag brath ar na spriocstoic nó bainteach leo agus bearta caomhnaithe agus bainistíochta a ghlacadh, más gá, do na speicis sin d'fhonn líon na speiceas sin a chothabháil nó a athbhunú os cionn na leibhéal ar a bhféadfadh mórthagairt a bheith ar atáirgeadh na speiceas sin;
- (e) an bhithéagsúlacht a chosaint sa chomhshaoil muirí, lena n-áirítear trí thionchair shuntasacha dhochracha ar éiceachórais mhuirí leochaileacha a chosc, agus aon chaighdeáin nó treoirlínte idirnáisiúnta ábhartha á gcur san áireamh, lena n-áirítear Treoirlínte Idirnáisiúnta FAO;
- (f) ró-iascaireacht agus cumas iomarcach iascaireachta a chosc nó deireadh a chur leo, agus a áirithiú go mbeidh leibhéal na hiarrachta iascaireachta nó na leibhéal saothraithe bunaithe ar an bhfaisnéis eolaíoch is fearr atá ar fáil agus nach mó iad ná na leibhéal sin atá i gcomhréir le húsáid inbhuanaithe na n-acmhainní iascaigh;
- (g) a áirithiú go ndéanfar sonraí iomlána agus cruinne maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta, lena n-áirítear i ndáil le gach spriocspeiceas agus gach speiceas nach spriocspeiceas é laistigh de Limistéar an Choinbhinsiúin, a bhailiú agus a chomhroinnt go tráthúil agus go hionchú;
- (h) a áirithiú nach rachaidh aon leathnú ar iarracht iascaireachta, aon fhorbairt ar iascach nua nó taiscéalaíoch, nó athrú ar an trealamh a úsáidtear don iascach atá ann cheana, ar aghaidh gan measúnú roimh ré ar thionchar na ngníomhaíochtaí iascaireachta sin ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach na n-acmhainní iascaigh agus gan cinneadh a dhéanamh nach mbeadh drochthionchar suntasach ag na gníomhaíochtaí sin ar éiceachórais mhuirí leochaileacha, sin nó a áirithiú go mbainistíofar na gníomhaíochtaí sin chun na tionchair sin a chosc nó nach mbeidh siad údaraithe dul ar aghaidh leo;
- (i) a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 7 de Chomhaontú 1995, go bhfuil na bearta caomhnaithe agus bainistíochta arna mbunú do stoic éisc traslimistéir ar an mórmhuir agus na bearta arna nglacadh do na limistéir atá faoi dhlínse náisiúnta comhoiriúnach d'fhonn caomhnú agus bainistiú na n-acmhainní iascaigh sin ina n-iomláine a áirithiú;
- (j) a áirithiú go gcomhlíonfar bearta caomhnaithe agus bainistíochta agus go mbeidh na smachtbhannaí is infheidhme maidir le sárúithe dian go leor chun comhlíonadh a dhaingniú, chun sárúithe a dhíspreagadh aon áit a dtarlaíonn siad agus le nach mbeadh sochair le baint as ciontóirí óna ngníomhaíochtaí neamhdhleathacha;
- (k) íoslathú a dhéanamh ar thruailliú agus ar dhramhaíl de thionscnamh soithí iascaireachta, ábhar muirí aiscurtha, gabháil le trealamh cailte nó tréigthe, agus tionchair ar speicis eile agus ar éiceachórais mhuirí trí bhearta lena n-áirítear, a mhéid is indéanta, trealamh agus teicnící iascaireachta atá roghnaíoch agus sábháilte ó thaobh an chomhshaoil de agus atá cost-éifeachtach a fhorbairt agus a úsáid; agus
- (l) an Coinbhinsiún seo a chur i bhfeidhm ar bhealach cóir, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

*Airteagal 4***Réimse Feidhme**

1. Baineann an Coinbhinsiún seo le huiscí limistéar mórmhara an Aigéin Chiúin Thuaidh, gan limistéir mhórmhara Mhuir Bheiring agus limistéir mhórmhara eile atá timpeallaithe ag limistéar eacnamaíoch eisiach aon Stáit amháin a áireamh. Tá an limistéar feidhme teorannaithe ó dheas le líne leanúnach a thosaíonn ag an teorainn farraige d'uiscí atá faoi dhlínse Stáit Aontaithe Mheiriceá timpeall ar Chomhlathas Oileáin Mháirianacha Thuaidh ag domhanleithead fiche (20) céim ó thuaidh, a ghluaiseann soir ansin agus a nascann na comhordanáidí seo a leanas:

— 20°00'00"T, 180°00'00"O/I;

— 10°00'00"T, 180°00'00"O/I;

— 10°00'00"T, 140°00'00"O/I;

— 20°00'00"T, 140°00'00"O/I; agus

— As sin soir go dtí teorainn farraige uiscí atá faoi dhlínse iascaigh Mheicsiceo.

2. Ní chiallaíonn aon ní sa Choinbhinsiún seo, ná aon ghníomh nó gníomhaíocht a dhéanfar de bhun an Choinbhinsiúin seo, go dtugtar aitheantas d'éilimh nó do sheasaimh aon Pháirtí Chonarthaigh maidir le stádas dlíthiúil agus méid uiscí agus réigiún arna n-éileamh ag an bPáirtí Conarthach sin.

*Airteagal 5***Bunú an Choimisiúin**

1. Bunaítear leis seo Coimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh ("an Coimisiún"). Feidhmeoidh an Coimisiún de réir fhorálacha an Choinbhinsiúin seo. Beidh gach Páirtí Conarthach ina chomhalta den Choimisiún.

2. Féadfaidh eintiteas iascaireachta dá dtagraítear sa Choinbhinsiún páirt a ghlacadh in obair an Choimisiúin i gcomhréir leis an Iarscríbhinn. Ní bheidh rannpháirtíocht eintitis iascaireachta in obair an Choimisiúin ina diall ó chur i bhfeidhm inghlactha an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Coinbhinsiún 1982.

3. Tionólfaidh an Coimisiún cruinniú rialta uair amháin ar a laghad gach dhá bhliain in am agus in ionad a chinnfidh an Coimisiún agus féadfaidh sé cibé cruinnithe eile a thionól is gá chun a fheidhmeanna faoin gCoinbhinsiún seo a chomhlíonadh.

4. Féadfaidh aon chomhalta den Choimisiún cruinniú den Choimisiún a iarraidh, agus comórfar é le toiliú throlach de chomhaltaí an Choimisiúin. Déanfaidh an Cathaoirleach cruinniú den sórt sin a chomórath ansin ar shlí thráthúil cibé am agus áit a chinnfidh an Cathaoirleach i gcomhairle le comhaltaí an Choimisiúin.

5. Toghfaidh an Coimisiún Cathaoirleach agus leasChathaoirleach as measc ionadaithe na bPáirtithe Conarthacha, gach duine acu ó Pháirtí Conarthach éagsúil. Toghfar iad go ceann tréimhse dhá bhliain agus féadfar iad a atoghadh, ach ní bheidh siad níos faide ná ceithre bliana i ndiaidh a chéile sa chéile sa chéile. Fanfaidh an Cathaoirleach agus an leasChathaoirleach in oifig go dtí go dtoghfar a gcomharbaí.

6. Cuirfidh an Coimisiún prionsabal na cost-éifeachtúlachta i bhfeidhm maidir le minicíocht, ré agus sceidealú chruinnithe an Choimisiúin agus a fhochoimhlachtaí.

7. Beidh pearsantacht dhlítheanach idirnáisiúnta agus cibé inniúlacht dhlíthiúil is gá ag an gCoimisiún chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh agus a chuspóirí a bhaint amach. Cinnfear trí chomhaontú idir an Coimisiún agus an Páirtí Conarthach lena mbaineann na príbléidí agus na díolúintí a bheidh ag an gCoimisiún agus ag a oifigigh i gcríoch Páirtí Chonarthaigh.

8. Féadfaidh breathnóirí creidiúnaithe a bheith rannpháirteach i gcruinnithe uile an Choimisiúin agus comhlachtaí fochuideachta i gcomhréir leis na Rialacha Nós Imeachta a ghlacfaidh an Coimisiún. Cuirfear doiciméid ghaolmhara ar fáil go poiblí i gcomhréir leis na Rialacha Nós Imeachta sin.

9. Féadfaidh an Coimisiún Rúnaíocht bhuan a bhunú ar a mbeidh Rúnaí Feidhmiúcháin agus cibé foireann eile a éileoidh an Coimisiún agus/nó socruithe conarthacha a dhéanamh le Rúnaíocht eagraíochta atá ann cheana chun seirbhísí a sholáthar. Déanfar aon Rúnaí Feidhmiúcháin a cheapadh le formheas na bPáirtithe Conarthacha.

Airteagal 6

Fochomhlachtaí

1. Bunaítear leis seo Coiste Eolaíoch agus Coiste Teicniúil agus Comhlíontachta. Féadfaidh an Coimisiún, trí chomhthoil, aon fhochomhlachtaí eile a bhunú ó am go ham chun cuidiú le cuspóir an Choinbhinsiúin seo a bhaint amach.
2. Déanfaidh gach fochomhlacht, tar éis gach cruinnithe, tuarascáil ar a chuid oibre a sholáthar don Choimisiún ina mbeidh, i gcás inarb iomchuí, comhairle agus moltaí don Choimisiún.
3. Féadfaidh fochomhlachtaí meithleacha a bhunú agus féadfaidh siad comhairle sheachtrach a lorg i gcomhréir le haon treoir ón gCoimisiún.
4. Beidh na fochomhlachtaí freagrach don Choimisiún agus oibreoidh siad faoi rialacha nós imeachta an Choimisiúin, mura gcinnfidh an Coimisiún a mhalairt.

Airteagal 7

Feidhmeanna an Choimisiúin

1. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 3 agus bunaithe ar an bhfaisnéis eolaíoch is fearr atá ar fáil agus ar chomhairle ón gCoiste Eolaíoch:
 - (a) bearta caomhnaithe agus bearta bainistíochta a ghlacadh chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach na n-acmhainní iascaigh laistigh de Limistéar an Choinbhinsiúin a áirithiú, lena n-áirítear an ghabháil iomlán is incheadaithe nó leibhéal iomlán incheadaithe na hiarrachta iascaireachta do na hacmhainní iascaigh sin de réir mar a chinnfidh an Coimisiún;
 - (b) a áirithiú go bhfuil leibhéal na gabhála iomláine incheadaithe nó leibhéal iomlán incheadaithe na hiarrachta iascaireachta i gcomhréir leis an gcomhairle agus leis na moltaí ón gCoiste Eolaíoch;
 - (c) bearta caomhnaithe agus bainistíochta a ghlacadh, nuair is gá, do speicis a bhaineann leis an éiceachóras céanna nó atá ag brath ar na spriocstoic nó bainteach leo;
 - (d) straitéisí bainistíochta a ghlacadh, más gá, d'aon acmhainní iascaigh agus do speicis a bhaineann leis an éiceachóras céanna nó atá ag brath ar na spriocstoic nó bainteach leo, de réir mar is gá chun cuspóir an Choinbhinsiúin seo a bhaint amach;
 - (e) bearta caomhnaithe agus bearta bainistíochta a ghlacadh chun tionchair dhochracha shuntasacha ar éiceachórais mhuirí leochaileacha i Limistéar an Choinbhinsiúin a chosc, lena n-áirítear na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:
 - (i) bearta chun measúnuithe tionchair a sheoladh agus a athbhreithniú d'fhonn a chinneadh an mbeadh tionchair den sórt sin ar éiceachórais den sórt sin i limistéar ar leith mar thoradh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta;
 - (ii) bearta chun aghaidh a thabhairt ar theagmhálacha gan choinne le héiceachórais leochaileacha mhuirí le linn gnáthghníomhaíochtaí iascaireachta grinnill; agus
 - (iii) de réir mar is iomchuí, bearta lena sonraítear na suíomhanna nach dtarlóidh gníomhaíochtaí iascaireachta iontu;
 - (f) cineál agus méid na rannpháirtíochta san iascach atá ann cheana a chinneadh, lena n-áirítear trí dheiseanna iascaireachta a leithdháileadh;

- (g) na téarmaí agus na coinníollacha le haghaidh aon iascaigh nua i Limistéar an Choinbhinsiúin agus cineál agus méid na rannpháirtíochta in iascaigh den sórt sin a bhunú de chomhthoil, lena n-áirítear trí dheiseanna iascaireachta a leithdháileadh; agus
- (h) tiocfaidh siad ar chomhaontú maidir le modhanna trína bhféadfar freastal ar leasanna iascaireachta na bPáirtithe Conarthacha nua ar bhealach a bheidh comhsheasmhach leis an ngá inbhuanaitheacht fhadtéarmach na n-acmhainní iascaigh a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún seo a áirithiú.

2. Glacfaidh an Coimisiún bearta chun faireachán, rialú agus faireachas éifeachtach a áirithiú, mar aon le comhlíonadh agus forfheidhmiú fhorálacha an Choinbhinsiúin seo agus na mbearta arna nglacadh de bhun an Choinbhinsiúin seo. Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún:

- (a) nósanna imeachta a bhunú le haghaidh rialáil agus faireachán a dhéanamh ar thrasloingsiú acmhainní iascaigh agus táirgí acmhainní iascaigh arna ndéanamh i Limistéar an Choinbhinsiúin, lena n-áirítear fógra a thabhairt don Choimisiún maidir le suíomh agus cainníocht aon trasloingsithe;
- (b) clár Breathnóireachta Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh (“Clár Breathnóir”) a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus caighdeán agus treoirlínte ábhartha idirnáisiúnta á gcur san áireamh;
- (c) nósanna imeachta a bhunú chun dul ar bord agus cigireacht a dhéanamh ar shoithí iascaireachta i Limistéar an Choinbhinsiúin;
- (d) sásraí comhoibritheacha iomchuí a bhunú chun faireachán, rialú agus faireachas éifeachtach a dhéanamh chun forfheidhmiú na mbearta caomhnaithe agus bainistíochta arna nglacadh ag an gCoimisiún a áirithiú, lena n-áirítear sásraí chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuiriscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú;
- (e) caighdeán, sonraíochtaí agus nósanna imeachta a fhorbairt do chomhaltaí an Choimisiúin chun gluaiseachtaí agus gníomhaíochtaí a thuirisciú ag baint úsáide as tarchuradóirí suite fíor-ama satailíte do shoithí atá i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta i Limistéar an Choinbhinsiúin agus, i gcomhréir leis na nósanna imeachta sin, scaipeadh tráthúil na sonraí arna mbailiú ó chórais faireacháin soithí satailíte na gcomhaltaí a chomhordú;
- (f) nósanna imeachta a bhunú lena dtabharfar fógra don Choimisiún ar bhealach tráthúil maidir le soithí iascaireachta a ghabhann acmhainní iascaigh nó a bhfuil beartaíthe acu acmhainní iascaigh a ghabháil i Limistéar an Choinbhinsiúin a dhul isteach i Limistéar an Choinbhinsiúin nó é a fhágáil;
- (g) i gcás inarb iomchuí, bearta neamh-idirdhealaitheacha a bhaineann leis an margadh a bhunú a bheidh comhsheasmhach leis an dlí idirnáisiúnta chun iascaireacht NNN a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú; agus
- (h) nósanna imeachta a bhunú chun athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha an Choinbhinsiúin seo agus na mbearta arna nglacadh de bhun an Choinbhinsiúin seo.

3. Déanfaidh an Coimisiún na nithe seo a leanas:

- (a) na rialacha maidir le seoladh a chruinnithe agus maidir le feidhmiú a fheidhmeanna, lena n-áirítear Rialacha Nós Imeachta, Rialacháin Airgeadais agus rialacháin eile, a ghlacadh agus/nó a leasú de réir mar is gá, trí chomhthoil;
- (b) plean oibre agus téarmaí tagartha a ghlacadh don Choiste Eolaíoch, don Choiste Teicniúil agus um Chomhlíonadh agus, de réir mar is gá, d’fhochomhlachtaí eile;
- (c) aon cheist a bhaineann leis an mbonn eolaíoch do na cinntí a chur faoi bhráid an Choiste Eolaíoch, ar ceist í a d’fhéadfadh a bheith riachtanach don Choimisiún a ghlacadh maidir le caomhnú agus bainistíú acmhainní iascaigh agus speiceas ar den éiceachóras céanna iad nó atá ag brath ar na spriocstoic nó bainteach leo agus measúnú agus aghaidh a thabhairt ar thionchair ghníomhaíochtaí iascaireachta ar éiceachórais mhuirí leochaileacha;
- (d) na téarmaí agus na coinníollacha d’aon ghníomhaíochtaí iascaireachta turgnamhacha, eolaíochta agus taiscéaláíochta i Limistéar an Choinbhinsiúin a bhunú agus raon feidhme aon taighde eolaíoch chomhoibrithigh ar acmhainní iascaigh, éiceachórais mhuirí leochaileacha, agus speicis ar den éiceachóras céanna iad nó atá ag brath ar na spriocstoic nó bainteach leo a chinneadh;
- (e) liosta de speicis tháscacha le haghaidh éiceachórais mhuirí leochaileacha a ghlacadh agus a leasú ó am go ham a dtairmíscfeadh iascaireacht dhírithe ina leith;
- (f) caidreamh seachtrach an Choimisiúin a stiúradh; agus
- (g) cibé feidhmeanna eile a chomhlíonadh agus cibé gníomhaíochtaí eile a chur i gcrích is gá chun cuspóir an Choinbhinsiúin seo a chur chun cinn.

*Airteagal 8***Cinnteoireacht**

1. Mar riail ghinearálta, déanfaidh an Coimisiún a chinntí trí chomhthoil.
2. Ach amháin i gcás ina bhforálann an Coinbhinsiún seo go sainráite gur trí chomhthoil a ghlacfar cinneadh, má mheasann an Cathaoirleach go bhfuil na hiarrachtaí uile chun teacht ar chomhthoil ídithe:
 - (a) déanfar cinntí an Choimisiúin maidir le ceisteanna nós imeachta trí thromlach chomhaltaí an Choimisiúin a chaith vótaí dearfacha nó vótaí diúltacha; agus
 - (b) déanfar cinntí maidir le ceisteanna substainte trí thromlach trí cheathrú de chomhaltaí an Choimisiúin a chaith vótaí dearfacha nó vótaí diúltacha.
3. Nuair a bheidh an cheist ann i dtaobh ceist de shubstaint a bheith nó gan a bheith ina ceist, déileálfar leis an gceist sin mar cheist substainte.
4. Ní ghlacfar aon chinntí mura bhfuil córam dhá thrian de chomhaltaí an Choimisiúin i láthair an tráth a bheidh an cinneadh le glacadh.

*Airteagal 9***Cinntí ón gCoimisiún a chur chun feidhme**

1. Gabhfaidh éifeacht le cinntí ceangailteacha a dhéanfaidh an Coimisiún mar a leanas:
 - (a) tabharfaidh Cathaoirleach an Choimisiúin fógra i scríbhinn go pras i scríbhinn do chomhaltaí uile an Choimisiúin faoin gcinneadh sin tar éis don Choimisiún é a ghlacadh;
 - (b) beidh an cinneadh ina cheangal ar chomhaltaí uile an Choimisiúin nócha (90) lá tar éis an dáta tarchuir a bheidh sonraithe san fhógra ón gCathaoirleach á rá gur ghlac an Coimisiún an cinneadh, de bhun fhomhír (a) thuas, mura sonrúfar a mhalairt sa chinneadh;
 - (c) féadfaidh comhalta den Choimisiún agóid a dhéanamh in aghaidh cinnidh ar an aon fhoras amháin go bhfuil an cinneadh ar neamhréir le forálacha an Choinbhinsiúin seo, Choinbhinsiún 1982 nó Chomhaontú 1995, nó go ndéanann an cinneadh idirdhealú gan bonn cirt in aghaidh an chomhalta agóide;
 - (d) má dhéanann comhalta den Choimisiún agóid, cuirfidh sé é sin in iúl i scríbhinn do Chathaoirleach an Choimisiúin dhá sheachtain ar a laghad roimh an dáta a mbeidh an cinneadh ina cheangal de réir fhomhír (b) thuas; sa chás sin, ní bheidh an cinneadh ina cheangal, a mhéid a shonrófar, ar an gcomhalta sin; beidh an cinneadh ina cheangal ar na comhaltaí eile go léir, áfach, mura gcinneadh an Coimisiún a mhalairt;
 - (e) aon chomhalta den Choimisiún a thabharfaidh fógra faoi fhomhír (d) thuas sonrúidh sé an bhfuil an cinneadh ar neamhréir le forálacha an Choinbhinsiúin seo, Choinbhinsiún 1982 nó Chomhaontú 1995, nó an ndéanann sé idirdhealú dochosanta i bhfoirm nó i bhforas in aghaidh an chomhalta sin agus, san am céanna, míniú i scríbhinn a sholáthar ar na forais atá lena sheasamh. Ní mór don chomhalta bearta malartacha a ghlacadh agus a chur chun feidhme atá coibhéiseach leis an gcinneadh a ndearna sé agóid ina leith agus a mbeidh an dáta céanna cur i bhfeidhm acu;
 - (f) déanfaidh an Cathaoirleach sonraí aon fhógra agus aon mhíniú a fhaightear a scaipeadh go pras ar chomhaltaí uile an Choimisiúin de réir fhomhíreanna (d) agus (e) thuas;
 - (g) i gcás ina ndéanfaidh aon chomhalta den Choimisiún an nós imeachta a leagtar amach i bhfomhíreanna (d) agus (e) thuas a agairt, tionólfar cruinniú de chuid an Choimisiúin arna iarraidh sin d'aon chomhalta eile chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh ar tiolacadh an agóid ina leith. Tabharfaidh an Coimisiún, ar a chostas féin, cuireadh chuig an gcruinniú sin do bheirt saineolaithe nó níos mó ar náisiúnaigh iad de stáit nach comhaltaí den Choimisiún iad agus a bhfuil eolas leordhóthanach acu ar an dlí idirnáisiúnta a bhaineann le hiascaigh agus ar oibriú eagraíochtaí réigiúnacha bainistíochta iascaigh chun comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir leis an ábhar i dtrácht. Beidh roghnú agus gníomhaíochtaí na saineolaithe sin i gcomhréir leis na nósanna imeachta a bheidh le glacadh ag an gCoimisiún;

- (h) breithneoidh cruinniú an Choimisiúin an bhfuil bonn cirt leis na forais atá sonraithe don agóid arna tíolacadh ag comhalta an Choimisiúin agus an bhfuil na bearta malartacha a glacadh coibhéiseach leis an gcinneadh ar tíolacadh an agóid ina choinne nó nach bhfuil;
- (i) má fhaigheann an Coimisiún nach idirdhealú, i bhfoirm nó i bhforas, i gcoinne an chomhalta agóide den Choimisiún an cinneadh ar tíolacadh an agóid ina choinne agus nach bhfuil sé ar neamhréir leis an gCoinbhinsiún seo, le Coinbhinsiún 1982 nó le Comhaontú 1995, ach go bhfuil na bearta malartacha coibhéiseach le cinneadh an Choimisiúin agus gur chóir go nglacfaí leo amhlaidh ag an gCoimisiún, beidh na bearta malartacha ina gceangal ar an gcomhalta agóide in ionad an chinnidh a ndearnadh an agóid ina leith; agus
- (j) má chinneann an Coimisiún nach idirdhealú i bhfoirm nó i bhforas in aghaidh an chomhalta agóide an cinneadh ar tíolacadh an agóid ina choinne agus nach bhfuil sé ar neamhréir leis an gCoinbhinsiún seo, le Coinbhinsiún 1982 nó le Comhaontú 1995, ach nach bhfuil na bearta malartacha coibhéiseach leis an gcinneadh a bhfuil agóid déanta aige ina choinne, féadfaidh an comhalta agóide:
- (i) bearta malartacha éagsúla a chur i láthair a bheidh le breithniú ag an gCoimisiún;
- (ii) laistigh de chúig lá is daichead (45) an cinneadh bunaidh a raibh agóid curtha i láthair aige ina leith a chur chun feidhme; nó
- (iii) imeachtaí réitithe díospóide a thionscnamh de bhun Airteagal 19 nó mhír 4 den Iarscríbhinn.

2. Féadfaidh aon chomhalta den Choimisiún a agráionn an ceart agóide atá leagtha amach i mír 1 a fhógra agóide a tharraingt siar tráth ar bith agus teacht faoi cheangal ag an gcinneadh láithreach má bhíonn sé in éifeacht cheana nó ag cibé tráth a thiofadh sé in éifeacht faoin Airteagal seo.

Airteagal 10

An Coiste Eolaíoch

1. Cuirfidh an Coiste Eolaíoch comhairle eolaíochta agus moltaí eolaíocha ar fáil i gcomhréir leis na téarmaí tagartha don Choiste a bheidh le glacadh ag an gcéad chruinniú rialta den Choimisiún agus a leasófar ó am go ham.
2. Tiofadh an Coiste Eolaíoch le chéile, mura gcinneadh an Coimisiún a mhalairt, uair amháin gach dhá bhliain ar a laghad, agus roimh ghnáthchruinniú an Choimisiúin.
3. Déanfaidh an Coiste Eolaíoch gach iarracht a thuarascálacha a ghlacadh de chomhthoil. Má theipeann ar gach iarracht comhthoil a bhaint amach, léireofar sa tuarascáil na tuairimí tromlaigh agus na tuairimí mionlaigh agus d'fhéadfadh tuairimí éagsúla ionadaithe na gcomhaltaí maidir leis an tuarascáil ar fad nó maidir le cuid di a bheith san áireamh inti.
4. Is iad feidhmeanna an Choiste Eolaíoch:
 - (a) plean taighde a mholadh don Choimisiún, lena n-áirítear saincheisteanna agus míreanna sonracha a mbeidh ar na saineolaithe eolaíocha nó eagraíochtaí nó daoine aonair eile aghaidh a thabhairt orthu, de réir mar is iomchuí, agus riachtanais sonraí a shainaitheint agus gníomhaíochtaí a dhéanann freastal ar na riachtanais sin a chomhordú;
 - (b) na measúnuithe eolaíocha ar stádas na n-acmhainní iascaigh i Limistéar an Choinbhinsiúin a phleanáil, a sheoladh agus a athbhreithniú go rialta, na gníomhaíochtaí is gá chun iad a chaomhnú agus a bhainistiú a shainaitheint, agus comhairle agus moltaí a chur ar fáil don Choimisiún;
 - (c) faisnéis ábhartha a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh;
 - (d) measúnú a dhéanamh ar thionchair na ngníomhaíochtaí iascaireachta ar acmhainní iascaigh agus ar speicis ar leis an éiceachóras céanna iad nó atá ag brath ar na spriocstoic nó bainteach leo;
 - (e) próiseas a fhorbairt chun éiceachórais mhuirí leochaileacha a shainaitheint, lena n-áirítear critéir ábhartha chun é sin a dhéanamh, agus na limistéir nó na gnéithe arb eol, nó inar dóigh go bhfuil, na héiceachórais sin iontu, agus suíomh na n-iascach grinnill i ndáil leis na limistéir nó na gnéithe sin a shainaitheint, bunaithe ar an bhfaisnéis eolaíoch is fearr atá ar fáil, agus aird chúí á tabhairt ar an ngá atá ann faisnéis rúnda a chosaint;

- (f) speicis tháscacha bhreise d'éiceachórais mhuirí leochaileacha a dtoirmiscfear iascaireacht dhírthe ina leith a shainnaithe agus comhairle a thabhairt don Choimisiún maidir leo;
 - (g) caighdeáin agus critéir eolaíochtbhunaithe a bhunú lena chinneadh an dócha go n-imreoidh gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill tionchair dhíobhálacha shuntasacha ar éiceachórais mhuirí leochaileacha nó ar speicis mhuirí i limistéar ar leith bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta amhail Treoir Idirnáisiúnta FAO agus moladh a dhéanamh maidir le bearta chun na tionchair sin a sheachaint;
 - (h) athbhreithniú a dhéanamh ar aon mheasúnachtaí, cinntí agus bearta bainistíochta agus aon mholadh is gá a dhéanamh d'fhonn cuspóir an Choinbhinsiúin seo a bhaint amach;
 - (i) rialacha agus caighdeáin a fhorbairt lena nglacadh ag an gCoimisiún, maidir le bailiú, fíorú, tuairisciú, slándáil agus malartú sonraí maidir le hacmhainní iascaigh, maidir le speicis ar leis an éiceachóras céanna iad, nó atá ag brath ar na spriocstoic agus gníomhaíochtaí iascaireachta i Limistéar an Choinbhinsiúin nó atá bainteach leo, agus maidir le rochtain ar na sonraí sin agus iad a scaipeadh;
 - (j) a mhéid is indéanta, anailís a thabhairt don Choimisiún ar bhearta malartacha caomhnaithe agus bainistíochta a dhéanann meastachán ar a mhéid a bhainfí amach cuspóirí aon straitéise bainistíochta arna glacadh ag an gCoimisiún nó arna breithniú aige le gach rogha díobh; agus
 - (k) cibé comhairle eolaíochta eile is cuí leis nó a éileoidh an Coimisiún a sholáthar don Choimisiún.
5. Féadfaidh an Coiste Eolaíoch faisnéis faoi ábhair leasa choitinn a mhalartú le heagraíochtaí nó socrúithe eolaíoch a bhfartha eile i gcomhréir leis na rialacha agus na caighdeáin arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun fhomhír 4(i) thuas agus Airteagal 21.
6. Ní dhéanfaidh an Coiste Eolaíoch dúbláil ar ghníomhaíochtaí eagraíochtaí eolaíochta eile agus ar shocrúithe a chumhdaíonn Limistéar an Choinbhinsiúin.

Airteagal 11

An Coiste Teicniúil agus Comhlíontachta

1. Is iad feidhmeanna an Choiste Theicniúil agus Comhlíontachta:
 - (a) faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh na mbeart caomhnaithe agus bainistíochta arna nglacadh ag an gCoimisiún agus moltaí a chur faoi bhráid an Choimisiúin de réir mar is gá; agus
 - (b) athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme beart comhoibritheach maidir le faireachán, rialú, faireachas agus forfheidhmiú arna nglacadh ag an gCoimisiún agus moltaí a chur faoi bhráid an Choimisiúin de réir mar is gá.
2. Cinnfidh an Coimisiún cén uair a thionólfadh an Coiste Teicniúil agus Comhlíontachta a chéad chruinniú. Ina dhiaidh sin, tiocfaidh an Coiste Teicniúil agus Comhlíontachta le chéile, mura gcinnfidh an Coimisiún a mhalairt, uair amháin gach dhá bhliain ar a laghad, agus roimh ghnáthchruinniú an Choimisiúin.
3. Déanfaidh an Coiste Teicniúil agus Comhlíontachta gach iarracht a thuarascálacha a ghlacadh de chomhthoil. Má theipeann ar gach iarracht comhthoil a bhaint amach, léireofar sa tuarascáil na tuairimí tromlaigh agus na tuairimí mionlaigh agus d'fhéadfadh tuairimí éagsúla ionadaithe na gcomhaltaí maidir leis an tuarascáil ar fad nó maidir le cuid di a bheith san áireamh inti.
4. Le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh, déanfaidh an Coiste Teicniúil agus Comhlíontachta an méid seo a leanas:
 - (a) fóram a chur ar fáil le haghaidh malartú faisnéise maidir leis na modhanna ina bhfuil na bearta caomhnaithe agus bainistíochta arna nglacadh ag an gCoimisiún i Limistéar an Choinbhinsiúin agus na bearta comhlántacha in uisce cóngaracha, de réir mar is cuí, á gcur chun feidhme ag comhaltaí an Choimisiúin;
 - (b) fóram a chur ar fáil chun faisnéis a mhalartú maidir le forfheidhmiú, lena n-áirítear iarrachtaí, straitéisí agus pleananna forfheidhmiúcháin;
 - (c) tuarascálacha a fháil ó gach comhalta den Choimisiún maidir le bearta a ghlac an comhalta chun faireachán agus iniúchadh a dhéanamh ar shárúithe ar fhorálacha an Choinbhinsiúin seo agus ar bhearta a glacadh de bhun an Choinbhinsiúin seo agus chun pionós a ghearradh ina leith;

- (d) a chuid torthaí nó conclúidí a thuirisciú don Choimisiún maidir lena mhéid a chomhlíontar na bearta caomhnaithe agus bainistíochta;
 - (e) moltaí a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir le nithe a bhaineann le faireachán, rialú, faireachas agus forfheidhmiú;
 - (f) rialacha agus nósanna imeachta a fhorbairt lena rialófar úsáid sonraí agus faisnéise eile chun críocha faireacháin, rialaithe agus faireachais; agus
 - (g) aon ábhair eile a chuirfidh an Coimisiún faoina bhráid a bhreithniú agus/nó a iniúchadh.
5. Feidhmeoidh an Coiste Teicniúil agus Comhlíontachta a fheidhmeanna de réir na nósanna imeachta agus na dtreoirínte a ghlacfaidh an Coimisiún ó am go ham.

Airteagal 12

Buiséad

1. Íocfaidh gach comhalta den Choimisiún a chaiteachais féin as freastal ar chruinnithe den Choimisiún agus dá fhochomhlachtaí.
2. Ag gach cruinniú dá chuid, glacfaidh an Coimisiún, de chomhthoil, buiséad bliantúil le haghaidh an chéad 2 bhliain eile faoi seach. Cuirfidh an Rúnaí Feidhmiúcháin dréachtbhuiséid do gach bliain den 2 bhliain sin chuig na comhaltaí mar aon le sceideal ranníocaíochtaí tráth nach déanaí ná seasca (60) lá roimh ghnáthchruinniú an Choimisiúin ag a mbeidh na buiséid sin le breithniú. I gcás nach féidir leis an gCoimisiún teacht ar chomhthoil maidir le buiséad bliantúil a ghlacadh d'aon bhliain ar leith, tabharfar ar aghaidh buiséad an Choimisiúin don bhliain roimhe sin don bhliain sin.
3. Roinnfear an buiséad idir chomhaltaí an Choimisiúin i gcomhréir le foirmle a ghlacfaidh an Coimisiún trí chomhthoil. I gcás comhalta den Choimisiún a ghlac comhaltas i rith bliain airgeadais, déanfaidh sé ranníocaíocht leis an mbuiséad ar mhéid atá comhréireach leis an líon míonna iomlána atá fágtha sa bhliain arna ríomh ón lá a ghlac sé comhaltas.
4. Cuirfidh an Rúnaí Feidhmiúcháin méid a ranníocaíochta in iúl do gach comhalta den Choimisiún. Íocfar ranníocaíochtaí tráth nach déanaí ná ceithre mhí tar éis dháta an fhógra sin, in airgeadra an Stáit ina bhfuil Rúnaíocht an Choimisiúin suite. Comhalta den Choimisiún nach féidir leis an sprioc-am a chomhlíonadh, míneoidh sé don Choimisiún an chúis nach bhfuil sé in ann déanamh amhlaidh.
5. Comhalta den Choimisiún nach bhfuil a ranníocaíochtaí íoctha ina n-iomláine aige 2 bhliain as a chéile, ní bheidh sé i dteideal a bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht an Choimisiúin, ná ní fhéadfaidh sé agóidí a dhéanamh maidir le haon chinneadh a ghlacann an Coimisiún, go dtí go mbeidh a oibleagáidí airgeadais urscaoilte aige.
6. Déanfaidh iniúcháirí seachtracha arna roghnú ag an gCoimisiún gnóthaí airgeadais an Choimisiúin a iniúchadh go bliantúil.

Airteagal 13

Dualgais Bratstát

1. Déanfaidh gach Páirtí Conarthach cibé bearta is gá chun a áirithiú maidir le soithí iascaireachta atá i dteideal a bhratach a bheith ar foluain acu:
 - (a) agus iad ag oibriú i Limistéar an Choinbhinsiúin, go gcomhlíonann siad forálacha an Choinbhinsiúin seo agus na bearta arna nglacadh de bhun an Choinbhinsiúin seo agus nach bhfuil na soithí sin ag gabháil d'aon ghníomhaíochtaí a bhainfeadh an bonn d'éifeachtacht na mbeart sin; agus
 - (b) nach ndéanann siad gníomhaíochtaí iascaireachta neamhúdairithe laistigh de limistéir atá faoi dhlínse náisiúnta Stáit eile atá tadhlaigh le Limistéar an Choinbhinsiúin.
2. Ní cheadóidh aon Pháirtí Conarthach d'aon soitheach iascaireachta atá i dteideal a bhratach a chur ar foluain a bheith in úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta i Limistéar an Choinbhinsiúin mura mbeidh údarás nó údarás iomchuí an Pháirtí Chonarthach sin tar éis údarú dó déanamh amhlaidh. Ní údaróidh gach Páirtí Conarthach ar leith soithí atá i dteideal a bhratach a bheith ar foluain acu a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta i Limistéar an Choinbhinsiúin ach amháin i gcás ina mbeidh sé in ann a fhreagrachtaí a fheidhmiú go héifeachtach maidir leis na soithí sin faoin gCoimhinsiún seo, faoi Choinbhinsiún 1982 agus faoi Chomhaontú 1995.

3. Áiritheoidh gach Páirtí Conarthach ar leith, maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta atá i dteideal a bhratach a chur ar foluain de shárú ar fhorálacha an Choinbhinsiúin seo, agus ar bhearta a ghlacfar de bhun an Choinbhinsiúin seo agus an údaraithe i mír 2, go mbeidh na gníomhaíochtaí sin ina sárú faoina chreat dlíthiúil.
4. Cuirfidh gach Páirtí Conarthach de cheangal ar shoithí iascaireachta atá i dteideal a bhratach a bheith ar foluain acu agus atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta i Limistéar an Choinbhinsiúin:
 - (a) leas a bhaint as tarchuradóirí suite fíor-ama satailíte le linn dóibh a bheith i Limistéar an Choinbhinsiúin i gcomhréir leis na nósanna imeachta a forbraíodh de bhun Airteagal 7, fómhír 2(e);
 - (b) fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an rún atá acu dul isteach i Limistéar an Choinbhinsiúin agus é a fhágáil i gcomhréir le nósanna imeachta arna bhforbairt de bhun Airteagal 7, fómhír 2(f); agus
 - (c) fógra a thabhairt don Choimisiún faoi shuíomh aon trasloingsithe acmhainní iascaigh agus táirgí acmhainní iascaigh arna ngabháil i Limistéar an Choinbhinsiúin, go dtí go nglacfaidh an Coimisiún nósanna imeachta le haghaidh rialáil agus faireachán a dhéanamh ar thrasloingsiú de bhun Airteagal 7, fómhír 2(a).
5. Cuirfidh gach Páirtí Conarthach toirmeasc ar shoithí atá i dteideal a bhratach a bheith ar foluain acu dul i mbun iascaireacht dhírithe ar na hoird seo a leanas: Alcyonacea, Antipatharia, Gorgonacea, agus Scleractinia, chomh maith le haon speicis tháscacha eile d'éiceachórais mhuirí leochaileacha a d'fhéadfadh an Coiste Eolaíoch a shainiú ó am go ham agus a ghlacfaidh an Coimisiún.
6. Cuirfidh gach Páirtí Conarthach breathnóirí ar bord soithí iascaireachta atá i dteideal a bhratach a bheith ar foluain acu agus atá ag oibriú i Limistéar an Choinbhinsiúin i gcomhréir leis an gClár Breathnóirí a bhunófar i gcomhréir le hAirteagal 7, fómhír 2(b). Beidh clúdach céad (100) faoin gcéad faoin gClár Breathnóirí ag soithí iascaireachta atá ag gabháil d'iascaireacht ghrinnill i Limistéar an Choinbhinsiúin. Soithí iascaireachta atá ag gabháil do chineálacha eile gníomhaíochtaí iascaireachta i Limistéar an Choinbhinsiúin, beidh leibhéal clúdaigh breathnóra acu de réir mar a chinnfidh an Coimisiún.
7. Áiritheoidh gach Páirtí Conarthach go nglacfaidh soithí iascaireachta atá i dteideal a bhratach a chur ar foluain le cigirí cuí-údaraithe dul ar bord i gcomhréir leis na nósanna imeachta maidir le dul ar bord agus cigireacht a dhéanamh ar shoithí iascaireachta i Limistéar an Choinbhinsiúin a ghlac an Coimisiún de bhun Airteagal 7, fómhír 2(c). Comhlíonfaidh cigirí cuí-údaraithe na nósanna imeachta sin.
8. Chun go gcuirfeadh an Coimisiún seo chun feidhme go héifeachtach, déanfaidh gach Páirtí Conarthach an méid seo a leanas:
 - (a) taifead a choimeád de na soithí iascaireachta atá i dteideal a bhratach a bheith ar foluain acu agus atá údaraithe lena n-úsáid i ndáil le gníomhaíochtaí iascaireachta i Limistéar an Choinbhinsiúin i gcomhréir leis na ceanglais faisnéise, na rialacha, na caighdeáin agus na nósanna imeachta arna nglacadh ag an gCoimisiún;
 - (b) faisnéis, mar a chinnfidh an Coimisiún, maidir le gach soitheach iascaireachta a chuirtear isteach sa taifead a cheanglaítear a choimeád faoin mír seo a chur ar fáil go bliantúil don Choimisiún, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a bhunóidh an Coimisiún, agus cuirfidh sé aon mhodhnuithe ar an bhfaisnéis sin in iúl go pras don Choimisiún; agus
 - (c) ainmneacha na soithí iascaireachta a iontráladh sa taifead arb iad a rinne na gníomhaíochtaí iascaireachta le linn na bliana féilire roimhe sin a chur ar fáil don Choimisiún mar chuid den tuarascáil bhliantúil a cheanglaítear de bhun Airteagal 16.
9. Cuirfidh gach Páirtí Conarthach an Coimisiún ar an eolas go pras freisin maidir leis na nithe seo a leanas:
 - (a) aon rud breise a chuirtear leis an taifead; agus
 - (b) aon scríobhadh ón taifead, lena sonraítear cé acu de na cúiseanna seo a leanas is infheidhme:
 - (i) an t-údarú iascaireachta a bheith tugtha suas go deonach ag úinéir nó oibreoir an tsoithigh iascaireachta;
 - (ii) an t-údarú iascaireachta a eisíodh i ndáil leis an soitheach iascaireachta faoi mhír 2 a bheith tarraingthe siar nó gan a bheith athnuaithe;
 - (iii) nach bhfuil an soitheach iascaireachta lena mbaineann i dteideal a bhratach a bheith ar foluain aige a thuilleadh;
 - (iv) an soitheach iascaireachta lena mbaineann a dhiúscairt, a dhíchoimisiúnú nó a chailleadh; nó
 - (v) aon fhorais eile, maille le míniú sonracha.

10. Coimeádfaidh an Coimisiún a thaifead féin ar shoithí iascaireachta, bunaithe ar an bhfaisnéis a chuirfear ar fáil dó de bhun mhíreanna 8 agus 9. Cuirfidh an Coimisiún an taifead sin ar fáil go poiblí trí mhodhanna comhaontaithe, agus aird chuí á tabhairt aige ar an ngá atá le rúndacht faisnéise pearsanta a chosaint, i gcomhréir le cleachtas intíre gach Páirtí Chonarthaigh. Cuirfidh an Coimisiún ar fáil freisin d'aon Pháirtí Conarthach, arna iarraidh sin, faisnéis faoi aon soitheach a chuirfear isteach ar thaifead an Choimisiúin, ar faisnéis í nach bhfuil ar fáil go poiblí ar bhealach eile.

11. Aon Pháirtí Conarthach nach gcuirfidh isteach na sonraí agus an fhaisnéis a cheanglaítear faoi Airteagal 16, mír 3 i leith aon bhliana ina ndearnadh iascaireacht i Limistéar an Choinbhinsiúin ag soithí iascaireachta atá i dteideal a bhrtach a chur ar foluain, ní ghlacfaidh sé páirt sna hiascaigh ábhartha go dtí go mbeidh na sonraí agus an fhaisnéis sin curtha ar fáil. Beidh cur chun feidhme na míre seo á threorú a thuilleadh ag na Rialacha Nós Imeachta atá le glacadh ag an gCoimisiún.

Airteagal 14

Dualgais Stát an Chalafoirt

1. Tá sé de cheart ag Páirtí Conarthach agus de dhualgas air bearta a ghlacadh, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, chun éifeachtacht beart caomhnaithe agus bainistíochta foréigiúnach, réigiúnach agus domhanda a chur chun cinn.

2. Déanfaidh gach Páirtí Conarthach an méid seo a leanas:

(a) éifeacht a thabhairt do bhearta Stát an chalafoirt arna nglacadh ag an gCoimisiún i ndáil le teacht isteach ina chalafoirt agus úsáid na gcalafoirt ag soithí iascaireachta a rinne gníomhaíochtaí iascaireachta i Limistéar an Choinbhinsiúin lena n-áirítear, *inter alia*, maidir le tabhairt i dtír agus trasloingsiú acmhainní iascaigh, cigireacht ar shoithí iascaireachta, doiciméid, gabháil agus trealamh ar bord, agus úsáid seirbhísí calafoirt; agus

(b) cúnaimh a thabhairt do Bhratstáit, de réir mar is indéanta le réasún agus i gcomhréir lena dhlí náisiúnta agus leis an dlí idirnáisiúnta, i gcás ina mbeidh soitheach iascaireachta ina chalafoirt go deonach agus ina n-iarrfaidh Bratstát an tsoithigh ar an bPáirtí Conarthach cúnaimh a thabhairt chun a áirithiú go gcomhlíonfar forálacha an Choinbhinsiúin seo agus na bearta caomhnaithe agus bainistíochta arna nglacadh ag an gCoimisiún.

3. I gcás ina measann Páirtí Conarthach go ndearna soitheach iascaireachta a bhaineann úsáid as a chalafoirt sárú ar fhoráil den Choinbhinsiún seo nó ar bheart caomhnaithe agus bainistíochta arna ghlacadh ag an gCoimisiún, tabharfaidh sé fógra don Bhratstát lena mbaineann, don Choimisiún agus do Stáit ábhartha eile agus d'eagraíochtaí idirnáisiúnta iomchuí. Cuirfidh an Páirtí Conarthach an doiciméadacht ar an ábhar ar fáil don Bhratstát agus, de réir mar is iomchuí, don Choimisiún, lena n-áirítear aon taifead cigireachta.

4. Ní fhorléireofar aon ní san Airteagal seo mar ní a dhéanann difear d'fheidhmiú a gceannasachta ag Páirtithe Conarthacha ar chalafoirt ina gcríocha i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear a gceart chun cead isteach i gcalafoirt ina gcríoch a dhiúltú agus bearta Stát calafoirt níos déine a ghlacadh ná na bearta arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun an Choinbhinsiúin seo.

Airteagal 15

Dualgais Eintiteas Iascaireachta

Tá feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 13 agus Airteagal 14, míreanna 2 agus 3 maidir le haon eintiteas iascaireachta a chuir a ghealltanais daingean in iúl i gcomhréir leis an Iarscríbhinn.

Airteagal 16

Sonraí a Bhailiú, a Thiomsú agus a Mhalartú

1. Forbróidh an Coimisiún, agus aird iomlán á tabhairt aige ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú 1995, mar aon le forálacha ábhartha Airteagail 10 agus 11, caighdeáin, rialacha agus nósanna imeachta le haghaidh, *inter alia*, na nithe seo a leanas:

(a) na sonraí ábhartha uile a bheith á mbailiú, á bhforú agus á dtuairisciú go tráthúil chuig an gCoimisiún ag comhaltá an Choimisiúin;

- (b) sonraí cruinne agus iomlána a bheith á dtiomsú agus á mbainistiú ag an gCoimisiún chun measúnú éifeachtach stoic a éascú chun a áirithiú go bhféadfar an chomhairle eolaíochta is fearr a sholáthar;
- (c) sonraí, lena n-áirítear sonraí maidir le soithí atá i mbun iascaireacht NNN agus, de réir mar is iomchuí, maidir le húinéireacht thairbhiúil na soithí sin, a bheith á malartú idir comhaltaí an Choimisiúin, agus le heagraíochtaí agus socruithe réigiúnacha eile bainistíochta iascaigh, d'fhonn an fhaisnéis sin a chomhdhlúthú i bhformáid láraithe lena scaipeadh de réir mar is iomchuí;
- (d) doiciméadú comhordaithe agus comhroinnt sonraí idir eagraíochtaí agus socruithe réigiúnacha bainistíochta iascaigh a bheith á n-éascú, lena n-áirítear nósanna imeachta chun sonraí a mhalartú maidir le cláir soithí, agus bearta a bhaineann leis an margadh i gcás inarb infheidhme; agus
- (e) iniúchtaí rialta ar an gcaoi a gcomhlíonann comhaltaí an Choimisiúin na ceanglais maidir le sonraí a bhailiú agus a mhalartú, agus maidir le haghaidh a thabhairt ar aon neamhchomhlíonadh a shainaithneofar in iniúchtaí den sórt sin.

2. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh sonraí ar fáil go poiblí maidir le líon na soithí iascaireachta a oibríonn i Limistéar an Choinbhinsiúin, stádas na n-acmhainní iascaigh arna mbainistiú faoin gCoinbhinsiún seo, measúnuithe ar acmhainní iascaigh, cláir thaighde i Limistéar an Choinbhinsiúin, agus tionscnaimh chomhoibritheacha le heagraíochtaí réigiúnacha agus domhanda.

3. Bunóidh an Coimisiún formáid na tuarascála bliantúla a bheidh le tólacadh ag gach comhalta den Choimisiún. Cuirfidh gach comhalta den Choimisiún a thuarascáil bhliantúil faoi bhráid an Choimisiúin gan mhoill i gcomhréir leis an bhformáid sin. Áireofar sa tuarascáil bhliantúil cur síos ar an gcaoi a bhfuil na bearta caomhnaithe agus bainistíochta curtha chun feidhme ag an gcomhalta den Choimisiún, mar aon le nósanna imeachta faireacháin, rialaithe agus faireachais agus forfheidhmithe arna nglacadh ag an gCoimisiún, lena n-áirítear toradh aon ghníomhaíochtaí atá déanta ag an gcomhalta i ndáil le hAirteagal 17, chomh maith le faisnéis ar aon ábhair bhreise a chinneadh an Coimisiún.

4. Bunóidh an Coimisiún rialacha chun slándáil sonraí, rochtain ar shonraí agus scaipeadh sonraí a áirithiú, lena n-áirítear sonraí a thuairiscítear trí tharchuradóirí suite fíor-ama satailíte, agus rúndacht á coimeád i gcás inarb iomchuí agus aird chuí á tabhairt ar chleachtais intíre chomhaltaí an Choimisiúin.

Airteagal 17

Comhlíonadh agus Forfheidhmiú

1. Déanfaidh gach comhalta den Choimisiún forálacha an Choinbhinsiúin seo agus aon chinntí ábhartha ón gCoimisiún a fhorfheidhmiú.

2. Déanfaidh gach comhalta den Choimisiún, ar a thionscnamh féin nó ar iarratas ó aon chomhalta eile den Choimisiún agus nuair a thugtar an fhaisnéis ábhartha dó, imscrúdú iomlán ar aon líomhain go bhfuil aon cheann d'fhorálacha an Choinbhinsiúin seo nó aon bheart caomhnaithe agus bainistíochta arna ghlacadh ag an gCoimisiún sáraithe ag soithí iascaireachta atá i dteideal a bhrtach a bheith ar foluain acu.

3. I gcás ina mbeidh faisnéis leordhóthanach ar fáil i ndáil le sárú líomhnaithe ar fhorálacha an Choinbhinsiúin seo nó ar bhearta arna nglacadh de bhun an Choinbhinsiúin seo ag soitheach iascaireachta atá i dteideal a bhrtach a bheith ar foluain aige:

(a) cuirfear an sárú líomhnaithe in iúl go pras do chomhalta an Choimisiúin; agus

(b) déanfaidh comhalta an Choimisiúin na gníomhaíochtaí iomchuí i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin, lena n-áirítear imeachtaí a thionscnamh gan mhoill agus, i gcás inarb iomchuí, an soitheach lena mbaineann a choinneáil.

4. I gcás ina súfear, i gcomhréir le dlíthe comhalta den Choimisiún, go raibh baint ag soitheach iascaireachta atá i dteideal bratach an chomhalta sin a chur ar foluain le sárú tromchúiseach a dhéanamh ar fhorálacha an Choinbhinsiúin seo nó ar aon bhearta caomhnaithe agus bainistíochta arna nglacadh ag an gCoimisiún, ordóidh an comhalta sin den Choimisiún don soitheach iascaireachta scor d'oibríochtaí agus, i gcásanna iomchuí, ordóidh sé don soitheach iascaireachta Limistéar an Choinbhinsiúin a fhágáil láithreach. Áiritheoidh comhalta an Choimisiúin nach mbeidh an soitheach lena mbaineann ag gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta i Limistéar an Choinbhinsiúin d'acmhainní iascaigh go dtí go gcomhlíonfar na smachtbhannaí uile atá fós le cur i bhfeidhm ag an gcomhalta sin i leith an tsáraithe.

5. Chun críocha an Airteagail seo, áireofar le sárú tromchúiseach aon cheann de na sárúithe a shonraítear in Airteagal 21, fómhíreanna 11 (a) go (h) de Chomhaontú 1995 agus cibé sárúithe eile a chinnfidh an Coimisiún.
6. Más rud é, laistigh de thrí (3) bliana ó theacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin seo, nach mbeidh an Coimisiún in ann comhaontú ar nósanna imeachta maidir le dul ar bord soithí iascaireachta agus cigireacht a dhéanamh orthu i Limistéar an Choinbhinsiúin, beidh feidhm ag Airteagal 21 agus 22 de Chomhaontú 1995 amhail is dá mba chuid den Choinbhinsiún seo iad. Déanfar bordáil agus cigireacht ar shoithí iascaireachta i Limistéar an Choinbhinsiúin, mar aon le haon ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach sna hAirteagail sin agus i gcomhréir le haon nósanna imeachta praiticiúla breise den sórt sin a chinnfidh an Coimisiún.
7. Gan dochar do phríomhfhreagracht an Bhratstáit, déanfaidh gach comhalta den Choimisiún, i gcomhréir lena dhlíthe:
- (a) a mhéid is féidir, bearta a dhéanamh agus comhoibriú chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh a náisiúnaigh, agus soithí iascaireachta atá faoi úinéireacht a náisiúnach, atá á n-oibriú nó á rialú ag a náisiúnaigh, forálacha an Choinbhinsiúin seo agus aon bhearta caomhnaithe agus bainistíochta arna nglacadh ag an gCoimisiún; agus
- (b) ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin d'aon chomhalta eile den Choimisiún agus nuair a sholáthraítear an fhaisnéis ábhartha dó, imscrúdóidh sé go pras aon sárú líomhnaithe a rinne náisiúnaigh dá chuid, nó soithí iascaireachta ar leis iad, atá á n-oibriú nó á rialú ag a náisiúnaigh, ar fhorálacha an Choinbhinsiúin seo nó ar aon bhearta caomhnaithe agus bainistíochta arna nglacadh ag an gCoimisiún.
8. Déanfar gach imscrúdú agus gach imeacht breithiúnach go gasta. Maidir leis na smachtbhannaí dá bhforáiltear i ndlíthe agus rialacháin ábhartha chomhaltaí an Choimisiúin, beidh siad sách dian le go mbeidh siad éifeachtach chun comhlíonadh a áirithiú agus chun sárúithe a dhíspreagadh cibé áit a dtarlaíonn siad, agus bainfear de na ciontóirí na sochair a fhabhróidh óna ngníomhaíochtaí neamhdhleathacha.
9. Déanfar tuarascáil ar dhul chun cinn aon imscrúdaithe arna sheoladh de bhun mhíreanna 2, 3, 4 nó 7, lena n-áirítear sonraí faoi aon ghníomh a rinneadh nó a bheartaítear a dhéanamh i ndáil leis an sárú líomhnaithe, a sholáthar don chomhalta den Choimisiún a dhéanann an iarraidh agus don Choimisiún a luaithe is indéanta agus in aon chás laistigh de dhá mhí ón iarraidh. Cuirfear tuarascáil ar thoradh an imscrúdaithe ar fáil don chomhalta den Choimisiún a dhéanann an iarraidh agus don Choimisiún nuair a bheidh an t-imscrúdú críochnaithe.
10. Tá forálacha an Airteagail seo gan dochar do na nithe seo a leanas:
- (a) cearta aon chomhaltaí den Choimisiún de réir a ndlíthe agus a rialachán a bhaineann le hiascaigh; agus
- (b) cearta aon cheann de na Páirtithe Conarthacha i ndáil le haon fhoráil a bhaineann le comhlíonadh agus forfheidhmiú atá in aon chomhaontú déthaobhach nó iltaobhach ábhartha nach bhfuil ar neamhréir le forálacha an Choinbhinsiúin seo, Choinbhinsiún 1982 nó Chomhaontú 1995.

Airteagal 18

An Trédhearcacht

Cuirfidh an Coimisiún an trédhearcacht chun cinn ina phróisis chinnteoireachta agus ina ghníomhaíochtaí eile. Tabharfar an deis d'ionadaithe ó eagraíochtaí idir-rialtasacha agus ó eagraíochtaí neamhrialtasacha a bhfuil baint acu le nithe atá ábhartha maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin seo a bheith rannpháirteach i gcruinnithe an Choimisiúin agus a fhochoimplachtaí mar bhreathnóirí nó eile a mheasann comhaltaí den Choimisiún a bheith iomchuí agus de réir mar a fhoráiltear sna Rialacha Nós Imeachta a ghlacfaidh an Coimisiún. Ní bheidh na nósanna imeachta sriantach go míchuí ina leith sin. Tabharfar rochtain thráthúil do na heagraíochtaí idir-rialtasacha agus do na heagraíochtaí neamhrialtasacha ar fhaisnéis ábhartha faoi réir na rialacha agus na nósanna imeachta a fhéadfaidh an Coimisiún a ghlacadh. Déanfar aon bhearta caomhnaithe, bainistíochta agus aon bhearta nó nithe eile a chinnfidh an Coimisiún nó fochomhlachtaí a chur ar fáil go poiblí mura gcinnfidh an Coimisiún a mhalaírt.

*Airteagal 19***Réiteach Díospóidí**

Tá feidhm, *mutatis mutandis*, ag na forálacha a bhaineann le díospóidí a réiteach a leagtar amach i gCuid VIII de Chomhaontú 1995 maidir le haon díospóid idir na Páirtithe Conarthacha, bíodh siad ina bPáirtithe i gComhaontú 1995 nó ná bíodh.

*Airteagal 20***Comhar le Páirtithe Neamhchonarthacha**

1. Malartóidh comhaltaí an Choimisiúin faisnéis maidir le gníomhaíochtaí soithí iascaireachta i Limistéar an Choinbhinsiúin atá i dteideal bratach Páirtithe neamhChonarthacha den Choinbhinsiún seo a chur ar foluain.
2. Déanfaidh an Coimisiún aird aon Pháirtí neamhChonarthach sa Choinbhinsiún seo a tharraingt ar aon ghníomhaíocht a ghabhann a náisiúnaigh nó a shoithí iascaireachta atá i dteideal a bhraatach a bheith ar foluain acu, ar gníomhaíocht í a dhéanann difear, i dtuairim an Choimisiúin, do bhaint amach chuspóir an Choinbhinsiúin seo.
3. Iarrfaidh an Coimisiún ar an bPáirtí neamhChonarthach a shaináithnítear i mír 2 comhoibriú go hiomlán leis an gCoimisiún trí bheith ina Pháirtí Conarthach nó trí chomhaontú na bearta caomhnaithe agus bainistíochta arna nglacadh ag an gCoimisiún a chur i bhfeidhm. Faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha a bhunóidh an Coimisiún, féadfaidh Páirtí neamhChonarthach comhoibritheach den sórt sin sa Choinbhinsiún seo tairbhe a bhaint as rannpháirteachas in iascach a bheidh ar comhréir, *inter alia*, lena ghealltanais bearta caomhnaithe agus bainistíochta a chomhlíonadh agus lena thaifead ar chomhlíonadh na mbearta caomhnaithe agus bainistíochta i leith na n-acmhainní iascaigh iomchuí agus aon ranníocaíocht airgeadais a thugann sé don Choimisiún.
4. Déanfaidh gach ball den Choimisiún bearta a bheidh i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún seo, le Coinbhinsiún 1982, le Comhaontú 1995 agus le dlí ábhartha idirnáisiúnta eile chun gníomhaíochtaí soithí iascaireachta atá i dteideal bratach na bPáirtithe neamhChonarthacha sa Choinbhinsiún seo a chur ar foluain, ar gníomhaíochtaí iad a bhaineann an bonn d'éifeachtacht bearta caomhnaithe agus bainistíochta arna nglacadh ag an gCoimisiún, a dhíspreagadh.
5. Déanfaidh gach comhalta den Choimisiún bearta iomchuí, i gcomhréir lena dhlíthe, chun cosc a chur ar shoithí atá i dteideal a bhraatach a bheith ar foluain acu a gclárúchán a aistriú chuig Páirtithe neamhChonarthacha sa Choinbhinsiún seo ionas go bhféadfár éalú ó fhorálacha an Choinbhinsiúin seo a chomhlíonadh.

*Airteagal 21***Comhar le hEagraíochtaí nó Socruithe Eile**

1. Comhoibreoidh an Coimisiún, de réir mar is iomchuí, maidir le cúrsaí leasa fhrithpháirtigh le FAO, le gníomhaireachtaí speisialaithe eile de chuid na Náisiún Aontaithe agus le heagraíochtaí nó socruithe réigiúnacha ábhartha, go háirithe leis na heagraíochtaí réigiúnacha bainistíochta iascaigh sin nó socruithe a bhfuil freagracht orthu maidir le hiascaigh i limistéir mhuirí gar do Limistéar an Choinbhinsiúin nó tadhlaigh leis.
2. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh na bearta caomhnaithe agus bainistíochta nó na moltaí arna nglacadh ag eagraíochtaí agus socruithe réigiúnacha bainistíochta iascaigh agus eagraíochtaí idir-rialtasacha ábhartha eile a bhfuil inniúlacht acu i ndáil le limistéir atá tadhlaigh le Limistéar an Choinbhinsiúin nó i ndáil le hacmhainní iascaigh nach gcumhdaítear leis an gCoinbhinsiún seo, speicis ar leis an éiceachóras céanna iad nó atá ag brath ar na spriocstoic nó bainteach leis, agus a bhfuil cuspóirí acu atá i gcomhréir le cuspóir an Choinbhinsiúin seo agus a thacaíonn leis an gCuspóir sin.
3. Féachfaidh an Coimisiún le caidrimh oibre chomhoibritheacha a fhorbairt agus féadfaidh sé comhaontuithe a dhéanamh chun na críche sin le heagraíochtaí idir-rialtasacha ar féidir leo cur lena chuid oibre agus a bhfuil inniúlacht acu maidir le caomhnú fadtéarmach agus úsáid inbhuanaithe beo-acmhainní agus a n-éiceachóras a áirithiú. Féadfaidh sé iarraidh ar na heagraíochtaí sin breathnóirí a chur chuig a chruinnithe nó chuig cruinnithe aon cheann dá fhochuideachtaí. Féadfaidh sé freisin féachaint le páirt a ghlacadh i gcruinnithe na n-eagraíochtaí sin de réir mar is iomchuí.

4. Féachfaidh an Coimisiún le socruithe oiriúnacha a dhéanamh le haghaidh comhairliúcháin, comhair agus comhoibrithe le heagraíochtaí nó socruithe réigiúnacha eile bainistíochta iascaigh d'fhonn na hinstiúidí atá ann cheana a úsáid, a mhéid is féidir, chun cuspóir an Choinbhinsiúin seo a bhaint amach. I ndáil leis sin, féachfaidh an Coimisiún le comhar a bhunú maidir le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin leis na heagraíochtaí sin agus na socruithe sin lena gcuirfear na gníomhaíochtaí sin i gcrích i Limistéar an Choinbhinsiúin.

Airteagal 22

Athbhreithniú

1. Eagróidh an Coimisiún athbhreithnithe tráthrialta ar a éifeachtaí atá na bearta caomhnaithe agus bainistíochta arna ghlacadh aige agus a gcomhlíonadh ó thaobh chuspóir an Choinbhinsiúin seo a bhaint amach. Féadfaidh scrúdú ar éifeachtacht fhorálacha an Choinbhinsiúin féin a bheith ar áireamh sna hathbhreithnithe sin.
2. Cinnfidh an Coimisiún téarmaí tagartha agus modheolaíocht na n-athbhreithnithe sin agus déanfar an méid seo a leanas iontu:
 - (a) cleachtas eagraíochtaí réigiúnacha eile bainistíochta iascach a chur san áireamh agus athbhreithnithe feidhmíochta á ndéanamh acu;
 - (b) ranníocaíochtaí ó na fochomhlachtaí a áireamh ann de réir mar is cuí; agus
 - (c) rannpháirtíocht duine nó daoine a bhfuil inniúlacht aitheanta acu agus a bheidh neamhspleách ar chomhaltaí an Choimisiúin a áireamh ann freisin.
3. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh na moltaí a eascróidh as aon athbhreithniú den sórt sin agus déanfaidh sé bearta, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear leasú iomchuí a dhéanamh ar a bhearta caomhnaithe agus bainistíochta agus ar na sásraí lena gcur chun feidhme. Maidir le haon tograí chun leasú a dhéanamh ar fhorálacha an Choinbhinsiúin seo a éiríonn as aon athbhreithniú den sórt sin, déileálfar leo de réir Airteagal 29.
4. Cuirfear torthaí aon athbhreithnithe den sórt sin agus torthaí aon mheasúnaithe a dhéanfaidh an Coimisiún ina dhiaidh sin ar fáil go poiblí a luaithe is féidir tar éis iad a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Airteagal 23

Síniú, Daingniú, Glacadh agus Formheas

1. Beidh an Coinbhinsiún seo ar oscailt chun a shíniú i Súl an 1 Aibreán 2012 ag na Stáit a ghlac páirt sna Cruinnithe Iltaobhacha maidir le Bainistíú Iascach Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh agus fanfaidh sé ar oscailt chun a shíniú ar feadh dhá mhí dhéag (12).
2. Beidh an Coinbhinsiún seo faoi réir a dhaingnithe, a ghlactha nó a fhorghníomhaigh ag na Síniúcháin. Taiscfear ionstraimí daingniúcháin, glactha nó formheasta le Rialtas Phoblacht na Cóiré, arb é an Taiscí é. Cuirfidh an Taiscí na Síniúcháin go léir agus na Páirtithe Conarthacha go léir ar an eolas faoi gach daingniú, glacadh nó formheas a bheidh taiscthe agus comhlíonfaidh sé cibé feidhmeanna eile dá bhforáiltear i gCoinbhinsiún Vín 1969 maidir le dlí na gConarthaí agus sa dlí idirnáisiúnta gnách.

Airteagal 24

Aontachas

1. Beidh an Coinbhinsiún seo ar oscailt le haghaidh aontachas na Stát dá dtagraítear in Airteagal 23, mír 1.
2. Tar éis don Choinbhinsiún seo teacht i bhfeidhm, féadfaidh na Páirtithe Conarthacha a iarraidh, trí chomhthoil, aontú don Choinbhinsiún seo:
 - (a) Stáit eile nó eagraíochtaí réigiúnacha um chomhtháthú eacnamaíoch ar mian lena soithí iascaireachta gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh le haghaidh acmhainní iascaigh i Limistéar an Choinbhinsiúin; agus
 - (b) Stáit chósta eile Limistéar an Choinbhinsiúin.

3. Aon Pháirtí Conarthach nach dtagann faoin gcomhthoil i ndáil le mír 2, cuirfidh sé na cúiseanna atá aige gan déanamh amhlaidh faoi bhráid an Choimisiúin i scríbhinn.
4. Taiscfear na hionstraimí aontachais leis an Taiscí. Cuirfidh an Taiscí gach aontachas in iúl do na Síntitheoirí agus do na Páirtithe Conarthacha uile.

Airteagal 25

Teacht i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm céad ochtó (180) lá ón dáta a gheobhaidh Taiscí an ceathrú hionstraim dhaingniúcháin, ghlactha, formheasta nó aontachais.
2. I gcás Páirtithe Conarthacha a thaisc ionstraim dhaingniúcháin, ghlactha, formheasta nó aontachais maidir leis an gCoinbhinsiún seo tar éis na ceanglais maidir le teacht i bhfeidhm a bheith comhlíonta ach roimh an dáta a dtiocfaidh an ionstraim i bhfeidhm, beidh éifeacht ag an daingniú, ag an nglacadh, ag an bhformheas nó ag an aontachas ar dháta an Choinbhinsiúin seo a theacht i bhfeidhm nó tríocha (30) lá tar éis an dáta a thaiscfear an ionstraim, cibé dáta acu is déanaí.
3. Maidir le Páirtithe Conarthacha a mbeidh ionstraim dhaingniúcháin, ghlactha, formheasta nó aontachais taiscthe acu tar éis an dáta a tháinig an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm, tiocfaidh an Coinbhinsiún seo in éifeacht tríocha (30) lá tar éis an dáta a thaiscfear an ionstraim.

Airteagal 26

Forchoimeádais agus Eisceachtaí

Ní fhéadfar aon fhorchoimeádas ná eisceacht a dhéanamh maidir leis an gCoinbhinsiún seo.

Airteagal 27

Dearbhuithe agus Ráitis

Ní choisceann Airteagal 26 Stát nó eagraíocht réigiúnach um chomhtháthú eacnamaíochta, agus é nó í ag síniú, ag daingniú, ag glacadh, ag formheas nó ag aontú don Choinbhinsiún seo, dearbhuithe nó ráitis a dhéanamh, cibé friotal a úsáidtear nó cibé ainm a thugtar dóibh, d'fhonn, inter alia, a dhlíthe agus a rialacháin a chomhchuíbhiú le forálacha an Choinbhinsiúin seo, ar choinníoll nach n-airbheartaíonn na dearbhuithe nó na ráitis sin éifeacht dhlíthiúil fhorálacha an Choinbhinsiúin seo a eisiamh ná a mhodhnú maidir lena bhfeidhmiú maidir leis an Stát sin nó leis an eagraíocht réigiúnach um lánpháirtíú eacnamaíoch.

Airteagal 28

Gaol le Comhaontuithe Eile

1. Ní athróidh an Coinbhinsiún seo cearta agus oibleagáidí Páirtithe Conarthacha a eascraíonn as comhaontuithe eile atá ar comhréir leis an gCoinbhinsiún seo agus nach ndéanann difear do Pháirtithe Conarthacha eile a gcearta a theachtadh nó a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoin gCoinbhinsiún seo.
2. Ní dhéanfaidh aon ní sa Choinbhinsiún seo dochar do chearta, do dhlínse ná do dhualgais na bPáirtithe Conarthacha faoi Choinbhinsiún 1982 nó faoi Chomhaontú 1995. Déanfar an Coinbhinsiún seo a léiriú agus a chur chun feidhme i gcomhthéacs Choinbhinsiún 1982 agus Chomhaontú 1995 agus ar bhealach atá i gcomhréir leo.

Airteagal 29

Leasuithe

1. Déanfar aon togra chun an Coinbhinsiún seo a leasú a chur i scríbhinn chuig Cathaoirleach an Choimisiúin nócha (90) lá ar a laghad roimh an gruinniú ag a mbeartaítear é a bhreithniú, agus déanfaidh Cathaoirleach an Choimisiúin an togra a tharchur go pras chuig comhaltaí uile an Choimisiúin. Déanfar leasuithe beartaithe ar an gCoinbhinsiún seo a

bhreithniú ag gnáthchruinniú an Choimisiúin, mura n-iarrfaidh tromlach de chomhaltaí an Choimisiúin ar chruinniú speisialta an leasú beartaithe a phlé. Féadfar cruinniú speisialta a chomóradh le fógra nócha (90) lá ar a laghad.

2. Glacfaidh na Páirtithe Conarthacha leasuithe ar an gCoinbhinsiún seo ag an gCoimisiún trí chomhthoil. Déanfaidh an Taiscí téacs aon leasuithe a ghlacfar amhlaidh a tharchur chuig gach Páirtí Conarthach.
3. Beidh éifeacht le leasú maidir le gach Páirtí Conarthach céad is fiche (120) lá tar éis an dáta tarchuir a bheidh sonraithe san fhógra ón Taiscí á rá go bhfuair gach Páirtí Conarthach fógra i scríbhinn maidir le formheas.
4. Aon Stát nó eagraíocht réigiúnach um chomhtháthú eacnamaíoch a thiocfaidh chun bheith ina Pháirtí Conarthach sa Choinbhinsiún seo tar éis leasú a ghlacadh i gcomhréir le mír 2, measfar go mbeidh an leasú sin formheasta acu.

Airteagal 30

Iarscríbhinn

Beidh an Iarscríbhinn ina dlúthchuid den Choinbhinsiún seo agus, mura bhforáiltear a mhalairt go sainráite, foláionn tagairt don Choinbhinsiún seo tagairt don Iarscríbhinn.

Airteagal 31

Tarraingt siar

1. Féadfaidh aon Pháirtí Conarthach tarraingt siar ón gCoinbhinsiún ar an 31 Nollaig aon bhliain trí fhógra a thabhairt don Taiscí roimh nó ar an 30 Meitheamh roimhe sin agus cuirfidh an Taiscí cóipeanna den fhógra sin chuig Páirtithe Conarthacha eile.
2. Féadfaidh aon Pháirtí Conarthach eile tarraingt siar ón gCoinbhinsiún an 31 Nollaig chéanna ansin trí fhógra a thabhairt don Taiscí laistigh de mhí amháin ó chóip d'fhógra tarraingthe siar a bheidh tugtha de bhun mhír 1 a fháil.

DÁ FHIANÚ SIN, tá na daoine a bhfuil a síniú anseo thíos, agus iad údaraithe go cuí ag a Rialtais faoi seach , tar éis an Coinbhinsiún seo a shíniú.

ARNA DHÉANAMH i dtóiceo, an ceathrú lá is fiche d'Fheabhra 2012, i mBéarla agus i bhFraincis, agus comhúdarás ag gach téacs acu.

*Iarscríbhinn***Eintitis Iascaireachta**

1. Tar éis don Choinbhinsiún seo teacht i bhfeidhm, féadfaidh aon eintiteas iascaireachta a ndearna a shoithí iascaireacht nó a bhfuil sé beartaithe ag a shoithí iascaireacht a dhéanamh ar acmhainní iascaigh, trí ionstraim i scríbhinn a sheachadfar don Taiscí, a ghealltanais daingean a chur in iúl cloí le téarmaí an Choinbhinsiúin seo agus aon bhearta caomhnaithe agus bainistíochta a ghlacfar de bhun an Choinbhinsiúin seo a chomhlíonadh. Tiocfaidh an gealltanais sin in éifeacht tríocha (30) lá ón dáta a bhfaighfear an ionstraim. Féadfaidh aon eintiteas iascaireachta den sórt sin an gealltanais sin a tharraingt siar an 31 Nollag aon bhliain trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Taiscí roimh nó ar an 30 Meitheamh roimhe sin.
 2. Féadfaidh aon eintiteas iascaireachta dá dtagraítear i mír 1, trí ionstraim i scríbhinn a sheachadfar chuig an Taiscí, a ghealltanais daingean a chur in iúl cloí le téarmaí an Choinbhinsiúin seo mar a fhéadfar é a leasú de bhun Airteagal 29, mír 3. Beidh éifeacht leis an ngealltanais sin ó na dátaí dá dtagraítear in Airteagal 29, mír 3 nó ar an dáta a fhaightear an teachtaireacht i scríbhinn dá dtagraítear sa mhír seo, cibé acu is déanaí.
 3. Eintiteas iascaireachta a bhfuil gealltanais daingean tugtha aige cloí le téarmaí an Choinbhinsiúin seo agus na bearta caomhnaithe agus bainistíochta arna nglacadh de bhun an Choinbhinsiúin seo i gcomhréir le mír 1 a chomhlíonadh, ní mór dó oibleagáidí chomhaltaí an Choimisiúin a chomhlíonadh agus féadfaidh sé páirt a ghlacadh in obair an Choimisiúin, lena n-áirítear cinnteoireacht, i gcomhréir le forálacha an Choinbhinsiúin seo. Chun críocha an Choinbhinsiúin seo, foláionn tagairtí don Choimisiún nó do chomhaltaí an Choimisiúin eintiteas iascaireachta den sórt sin.
 4. Má bhaineann díospóid le heintiteas iascaireachta a chuir in iúl go bhfuil sé tiomanta a bheith faoi cheangal ag téarmaí an Choinbhinsiúin seo i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo agus nach féidir í a réiteach ar mhodh cairdiúil, cuirfear an díospóid, arna iarraidh sin d'aon pháirtí sa díospóid, faoi eadráin chríochnaitheach cheangailteach de réir rialacha ábhartha na Buan-Chúirte Eadrána.
 5. Is chun críoch an Choinbhinsiúin seo amháin iad forálacha na hIarscríbhinne seo a bhaineann le rannpháirtíocht eintitis iascaireachta.
-

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/315 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Nollaig 2021

Iena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/161 a mhéid a bhaineann leis an maolú ó oibleagáid na mórdhíoltóirí i dtaobh aitheantóirí uathúla na dtáirgí íocshláinte arna n-onnmhairiú chuig an Ríocht Aontaithe a dhíchoimisiúnú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte le húsáid ag an duine ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 54a(2), pointe (d) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 22(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/161 ón gCoimisiún ⁽²⁾, tá an mórdhíoltóir le haitheantóir uathúil táirgí íocshláinte a bhfuil sé beartaithe aige iad a dháileadh lasmuigh den Aontas a dhíchoimisiúnú.
- (2) An 1 Feabhra 2020, tharraing an Ríocht Aontaithe siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach. De bhun Airteagail 126 agus 127 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (“an Comhaontú um Tharraingt Siar”), b’infheidhme dlí an Aontais maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe le linn idirthréimhse ar tháinig deireadh léi an 31 Nollaig 2020 (“idirthréimhse”).
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 185 den Chomhaontú um Tharraingt Siar agus Airteagal 5(4) den Phrótocal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann, bhí feidhm ag reachtaíocht an Aontais i dTuaisceart Éireann go fóill tar éis dheireadh na hidirthréimhse.
- (4) Mura mbeadh maolú ó na rialacha is infheidhme déanta, bheadh d’éifeacht ag tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas gur ghá aitheantóirí uathúla a dhíchoimisiúnú le haghaidh táirgí íocshláinte atá ceaptha le dáileadh sa Ríocht Aontaithe ach ní i dTuaisceart Éireann.
- (5) An 13 Eanáir 2021, leasaíodh Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/161 le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/457 ón gCoimisiún ⁽³⁾ chun foráil do mhaolú ón gceanglas aitheantóirí uathúla ar tháirgí a onnmhairítear go dtí an Ríocht Aontaithe a dhíchoimisiúnú go dtí an 31 Nollaig 2021. Bhí i gceist leis an maolú sin a áirithiú go soláthrófaí táirgí íocshláinte go dtí margaí beaga atá i dtuilleamaí mhargadh na Ríochta Aontaithe go stairiúil, i.e. Tuaisceart Éireann, an Chipir, Éire agus Málta. Sna margaí beaga sin atá i dtuilleamaí na Ríochta Aontaithe go stairiúil, cheannaíodh mórdhíoltóirí gan údaruithe monaraíochta agus allmhairiúcháin táirgí íocshláinte ón Ríocht Aontaithe, agus ceannaíonn go fóill, agus in éagmais na n-údaruithe sin níl siad in ann na ceanglais allmhairiúcháin a leagtar síos i dTreoir 2001/83/CE agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/161 a chomhlíonadh.

⁽¹⁾ IO L 311, 28.11.2001, lch. 67.

⁽²⁾ Rialachán Tarmligthe an Choimisiúin (AE) 2016/161 an 2 Deireadh Fómhair 2015 lena bhforlíontar Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir leis na gnéithe sábháilteachta atá le feiceáil ar phacáistiú táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 32, 9.2.2016, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/457 ón gCoimisiún an 13 Eanáir 2021 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/161 a mhéid a bhaineann le maolú ó oibleagáid na mórdhíoltóirí i dtaobh aitheantóirí uathúla na dtáirgí arna n-onnmhairiú chuig an Ríocht Aontaithe a dhíchoimisiúnú (IO L 91, 17.3.2021, lch. 1).

- (6) Chun a áirithiú go leanfar de tháirgí íocshláinte a mhargú agus aitheantóir uathúil acu i dTuaisceart Éireann, sa Chipir, in Éirinn agus i Málta, is gá síneadh breise a chur leis an maolú sealadach ón gceanglas aitheantóirí uathúla ar tháirgí a onnmhairítear chuig an Ríocht Aontaithe a dhíchoimisiúnú. Tá tréimhse 3 bliana bhreise ag teastáil chun go leor ama a thabhairt d'earnáil na tionsclaíochta slabhraí soláthair na gcógas atá ceaptha do Thuaisceart Éireann, don Chipir, d'Éirinn agus do Mhálta a oiriúnú. Ba cheart an maolú a theorannú, áfach, do tháirgí íocshláinte atá ceaptha do mhargadh na Ríochta Aontaithe amháin nó do mhargadh na Ríochta Aontaithe i bpáirt leis an gCipir, le hÉirinn nó le Málta. Níor cheart feidhm a bheith aige maidir le táirgí atá ceaptha do mhargaí seachas an Ríocht Aontaithe ná maidir le táirgí atá pacáistithe i lipéadú uile-Aontais nó i lipéadú domhanda. Níor cheart go gcuirfeadh an maolú sin isteach ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Phrótocal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar i gcomhar le hIarscríbhinn 2 den Phrótocal sin.
- (7) D'fhonn freastal ar shaintréithe sonracha na slabhraí soláthair náisiúnta, le hAirteagal 23 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/161 ceadaítear do na Ballstáit a cheangal ar mhórdhíoltóirí aitheantóirí uathúla a fhíorú agus a dhíchoimisiúnú thar ceann liosta daoine nó institiúidí dá dtagraítear san Airteagal sin. I gcuid mhór cásanna chiallódh sé sin gur cheart do mhórdhíoltóirí atá bunaithe i gcodanna den Ríocht Aontaithe seachas Tuaisceart Éireann aitheantóirí uathúla na gcógas a sholáthraítear do na daoine nó do na hinstiúidí sin i dTuaisceart Éireann a fhíorú agus a dhíchoimisiúnú. Os rud é nach bhfuil na mórdhíoltóirí sin nasctha le córas stórais an Aontais, is gá maolú eisceachtúil a dheonú dóibh ón gceanglas aitheantóirí uathúla ar tháirgí íocshláinte a dhíchoimisiúnú ionas go mbeidh an t-am ag na mórdhíoltóirí sin na hoibríochtaí fíoraithe agus díchoimisiúnaithe a bhogadh go Tuaisceart Éireann.
- (8) Is é is cuspóir do Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/161 sonraíochtaí an aitheantóra uathúil, na ngnéithe sábháilteachta agus chóras na stóras a leagan amach d'fhonn córas fíordheimhnithe iontaoifa a bhunú le haghaidh táirgí íocshláinte san Aontas. Baintear an bonn den iontaoibh fhriothpháirteach sin má bhíonn stórais lasmuigh den Aontas in ann ábhar íogair a uaslódáil agus a rochtain sa chóras, go háirithe i bhfianaise na n-acmhainní teoranta atá ann chun maoirseacht a dhéanamh ar stórais den sórt sin.
- (9) D'fhonn a áirithiú nach gcuirtear táirgí íocshláinte a athallmhairítear isteach san Aontas ar an margadh in áit eile seachas i dTuaisceart Éireann, sa Chipir, in Éirinn agus i Málta, is gá a áirithiú go dtugann córas na stóras foláireamh nuair a fhóraítear táirgí íocshláinte in áit eile san Aontas. Ba cheart do mhórdhíoltóirí i dTuaisceart Éireann, sa Chipir, in Éirinn agus i Málta seiceálacha a dhéanamh freisin ar lastais de tháirgí íocshláinte atá ceaptha do mhargadh na Ríochta Aontaithe a fhaigheann siad ó mhonaróirí, ó shealbhóirí údaruithe margaíochta agus ó mhórdhíoltóirí atá ainmnithe ag an sealbhóir údaruithe margaíochta chun a áirithiú go gcomhlíonann na táirgí a fhaigheann siad na rialacha maidir le gnéithe sábháilteachta.
- (10) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/161 a leasú dá réir sin.
- (11) Ag féachaint don deireadh atá ar tí teacht leis an maolú atá ann faoi láthair, ba cheart go dtiocfadh an Rialachán seo i bhfeidhm mar ábhar práinne. Os rud é go dtiocfaidh deireadh leis an maolú atá ann faoi láthair an 31 Nollaig 2021, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2022,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/161 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 3(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (d):

“(d) ciallaíonn ‘aitheantóir uathúil gníomhach’ aitheantóir uathúil nár díchoimisiúnaíodh go fóill nó nach bhfuil díchoimisiúnaithe a thuilleadh, agus nár sainaitníodh mar ‘phacáiste nach pacáiste de chuid an Aontais’ dá dtagraítear in Airteagal 36, pointe (p);”

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 20:

“Airteagal 20

Fíorú ó mhórdhíoltóirí ar bharántúlacht an aitheantóra uathúil

Déanfaidh mórdhíoltóir barántúlacht an aitheantóra uathúil a fhíorú ar na táirgí íocshláinte seo a leanas ina sheilbh fhisiceach ar a laghad:

- (a) táirgí íocshláinte a chuireann daoine atá údaraithe nó i dteideal táirgí íocshláinte a sholáthar don phobal nó mórdhíoltóir eile ar ais chuige;
- (b) táirgí íocshláinte a fhaigheann sé ó mhórdhíoltóir nach é an monaróir ná an mórdhíoltóir a bhfuil an t-údarú margaíochta aige ná nach mórdhíoltóir é atá ainmnithe ag sealbhóir an údaraithe margaíochta, trí bhíthin conradh i scríbhinn, chun na táirgí atá clúdaithe ag an údarú margaíochta atá aige a stóráil agus a dháileadh thar a cheann.

Aon mhórdhíoltóir atá bunaithe i dTuaisceart Éireann, sa Chipir, in Éirinn nó i Málta, déanfaidh sé fíorúcháin leormhaithe chun a áirithiú go gcomhlíonann lastais de tháirgí íocshláinte a monaraíodh agus a lipéadaíodh le haghaidh mhargadh na Ríochta Aontaithe an ceanglas gnéithe sábháilteachta a bheith orthu faoi Airteagal 54a(1) de Threoir 2001/83/CE nuair a fhaigheann sé iad ón monaróir, ó shealbhóir an údaraithe margaíochta nó ó mhórdhíoltóir atá ainmnithe ag sealbhóir an údaraithe margaíochta, trí bhíthin conradh i scríbhinn, chun na táirgí atá clúdaithe ag an údarú margaíochta atá aige a stóráil agus a dháileadh thar a cheann.’

(3) in Airteagal 22, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na míre deiridh:

‘De mhaolú ar phointe (a), go dtí an 31 Nollaig 2024, an oibleagáid i dtaobh aitheantóir uathúil na dtáirgí íocshláinte atá beartaithe ag an mórdhíoltóir a dháileadh lasmuigh den Aontas Eorpach, ní bhainfidh sé le táirgí íocshláinte a monaraíodh agus a lipéadaíodh do mhargadh na Ríochta Aontaithe nó do mhargadh na Ríochta Aontaithe agus do mhargaí na Cipire, na hÉireann nó Mhálta, a bhfuil sé beartaithe aige iad a dháileadh sa Ríocht Aontaithe.’

(4) in Airteagal 26, cuirtear an mhír 4 seo a leanas leis:

‘4. Go dtí an 31 Nollaig 2024, féadfaidh údaráis na Ríochta Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann an oibleagáid na gnéithe sábháilteachta a fhíorú agus an t-aitheantóir uathúil a dhíchoimisiúnú maidir le táirgí íocshláinte a sholáthraítear do dhaoine nó d’institiúidí a liostáiltear in Airteagal 23 le haghaidh táirgí atá ceaptha do mhargadh na Ríochta Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann a sholáthraíonn mórdhíoltóirí atá lonnaithe i gcodanna eile den Ríocht Aontaithe, an oibleagáid sin a tharscaoileadh.’

(5) in Airteagal 32(1), pointe (b), cuirtear isteach abairt dheireanach:

‘Stórais a fhreastalaíonn ar chríocha lasmuigh den Aontas, ní cheanglófar iad leis an mol.’

(6) in Airteagal 36, cuirtear an pointe (p) seo a leanas isteach:

‘(p) tugtar foláireamh sainaitheanta mar “phacáiste nach pacáiste de chuid an Aontais” i gcóras na stóras agus sa teirminéal i gcás ina ndéantar barántúlacht aitheantóra uathúil a fhíorú i gcomhréir le hAirteagal 11 nuair a chomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:

- (i) meastar ón bhfíorú go bhfuil an táirgí íocshláinte ar a bhfuil an t-aitheantóir uathúil monaraithe agus lipéadaithe le haghaidh mhargadh na Ríochta Aontaithe nó mhargadh na Ríochta Aontaithe agus mhargaí na Cipire, na hÉireann nó Mhálta;
- (ii) ní dhéantar an fíorú i dTuaisceart Éireann, sa Chipir, in Éirinn ná i Málta.”

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Nollaig 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/316 ÓN gCOIMISIÚN
an 21 Feabhra 2022

lena bhformheastar leasuithe ar an tsonraíocht ar shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó ar thásca geografach faoi chosaint “Tarragona” (STFC)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ⁽¹⁾ ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 99 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar an iarratas ar leasuithe a fhorghairt ar shonraíocht sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Tarragona”, a chuir an Spáinn ar aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.
- (2) D’fhoilsigh an Coimisiún an t-iarratas ar fhorghairt ar na leasuithe ar an tsonraíocht in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 97(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ⁽²⁾.
- (3) Níl aon ráiteas agóide faighte ag an gCoimisiún faoi Airteagal 98 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.
- (4) Dá bhrí sin, ba cheart na leasuithe ar an tsonraíocht a fhorghairt i gcomhréir le hAirteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.
- (5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tá na leasuithe ar an tsonraíocht a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an ainm “Tarragona” (STFC) formheasta anois.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Feabhra 2022.

Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún

⁽¹⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

⁽²⁾ IO C 402, 5.10.2021, lch. 14

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/317 ÓN gCOIMISIÚN
an 21 Feabhra 2022

lena mbronntar cosaint faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an ainm “Dehesa Peñalba” (STFC)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margáí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 99 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 97(2) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, scrúdaigh an Coimisiún an t-iarratas a chuir an Spáinn ar aghaidh an t-ainm “Dehesa Peñalba” a chlárú agus tá sé foilsithe aige in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ⁽²⁾.
- (2) Níl aon ráiteas agóide faighte ag an gCoimisiún faoi Airteagal 98 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, ba cheart an t-ainm “Dehesa Peñalba” a chosaint agus a iontráil sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 104 den Rialachán sin.
- (4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margáí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cosnaítear leis seo an t-ainm “Dehesa Peñalba” (STFC).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Feabhra 2022.

Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún

⁽¹⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

⁽²⁾ IO C 398, 1.10.2021, lch. 28

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/318 ÓN gCOIMISIÚN
an 21 Feabhra 2022**

lena gcláraítear ainm sa chláir um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint (“Nijolės Šakočienės šakotis” (TGFC))

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, rinneadh an t-iarratas a thólaic an Liotuáin ar chláirú an ainm “Nijolės Šakočienės šakotis” a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ⁽²⁾.
- (2) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon ráiteas freasúra faoi Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ní mór an t-ainm “Nijolės Šakočienės šakotis” a chláirú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, cláraítear an t-ainm “Nijolės Šakočienės šakotis” (TGFC).

An táirge atá sainithe faoin ainm atá sa chéad mhír, is táirge d’aicme 2.3. Táirgí báicéara, táirgí taosráin, milseogra agus brioscaí é d’Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún ⁽³⁾.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Feabhra 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún*

⁽¹⁾ IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

⁽²⁾ IO C 446, 3.11.2021, lch. 38.

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 179, 19.6.2014, lch. 36).

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/319 ÓN gCOIMISIÚN
an 21 Feabhra 2022

lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht ainm a iontráladh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint (“Trote del Trentino” (TGFC))

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 53(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar iarratas na hIodáile ar fhormheas ar leasú ar shonraíocht an táisc gheografaigh faoi chosaint “Trote del Trentino” atá cláraithe faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 910/2013 ón gCoimisiún ⁽²⁾
- (2) Ós rud é gur leasú nach mion atá sa leasú i gceist de réir bhrí Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, d’fhoilsigh an Coimisiún an t-iarratas ar leasú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ⁽³⁾ faoi mar a cheanglaítear le hAirteagal 50(2)(a) den Rialachán sin.
- (3) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon ráiteas agóide faoi Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ba cheart na leasuithe ar an tsonraíocht a fhormheas,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An leasú ar an tsonraíocht a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an ainm “Trote del Trentino” (TGFC), is leasú é atá formheasta anois.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Feabhra 2022.

Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún

⁽¹⁾ IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 910/2013 ón gCoimisiún an 16 Meán Fómhair 2013 lena gcláraítear ainm sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint [Trote del Trentino (STFC)] (IO L 252, 24.9.2013, lch. 1).

⁽³⁾ IO C 446, 3.11.2021, lch. 43.

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/320 ÓN gCOIMISIÚN
an 25 Feabhra 2022

**maidir le húdarú bláthola mandairín eastósctha mar bhreiseán beatha le haghaidh éanlaith chlóis,
muc, athchogantach, capall, coiníní agus salmainidí**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, foráiltear maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis an bhforas agus na nósanna imeachta chun an t-údarú sin a dheonú. Le hAirteagal 10(2) den Rialachán sin, foráiltear maidir le hathmheastóireacht ar bhreiseáin a údaraítear de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle ⁽²⁾.
- (2) I gcomhréir le Treoir 70/524/CEE, rinneadh bláthola mandairín a údarú gan teorainn ama, mar bhreiseán beatha le haghaidh gach speicis ainmhíoch. Ina dhiaidh sin cuireadh an breiseán sin i gClár na mbreiseán beathaithe mar tháirge a bhí ann cheana, i gcomhréir le hAirteagal 10(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 i gcomhar le hAirteagal 7 de, cuireadh isteach iarratas chun athmheastóireacht a dhéanamh ar bhláthola mandairín eastósctha le haghaidh gach speicis ainmhíoch.
- (4) D'iarr an t-iarratasóir go n-údarófaí bláthola mandairín eastósctha lena húsáid in uisce óil freisin. Mar sin féin, le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ní cheadaítear comhdhúile blaitithe a údarú lena n-úsáid in uisce óil. Dá bhrí sin, níor cheart úsáid na bláthola mandairín eastósctha in uisce óil a cheadú.
- (5) D'iarr an t-iarratasóir go n-aicmeofaí an breiseán i gcatagóir na mbreiseán "breiseáin chéadfacha" agus san fheidhmghrúpa "comhdhúile blaitithe". Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.
- (6) Chinn an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") ina thuairim an 5 Bealtaine 2021 ⁽³⁾ nach bhfuil tionchar díobhálach ag bláthola mandairín eastósctha ar shláinte ainmhithe, ar shláinte tomhaltóirí ná ar an gcomhshaol, faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe. Ní fhéadfaí teacht ar chonclúidí, áfach, maidir le hainmhithe coimhdeachta agus éisc ornáideacha nach mbíonn nochta do sheachtháirgí citris de ghnáth. Chinn an tÚdarás freisin gur cheart bláthola mandairín eastósctha a mheas mar íogróir craicinn agus mar ghreannaitheoir don chraiceann, do na súile agus don chonair riospráide. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine a chosc, go háirithe a mhéid a bhaineann le húsáideoirí an bhreiseáin.
- (7) Chinn an tÚdarás freisin go n-aithnítear bláthola mandairín eastósctha mar bhlastán bia agus go mbeadh an fheidhm atá léi in ábhar beatha mar a chéile, go bunúsach, leis an bhfeidhm atá léi i mbia agus, dá bhrí sin, meastar nach bhfuil gá le haon léiriú éifeachtúlachta breise. D'fhíoraigh sé freisin an tuarascáil ar an modh a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar an mbreiseán beathaithe in ábhar beatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

⁽²⁾ Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin in ábhair bheatha (IO L 270, 14.12.1970, lch. 1).

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA], 2021;19(6):6625.

- (8) Léirítear leis an measúnú ar bhláthola mandairín eastósctha go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le húdarú dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na substainte a údarú faoi mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (9) Cé nach bhfuil bláthola mandairín eastósctha údaraithe lena húsáid mar bhlastán in uisce óil, ní chuirtear bac ar í a úsáid i mbeatha chumaisc a thugtar trí uisce.
- (10) Ós rud é nach bhfuil gá leis na modhnuithe ar choinníollacha údaraithe na substainte lena mbaineann a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí idirthréimhse a cheadú do pháirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú na ceanglais nua a eascraíonn as an údarú a chomhlíonadh.
- (11) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

An tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn a bhaineann le catagóir na mbreiseán “breiseáin chéadfacha” agus leis an bhfeidhmghrúpa “comhdhúile blaitithe”, údaráitear í mar bhreiseán beatha i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Bearta idirthréimhseacha

1. An tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn agus réamh-mheascáin a bhfuil an breiseán seo iontu, a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 20 Meán Fómhair 2022 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 20 Márta 2022, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.
2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an tsubstaint iontu mar a shonraítear san Iarscríbhinn a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh 20 Márta 2023 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 20 Márta 2022, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Feabhra 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaraithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhithe	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
						mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			

Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe

2b142-eo	-	Bláthola mandairín eastósctha	<p><i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i></p> <p>Bláthola mandairín a fhaightear ó chraiceann torthaí de <i>Citrus reticulata</i> Blanco.</p> <p>Foirm leachtach</p> <p><i>Tréithriú na substainte gníomhaí</i></p> <p>Bláthola mandairín eastósctha a fhaightear trí eastóscadh fuar ó chraiceann torthaí <i>Citrus reticulata</i> Blanco mar atá sainithe ag Comhairle na hEorpa ⁽¹⁾.</p> <p>d-Líomainéin: 65-80 % γ-Teirpinéin: 13-22 % α-Pinéin (pin-2(3)-éin): 1-3,5 % Mírcéin: 1-2 % β-Pinéin (pin-2(10)-éin): 1-2 % Meitil N-meitiolantrainioláit: 0,15-0,7 % Pirileaildéad: ≤ 0,063 %</p> <p>Uimhir CAS: 8008-31-9 Uimhir FEMA: 2657 Uimhir Chomhairle na hEorpa: 142</p>	Éanlaith chlóis Coiníní Salmainidí	-	-	15	<ol style="list-style-type: none"> Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. Ceadaítear meascán de bhláthola mandairín eastósctha le breiseáin luibheolaíocha eile ar choinníoll go bhfuil na méideanna pirileaildéid in ábhair bheatha agus i mbeatha chumaisc níos ísle ná an méid a thagann as breiseán aonair a úsáid ar an leibhéal uasta nó ar an leibhéal molta le haghaidh an speicis nó le haghaidh na catagóire ainmhithe. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú a oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, is le trealamh cosanta pearsanta a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin, lena n-áirítear cosaint don chraiceann, do na súile, agus don anáil. 	20 Márta 2032
				Muca	-	-	33		
				Athchogantaigh	-	-	30		
				Capaill	-	-	40		

			<p><i>Modh anailise</i> (?)</p> <p>Chun cainníochtú a dhéanamh ar an marcóir fiteeimiceach <i>d-liomainéin</i> sa bhreiseán beathaithe nó i meascán de chomhdhúile blaitithe:</p> <p>— Crómatagrafaíocht gháis maille le brath lasair ianúcháin (GC-FID) (bunaithe ar ISO 3528)</p>					
--	--	--	---	--	--	--	--	--

(¹) Foinsí nádúrtha bhlastán - Tuarascáil Uimh. 2 (2007).

(²) Tá sonraí faoi na modhanna anailise ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: <https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports>

CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2022/321 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Feabhra 2022

lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paidéim COVID-19 san Aontas

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 240(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Cinneadh (AE) 2020/430 ón gComhairle ⁽¹⁾, tugadh isteach maolú míosa amháin ar an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle ⁽²⁾ a mhéid a bhaineann le cinntí chun an gnáthnós imeachta i scríbhinn a úsáid, i gcás ina ndéanfaidh Coiste Bhuanionadaithe Rialtais na mBallstát (Coreper) na cinntí sin. Rinneadh foráil don mhaolú sin go dtí an 23 Aibreán 2020.
- (2) Le Cinneadh (AE) 2020/430, foráiltear, más rud é go dtugann na himthosca eisceachtúla leanúnacha bonn cirt dó, go bhféadfaidh an Chomhairle an Cinneadh sin a athnuachan. An 21 Aibreán 2020, trí bhíthin Chinneadh (AE) 2020/556 ⁽³⁾, chuir an Chomhairle síneadh leis an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2020/430 go ceann tréimhse bhreise míosa ón 23 Aibreán 2020. Rinneadh foráil don síneadh sin leis an maolú go dtí an 23 Bealtaine 2020. An 20 Bealtaine 2020, trí bhíthin Chinneadh (AE) 2020/702 ⁽⁴⁾, chuir an Chomhairle síneadh leis an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2020/430 go dtí an 10 Iúil 2020. An 3 Iúil 2020, trí bhíthin Chinneadh (AE) 2020/970 ⁽⁵⁾, chuir an Chomhairle síneadh leis an maolú sin go dtí an 10 Meán Fómhair 2020.

An 4 Meán Fómhair 2020, trí bhíthin Chinneadh Cinneadh (AE) 2020/1253 ⁽⁶⁾, chuir an Chomhairle síneadh leis an maolú sin go dtí an 10 Samhain 2020. An 6 Samhain 2020, trí bhíthin Chinneadh (AE) 2020/1659 ⁽⁷⁾, chuir an Chomhairle síneadh leis an maolú sin go dtí an 15 Eanáir 2021. An 12 Eanáir 2021, trí bhíthin Chinneadh (AE) 2021/26 ⁽⁸⁾, chuir an Chomhairle síneadh leis an maolú sin go dtí an 19 Márta 2021. An 12 Márta 2021, trí bhíthin

⁽¹⁾ Cinneadh (AE) 2020/430 ón gComhairle an 23 Márta 2020 maidir le maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh an phaindéim COVID-19 san Aontas (IO L 88 I, 24.3.2020, lch. 1).

⁽²⁾ Cinneadh 2009/937/AE ón gComhairle an 1 Nollaig 2009 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle (IO L 325, 11.12.2009, lch. 35).

⁽³⁾ Cinneadh (AE) 2020/556 ón gComhairle an 21 Aibreán 2020 lena gcuirtear síneadh leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430 i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh an phaindéim COVID-19 san Aontas (IO L 128 I, 23.4.2020, lch. 1).

⁽⁴⁾ Cinneadh (AE) 2020/702 ón gComhairle an 20 Bealtaine 2020 lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430 agus arna shíneadh le Cinneadh (AE) 2020/556 i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paidéim COVID-19 san Aontas (IO L 165, 27.5.2020, lch. 38).

⁽⁵⁾ Cinneadh (AE) 2020/970 ón gComhairle an 3 Iúil 2020 lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, agus arna shíneadh le Cinntí (AE) 2020/556 agus (AE) 2020/702, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paidéim COVID-19 san Aontas (IO L 216, 7.7.2020, lch. 1).

⁽⁶⁾ Cinneadh (AE) 2020/1253 ón gComhairle an 4 Meán Fómhair 2020 lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, agus arna shíneadh le Cinntí (AE) 2020/556, (AE) 2020/702 agus (AE) 2020/970, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paidéim COVID-19 san Aontas (IO L 294, 8.9.2020, lch. 1).

⁽⁷⁾ Cinneadh (AE) 2020/1659 ón gComhairle an 6 Samhain 2020 lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, agus arna shíneadh le Cinntí (AE) 2020/556, (AE) 2020/702, (AE) 2020/970 agus (AE) 2020/1253, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paidéim COVID-19 san Aontas (IO L 376, 10.11.2020, lch. 3).

⁽⁸⁾ Cinneadh (AE) 2021/26 ón gComhairle an 12 Eanáir 2021 lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, agus ar cuireadh síneadh leis le Cinntí (AE) 2020/556, (AE) 2020/702, (AE) 2020/970, (AE) 2020/1253 agus (AE) 2020/1659, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paidéim COVID-19 san Aontas (IO L 11, 14.1.2021, lch. 19).

Chinneadh (AE) 2021/454 ⁽⁹⁾, chuir an Chomhairle síneadh leis an maolú sin go dtí an 21 Bealtaine 2021. An 20 Bealtaine 2021, chuir an Comhairle, trí bhíthin Chinneadh (AE) 2021/825 ⁽¹⁰⁾, síneadh leis an maolú sin go dtí an 16 Iúil 2021.

An 12 Iúil 2021, trí bhíthin Chinneadh (AE) 2021/1142 ⁽¹¹⁾, chuir an Chomhairle síneadh leis an maolú sin go dtí an 30 Meán Fómhair 2021. An 24 Meán Fómhair 2021, trí bhíthin Chinneadh (AE) 2021/1725 ⁽¹²⁾, chuir an Chomhairle síneadh leis an maolú sin go dtí an 30 Samhain 2021. An 25 Samhain 2021, chuir an Comhairle, trí bhíthin Chinneadh (AE) 2021/2098 ⁽¹³⁾, síneadh leis an maolú sin go dtí an 28 Feabhra 2022.

- (3) Ós rud é gur ann fós do na himthosca eisceachtúla a chruthaigh paidéim COVID-19, agus do roinnt bearta coisctheacha agus srianta urghnácha arna ndéanamh ag Ballstáit fós i bhfeidhm, is gá síneadh a chur leis an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2020/430, ar cuireadh síneadh leis le Cinntí (AE) 2020/556, (AE) 2020/702, (AE) 2020/970, (AE) 2020/1253, (AE) 2020/1659, (AE) 2021/26, (AE) 2021/454, (AE) 2021/825, (AE) 2021/1142, (AE) 2021/1725 agus (AE) 2021/2098, go ceann tréimhse theoranta bhreise go dtí an 30 Meitheamh 2022.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear síneadh breise leis an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2020/430 go dtí an 30 Meitheamh 2022.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Foilseofar é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Feabhra 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. PANNIER-RUNACHER

⁽⁹⁾ Cinneadh (AE) 2021/454 ón gComhairle an 12 Márta 2021 lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paidéim COVID-19 san Aontas (IO L 89, 16.3.2021, lch. 15).

⁽¹⁰⁾ Cinneadh (AE) 2021/825 ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paidéim COVID-19 san Aontas (IO L 183, 25.5.2021, lch. 40).

⁽¹¹⁾ Cinneadh (AE) 2021/1142 ón gComhairle an 12 Iúil 2021 lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paidéim COVID-19 san Aontas (IO L 247, 13.7.2021, lch. 91).

⁽¹²⁾ Cinneadh (AE) 2021/1725 ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2021 lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paidéim COVID-19 san Aontas (IO L 344, 29.9.2021, lch. 5).

⁽¹³⁾ Cinneadh (AE) 2021/2098 an 25 Samhain 2021 lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paidéim COVID-19 san Aontas (IO L 427, 30.11.2021, lch. 194).

CINNEADH (AE) 2022/322 ÓN gCOMHAIRLE
an 18 Feabhra 2022

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) a mhéid a bhaineann le leasuithe a ghlacadh ar Iarscríbhinní 1, 6 go 10, 14 agus 17 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tháinig an Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta (Coinbhinsiún Chicago), lena rialaítear aeriompar idirnáisiúnta, i bhfeidhm an 4 Aibreán 1947. Bunaíodh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) leis.
- (2) Is Stáit Chonarhacha i gCoinbhinsiún Chicago iad Ballstáit an Aontais agus is comhaltaí de chuid ICAO iad, agus tá stádas breathnóra ag an Aontas i gcomhlachtaí áirithe ICAO. Tá ionadaithe ó sheacht mBallstát i gComhairle ICAO faoi láthair.
- (3) De bhun Airteagal 54 de Choinbhinsiún Chicago, tá Comhairle ICAO chun caighdeán agus cleachtais mholta (SARPPanna) idirnáisiúnta a ghlacadh, agus iad a ainmniú mar Iarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago.
- (4) Ag an 225ú seisiún a bheidh ag Comhairle ICAO, tá sí chun na leasuithe seo a leanas a ghlacadh: Leasú 178 ar Iarscríbhinn 1, Leasú 47 ar Chuid I d'Iarscríbhinn 6, Leasú 40 ar Chuid II d'Iarscríbhinn 6, Leasú 24 ar Chuid III d'Iarscríbhinn 6, Leasú 7 ar Iarscríbhinn 7, Leasú 109 ar Iarscríbhinn 8, Leasú 29 ar Iarscríbhinn 9, Leasú 91 ar Imleabhar IV d'Iarscríbhinn 10, Leasú 17 ar Imleabhar I d'Iarscríbhinn 14, Leasú 18 ar Iarscríbhinn 17, a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Chicago, mar a leagtar amach i litreacha Stáit AN 12/1.1.25-20/112, AN 11/1.1.34-20/75, AN 3/45-20/85, AN 3/1.2-20/76, AN 7/1.3.105-20/42, SP 55/4-20/94, AS 8/2.1-21/48 Rúnda, agus EC 6/3 – 21/67.
- (5) Is é príomhchuspóir Leasaithe 178 ar Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago chur chun feidhme córais ceadúnaithe pearsanra leictreonaigh a chumasú d'fhonn an éifeachtúlacht a fheabhsú.
- (6) Is é príomhchuspóir Leasuithe 47, 40 agus 24 ar Chodanna I, II agus III, faoi seach, d'Iarscríbhinn 6 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, an creat dlíthiúil maidir le fóinteacht leanúnach na dtaifeadán eitle a neartú, na forálacha maidir le hoibríochtaí ama atreoraithe fhadaithe (EDTO) agus le seaicéid tarrthála naíonán a shoiléiriú, córais réamhrabhaidh neasachta talaimh (GPWS) a shainordú le haghaidh eitleáin áirithe, caighdeán nua a chur isteach faoina ndéanfaí eitleáin a fheistiú, i ndálaí áirithe, le córais feasachta agus foláirimh um fhorthiomáint rúidbhealaigh (ROAAS), creidmheas oibríochtaí a sholáthar i gcomhthéacs íosdálaí oibríocháin aeradróim bunaithe ar an bhfeidhmíocht (PBAOM), a áirithiú go mbíonn saoráidí agus seirbhísí tarrthála agus comhraic dóiteáin (RFF) leormhaithe ar fáil ag an aeradróm oibríochta is beartaithe a úsáid, na forálacha maidir le malairtí amach ón gcósta le haghaidh oibríochtaí héileacaptair fadraoin a nuashonrú agus forálacha a chur isteach maidir le hiompar na n-earraí contúirteacha ag héileacaptair agus forálacha ábhartha maidir leis an oiliúint a nuashonrú.
- (7) Is é príomhchuspóir Leasaithe 7 ar Iarscríbhinn 7 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago aistriú na n-aerárthach ó Stát go Stát eile a éascú trí theimpléad an deimhnithe clárúcháin a oiriúnú agus teimpléad a thabhairt isteach le haghaidh an deimhnithe díchlárúcháin.

- (8) Is é príomhchuspóir Leasaithe 109 ar Iarscríbhinn 8 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago an tsoiléireacht a fheabhsú agus a áirithiú go mbeidh tuiscint shoiléir ag Stáit a fhorhmeasann aon mhodhnú nó aon deisiú ar an bhfreagracht atá orthu maidir leis an aeracmhainneacht leanúnach, agus na cumais dheartha sochta dóiteáin in urranna lasta na n-eitleán mór, na héileacaptar agus na n-eitleán beag a shoiléiriú.
- (9) Is é príomhchuspóir Leasú 29 ar Iarscríbhinn 9 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago ullmhacht na Stát do phaindéimí amach anseo a fheabhsú trí cheachtanna a fhoghlaim ó phaindéim COVID-19 agus trí bhearta maolaithe leordhóthanacha ar phaindéimí amach anseo a leagan amach. Ina theannta sin, le Leasú 29 tugtar aghaidh ar an gcomhrac i gcoinne na gáinneála ar dhaoine trí SARPanna. Thairis sin, tá mionleasuithe úsáideacha ann maidir le heitiltí aisdúichithe agus le hiompar na bpaisinéirí faoi mhíchumas d'aer, agus leasú ar an nóta i roinn sonraí an taifid ainmneacha paisinéirí (PNR) a bhaineann leis an téarma *push*.
- (10) Is é príomhchuspóir Leasú 91 ar Imleabhar IV d'Iarscríbhinn 10 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, Córas Seachanta Imbhualtí ar Eite (ACAS) X a thabhairt isteach agus líon na bhfoláireamh ACAS bréige a laghdú.
- (11) Is é príomhchuspóir Leasú 17 ar Iarscríbhinn 14 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, Imleabhar I, an eitlíocht ghinearálta a eisiamh ó na forálacha a bhaineann leis an tarrtháil agus an gcomhrac dóiteáin (RFF).
- (12) Is é príomhchuspóir Leasú 18 ar Iarscríbhinn 17 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, SARPanna nua a thabhairt isteach agus na SARPanna atá ann faoi láthair a bhaineann leis an gcultúr slándála, le cláir slándála na n-oibreoirí aerárthaí, le modhanna chun pléascáin a bhrath i mbagáiste boilg, agus le cláir náisiúnta le haghaidh rialú cáilíochta ar shlándáil na heitlíochta sibhialta, a leasú.
- (13) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle ICAO a bhunú toisc go bhféadfadh Leasú 178 ar Iarscríbhinn 1, Leasú 47 ar Chuid I d'Iarscríbhinn 6, Leasú 40 ar Chuid II d'Iarscríbhinn 6, Leasú 24 ar Chuid III d'Iarscríbhinn 6, Leasú 7 ar Iarscríbhinn 7, Leasú 109 ar Iarscríbhinn 8, Leasú 29 go Leasú 9, Leasú 91 ar Imleabhar IV d'Iarscríbhinn 10, Leasú 17 ar Imleabhar I d'Iarscríbhinn 14 agus Leasú 18 ar Iarscríbhinn 17 de Choinbhinsiún Chicago tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar dhlí an Aontais, eadhon Rialacháin (AE) Uimh. 1178/2011 ⁽¹⁾, (AE) Uimh. 1332/2011 ⁽²⁾, (AE) Uimh. 965/2012 ⁽³⁾, (AE) Uimh. 139/2014 ⁽⁴⁾ agus (AE) 2015/640 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 ón gCoimisiún ⁽⁶⁾ agus Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁷⁾.
- (14) Sa 225ú seisiún de Chomhairle ICAO nó le linn aon seisiúin eile ina dhiaidh sin, maidir le glacadh Leasú 178 ar Iarscríbhinn 1, Leasú 47 ar Chuid I d'Iarscríbhinn 6, Leasú 40 ar Chuid II d'Iarscríbhinn 6, Leasú 24 ar Chuid III d'Iarscríbhinn 6, Leasú 7 ar Iarscríbhinn 7, Leasú 109 ar Iarscríbhinn 8, Leasú 29 ar Iarscríbhinn 9, Leasú 91 ar Imleabhar IV d'Iarscríbhinn 10, Leasú 17 ar Imleabhar I d'Iarscríbhinn 14, Leasú 18 ar Iarscríbhinn 17 de Choinbhinsiún Chicago, ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú leis na leasuithe sin ina n-iomláine. Ba cheart do Bhallstáit an Aontais atá ina gcomhaltaí de Chomhairle ICAO, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach thar ceann an Aontais, an seasamh sin a chur in iúl.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2011 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le foirne eitlíochta sibhialta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 311, 25.11.2011, lch. 1).

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1332/2011 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2011 lena leagtar síos ceanglais úsáid aerspáis choitinn agus nósanna imeachta oibríochta seachanta imbhualtí ar eite (IO L 336, 20.12.2011, lch. 20).

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aer de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 296, 25.10.2012, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2014 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le haeradróim de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 44, 14.2.2014, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) 2015/640 ón gCoimisiún an 23 Aibreán 2015 maidir le sonraíochtaí aeracmhainneachta breise le haghaidh cineál áirithe oibríochtaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 (IO L 106, 24.4.2015, lch. 18).

⁽⁶⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 ón gCoimisiún an 5 Samhain 2015 lena leagtar síos bearta mionsonraithe chun na caighdeán bhunúsacha chomhoiteanna maidir le slándáil eitlíochta a chur chun feidhme (IO L 299, 14.11.2015, lch. 1).

⁽⁷⁾ Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1).

- (15) Tar éis do Chomhairle ICAO Leasú 178 ar Iarscríbhinn 1, Leasú 47 ar Chuid I d'Iarscríbhinn 6, Leasú 40 ar Chuid II ar Iarscríbhinn 6, Leasú 24 ar Chuid III d'Iarscríbhinn 6, Leasú 7 ar Iarscríbhinn 7, Leasú 109 ar Iarscríbhinn 8, Leasú 29 ar Iarscríbhinn 9, Leasú 91 ar Imleabhar IV d'Iarscríbhinn 10, Leasú 17 ar Imleabhar I d'Iarscríbhinn 14 agus Leasú 18 ar Iarscríbhinn 17 de Choinbhinsiún Chicago a ghlacadh, rud a bheidh le fógart ag Ardrúnaí ICAO trí bhíthin nós imeachta Litreach Stáit ICAO, ba cheart gurb é seasamh an Aontais gan míshástacht a chlárú agus fógra a thabhairt faoi chomhlíonadh, ar choinníoll go nglactar na Leasuithe sin gan athruithe suntasacha. Is iomchuí freisin go leagfar síos an nós imeachta is inleanta maidir le fógra a thabhairt faoi dhifriochtaí do ICAO i gcás ina n-imíonn reachtaíocht an Aontais ó SARPanna nuaghlactha tar éis an dáta cur i bhfeidhm atá beartaithe na SARPanna sin a chur i bhfeidhm. I leith difriochtaí maidir leis na caighdeáin atá in Iarscríbhinní 1, 6, 8 agus 14 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago agus a thagann faoi inniúlacht eisiach an Aontais, tá feidhm ag Cinneadh (AE) 2021/1092 ón gComhairle (*). Ba cheart do Bhallstáit uile an Aontais an seasamh sin a chur in iúl,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa 225ú seisiún de Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta, nó le linn aon seisiún eile ina dhiaidh sin, tacú leis na leasuithe beartaithe seo a leanas ina n-iomláine: Leasú 178 ar Iarscríbhinn 1, Leasú 47 ar Chuid I d'Iarscríbhinn 6, Leasú 40 ar Chuid II d'Iarscríbhinn 6, Leasú 24 ar Cuid III d'Iarscríbhinn 6, Leasú 7 ar Iarscríbhinn 7, Leasú 109 ar Iarscríbhinn 8, Leasú 29 ar Iarscríbhinn 9 Leasú 91 ar Imleabhar IV d'Iarscríbhinn 10, Leasú 17 ar Imleabhar I d'Iarscríbhinn 14, agus Leasú 18 ar Iarscríbhinn 17 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta.

2. Ar choinníoll go nglacfaidh Comhairle ICAO na Leasuithe dá dtagraítear i mír 1 gan athruithe suntasacha, is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais gan míshástacht a chlárú agus fógra a thabhairt maidir le comhlíonadh na leasuithe a ghlacfar mar fhreagra ar Litreacha Stáit ICAO faoi seach.

I gcás ina bhfuil difríocht idir reachtaíocht an Aontais agus na caighdeáin atá sna hIarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago dá dtagraítear sa chéad fhomhír, arna leasú le ICAO, tar éis dóibh teacht i bhfeidhm, agus ar an gcaoi sin nach mór fógra a thabhairt faoi dhifriochtaí maidir leis na hIarscríbhinní sin i gcomhréir le hAirteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago, cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle, in am trátha agus ar a laghad 2 mhí roimh aon spriocdháta a leagann ICAO síos maidir le fógra a thabhairt faoi dhifriochtaí, doiciméad ullmhúcháin, le haghaidh plé agus formheasta, ina leagtar amach na difriochtaí mionsonraithe ar gá do na Ballstáit fógra a thabhairt ina leith do ICAO thar ceann an Aontais.

In ainneoin an dara fómhír den mhír seo, i gcás ina bhfuil difríocht idir reachtaíocht an Aontais agus na caighdeáin atá in Iarscríbhinní 1, 6, 8 agus 14 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago arna leasú le ICAO, a mhéid a thagann na caighdeáin sin faoi inniúlacht eisiach an Aontais, tar éis dóibh teacht i bhfeidhm, agus ar an gcaoi sin nach mór fógra a thabhairt faoi dhifriochtaí maidir leis na hIarscríbhinní sin i gcomhréir le hAirteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago, bunófar an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in ICAO a mhéid a bhaineann le fógra a thabhairt faoi na difriochtaí sin ar bhonn Chinneadh (AE) 2021/1092 ón gComhairle.

Airteagal 2

Déanfaidh Ballstáit an Aontais, ar comhaltaí iad de Chomhairle ICAO, ag gníomhú go compháirteach dóibh, an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1(1) a chur in iúl.

Déanfaidh Ballstáit uile an Aontais an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a chur in iúl.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

(*). Cinneadh (AE) 2021/1092 ón gComhairle an 11 Meitheamh 2021 lena mbunaítear na critéir agus an nós imeachta le haghaidh fógra a thabhairt faoi dhifriochtaí maidir le caighdeáin idirnáisiúnta arna nglacadh ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta i réimse na sábháilteachta eitlíochta (IO L 236, 5.7.2021, lch. 51).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Feabhra 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J.-Y. LE DRIAN

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/323 ÓN gCOIMISIÚN
an 22 Feabhra 2022

maidir leis na hagóidí nach bhfuil réitithe i leith na gcoinníollacha maidir le húdarú a dheonú don táirge bithicéideach Sojet i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 973)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicéideacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 36(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 8 Aibreán 2020, chuir an chuideachta Sharda Cropchem España S.L. (“an t-iarratasóir”) iarratas faoi bhráid na Fraince ar aitheantas frithpháirteach de réir oird i gcomhréir le hAirteagal 33 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ar údarú náisiúnta don tairge bithicéideach Sojet (“an tairge bithicéideach”) a deonaíodh sa Ghearmáin cheana féin. Is feithicid de chineál tairge 18 é an tairge bithicéideach atá le húsáid faoi dhíon ag gairmithe in áitribh thionsclaíocha nó áitribh thrádála, i dteaghlaigh nó in áiteanna poiblí agus i dtithíocht ainmhithe chun cuileoga a shrianadh. Scaiptear an tairge bithicéideach in uisce agus cuirtear ar bhileoga cairchláir é trína scuabadh. Is iad imíodaclóiprid agus cis-Tricos-9-éin na substaintí gníomhacha atá ann.
- (2) An 6 Deireadh Fómhair 2020, de bhun Airteagal 35(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, thar chuir an Fhrainc agóidí chuig an ngrúpa comhordúcháin, inar léiríodh nach n-áiríthítear le coinníollacha an údaraithe a leag an Ghearmáin síos go gcomhlíonann an tairge bithicéideach an ceanglas a leagtar síos in Airteagal 19(1), pointe (b)(iii), den Rialachán sin. Measann an Fhrainc gur gá trealamh cosanta pearsanta a chaitheamh, i.e. lámhainní cosanta atá frithsheasmhach in aghaidh ceimiceán (ábhar na lámhainní le sonrú ag sealbhóir an údaraithe mar chuid den eolas faoin tairge) agus forchóta aon úsáide de chineál 6 EN 13034 ar a laghad, chun a áirithiú go láimhseálfar an tairge bithicéideach go sábháilte. Dar leis an bhFrainc, na bearta teicniúla agus eagraíochtúla a d’fhéadfaí a chur i bhfeidhm i gcomhréir le Treoir 98/24/CE ón gComhairle ⁽²⁾, mar a leagtar amach san údarú a dheonaigh an Ghearmáin, ar bearta iad a d’fhéadfaí a dhéanamh in ionad trealamh cosanta pearsanta a chaitheamh, ní áiríthítear cosaint leordhóthanach leis na bearta sin, mura sonraítear iad agus mura ndéantar meastóireacht orthu le linn mheasúnú an tairge bhithicéidigh.
- (3) Measann an Ghearmáin go mbunaítear le Treoir 98/24/CE ord tosaíochta na mbeart maolaithe riosca chun oibríthe a chosaint, agus gur thábhachtaí dar léi go gcuirfí bearta teicniúla agus eagraíochtúla i bhfeidhm ná go mbeadh trealamh cosanta pearsanta á chaitheamh le linn don tairge bithicéideach a bheith á úsáid. Dar leis an nGearmáin, de bhun na Treorach sin, is faoin bhfostóir atá an cinneadh maidir leis na bearta teicniúla agus eagraíochtúla atá le cur i bhfeidhm, agus ós rud é go bhfuil réimse leathan de bhearta dá leithéid ann, níl sé indéanta cur síos ná meastóireacht a dhéanamh ar na bearta atá in údarú an tairge bhithicéidigh.
- (4) Ós rud é nár tháinig an grúpa comhordúcháin ar aon chomhaontú, an 3 Márta 2021, thar chuir an Ghearmáin an agóid nach raibh réitithe chuig an gCoimisiún de bhun Airteagal 36(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Ar an gcaoi sin, chuir sí ráiteas mionsonraithe faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an tsaincheist faoinar theip ar na Ballstáit teacht ar chomhaontú agus na cúiseanna a bhí lena n-easaontas. Cuireadh an ráiteas sin ar aghaidh chuig na Ballstáit lena mbaineann agus chuig an iarratasóir.

⁽¹⁾ IO L 167, 27.6.2012, lch. 1

⁽²⁾ Treoir 98/24/CE ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 maidir le sláinte agus sábháilteacht oibríthe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le hoibreáin cheimiceacha ag an obair (an ceathrú Treoir déag aonair de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 131, 5.5.1998, lch. 11).

- (5) Foráiltear le hAirteagal 2(3), pointe (b) agus pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 go mbeidh an Rialachán sin gan dochar do Threoir 89/391/CEE ón gComhairle ^(*) ná do Threoir 98/24/CE.
- (6) Léirítear le hAirteagal 19(1), pointe (b)(iii), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 mar cheann de na critéir maidir le húdarú a dheonú nach bhfuil éifeachtaí do-ghlactha ag an táirge bithicídeach féin, agus nach bhfuil éifeachtaí do-ghlactha de thoradh a iarmhar, ar shláinte an duine.
- (7) Luaitear i bpointe 9 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 go mbeidh de thoradh ar chur i bhfeidhm na gcomhphrionsabal a leagtar síos san Iarscríbhinn sin maidir le meastóireacht a dhéanamh ar shainchomhaid le haghaidh táirgí bithicídeacha dá dtagraítear in Airteagal 19(1), pointe (b), den Rialachán sin, nuair a chuirfead le chéile iad leis na coinníollacha eile a leagtar síos in Airteagal 19 de, go ndéanfaidh na húdaráis inniúla nó an Coimisiún cinneadh cé acu is féidir nó nach féidir táirge bithicídeach a údarú. D'fhéadfadh srianta ar úsáid an táirge bhithicídigh nó ar choinníollacha eile a bheith ag gabháil le húdarú den sórt sin.
- (8) Luaitear i bpointe 18(d) d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 go gcinneadh leis an measúnú riosca a dhéantar ar an táirge na bearta is gá chun daoine, ainmhithe agus an comhshaol a chosaint le linn ghnáthúsáid bheartaithe an táirge bhithicídigh agus i gcás is measa atá réalaíoch araon.
- (9) Léirítear le pointe 56(2) d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 gurb é ceann de na conclúidí ar a dtiocfaidh an comhlacht meastóireachta nuair atá sé ag fíorú an gcomhlíontar na critéir a leagtar amach in Airteagal 19(1), pointe (b), gur féidir leis an táirge bithicídeach, faoi réir coinníollacha nó srianta sonracha, na critéir a chomhlíonadh.
- (10) Luaitear i bpointe 62 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 go gcinneadh an comhlacht meastóireachta, i gcás inarb iomchuí, nach mbeifear in ann an critéir faoi Airteagal 19(1), pointe (b)(iii), den Rialachán sin a chomhlíonadh ach amháin má chuirtear bearta coisc agus cosanta i bhfeidhm lena n-áirítear dearadh próiseas oibre agus dearadh rialuithe innealtóireachta, úsáid trealamh agus ábhar leordhóthanach, cur i bhfeidhm beart comhchoiteann cosanta agus, i gcás nach féidir risíocht a chosc trí mheáin eile, cur i bhfeidhm beart aonair cosanta lena n-áirítear trealamh cosanta pearsanta amháin anáilaitheoirí, maisc le haghaidh anáil, rabhlaeir, lámhainní agus spéaclaí cosanta a chaitheamh, d'fhonn risíocht a laghdú i gcás oibreoirí gairmiúla.
- (11) Mar sin féin, ní fhoráiltear le pointe 62 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 go ndéanfar an measúnú as a dtagann an conclúid nach féidir an critéir faoi Airteagal 19(1), pointe (b)(iii), den Rialachán sin a chomhlíonadh ach amháin má chuirtear bearta coisc agus cosanta i bhfeidhm i gcomhréir le Treoir 98/24/CE. Ní fhoráiltear leis go sainráite ach oiread nach mbeadh feidhm ag an Treoir sin. Dá bhrí sin, níor cheart tatal a bhaint as na forálacha sin nach bhfuil feidhm ag Treoir 98/24/CE. Ina theannta sin, is ar fhóistóirí a fhorchuirtear na hoibleagáidí ábhartha faoi Threoir 98/24/CE agus ní ar údaráis na mBallstát.
- (12) Foráiltear le hAirteagal 4 de Threoir 98/24/CE i gcás ina ndéantar measúnú ar aon riosca maidir le sábháilteacht agus sláinte oibríthe de thoradh oibreáin cheimiceacha a bheith i láthair, go bhfuil ar fhóistóirí faisnéis bhreise a fháil ón soláthróir nó ó fhoinsí eile atá ar fáil go héasca agus i gcás inarb iomchuí, go mbeidh an measúnú sonrath maidir leis an riosca d'úsáideoirí arna bhunú ar bhonn reachtaíocht Aontais maidir le hoibreáin cheimiceacha mar chuid den fhaisnéis sin.
- (13) Leagtar síos le hAirteagal 6 de Threoir 98/24/CE ord tosaíochta na mbearta atá le déanamh ag an bhfóistóir chun oibríthe a chosaint ó na rioscaí a bhaineann le hoibreáin cheimiceacha ag an obair. Tabharfar tús áite do shubstaint eile a chur in ionad na substainte guaisí, agus mura féidir é sin a dhéanamh, is gá an riosca ó shubstaint ghuaiseach do shábháilteacht agus sláinte oibríthe a laghdú a oiread agus is féidir trí bhearta cosanta agus coisc a chur i bhfeidhm. Mura féidir risíocht leis an tsubstaint ghuaiseach a chosc ar mhodh eile, ní mór a áirithiú go bhfuil na hoibríthe cosanta trí bhearta eile a chur i bhfeidhm lena n-áirítear trealamh cosanta pearsanta.

(*) Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibríthe ag an obair a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1).

- (14) Agus modh úsáide an táirge bhithicídigh agus an fhaisnéis atá ar fáil ón gcomhlacht meastóireachta á gcur san áireamh, níor sainathnóidh aon bheart teicniúil ná eagraíochtúil dá leithéid san iarratas ar an táirge bithicídeach a údarú, ná le linn mheastóireacht an iarratais sin.
- (15) Dá bhrí sin measann an Coimisiún go gcomhlíonann an táirge bithicídeach an critéar a leagtar síos in Airteagal 19(1), pointe (b)(iii) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ar choinníoll go mbeidh an coinníoll seo a leanas maidir lena úsáid mar chuid den údarú agus ar lipéad an táirge bhithicídigh: “Is gá na nithe seo a leanas a chaitheamh agus an táirge bithicídeach á lámhseáil: lámhainní cosanta atá frithsheasmhach in aghaidh ceimiceán (ábhar na lámhainní le sonrú ag sealbhóir an údaraithe mar chuid den eolas faoin táirge) agus forchóta aon úsáide de chineál 6 EN 13034 ar a laghad nó a choibhéis. Tá sé sin gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir 98/24/CE ón gComhairle agus reachtaíocht eile an Aontais i réimse na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair”.
- (16) Mar sin féin, má shainathníonn an t-iarratasóir ar údarú nó an t-údarás údaraithe bearta éifeachtacha teicniúla nó eagraíochtúla as a n-eascaíonn laghdú risíochta de leibhéal coibhéiseach nó níos airde, ba cheart na bearta sin a chur in ionad trealamh cosanta pearsanta a chaitheamh, agus ba cheart iad a shonrú san údarú agus ar lipéad an táirge bhithicídigh.
- (17) An 23 Samhain 2021, thug an Coimisiún an deis don iarratasóir barúlacha i scríbhinn a chur ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 36(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Chuir an t-iarratasóir barúlacha ar fáil a chuir an Coimisiún san áireamh ina dhiaidh sin.
- (18) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An táirge bithicídeach a shainathnítear le cás-uimhir BC-RW058475-96 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha, comhlíonann sé an coinníoll a leagtar síos in Airteagal 19(1), pointe (b)(iii), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ar choinníoll go mbeidh an coinníoll seo a leanas maidir lena úsáid mar chuid den údarú agus ar lipéad an táirge bhithicídigh: “Is gá na nithe seo a leanas a chaitheamh agus an táirge bithicídeach á lámhseáil: lámhainní cosanta atá frithsheasmhach in aghaidh ceimiceán (ábhar na lámhainní le sonrú ag sealbhóir an údaraithe mar chuid den eolas faoin táirge) agus forchóta aon úsáide de chineál 6 EN 13034 ar a laghad nó a choibhéis. Tá sé sin gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir 98/24/CE ón gComhairle agus reachtaíocht eile an Aontais i réimse na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair.”

Mar sin féin, má shainathníonn an t-iarratasóir ar údarú nó an t-údarás údaraithe bearta éifeachtacha teicniúla nó eagraíochtúla as a n-eascaíonn laghdú risíochta de leibhéal coibhéiseach nó níos airde ná an laghdú atá ann de thoradh an trealamh cosanta pearsanta a chaitheamh mar a thagraítear sa chéad mhír, bainfear úsáid as na bearta sin in ionad trealamh cosanta pearsanta, agus sonrú iad san údarú agus ar lipéad an táirge bhithicídigh. Sa chás sin, ní bheidh feidhm ag an oibleagáid chun an coinníoll maidir le húsáid an táirge bhithicídigh faoi mar a leagtar síos sa chéad mhír a chuimsiú.

Airteagal 2

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Feabhra 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Stella KYRIAKIDES
Comhalta den Choimisiún

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/324 ÓN gCOIMISIÚN**an 24 Feabhra 2022****lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/973 chun coigiltis CO₂ éicea-nuálaíochta áirithe a chur san áireamh chun astaíochtaí CO₂ Daimler AG agus díorma Daimler AG a ríomh***(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 690)***(Is ag na téacsanna sa tSeicis, sa Ghearmáinis, san Eastóinis, sa Bhéarla, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, san Iodáilis, san Ungáiris, san Ollainnis agus sa tSualainnis a bheidh an t-údarás agus acu siúd amháin)****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena socráítear caighdeáin astaíochta CO₂ do ghluasteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 7(5), an dara fómhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Sa bhreithiúnas uaithi sa chás T-359/19 ⁽²⁾, chuir an Chúirt Ginearálta Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/583 ón gCoimisiún ⁽³⁾ ar ceal a mhéid a bhaineann leis an ríomh don bhliain féilire 2017 de na meánastaíochtaí sonracha CO₂, agus na coigiltis thairfeadta CO₂ as éicea-nuálaíochtaí le haghaidh an mhonaróra Daimler AG agus an díorma Daimler AG.
- (2) Ós rud é gur cinneadh na meánastaíochtaí sonracha CO₂ agus na coigiltis éicea-nuálaíochta CO₂ a shonraítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/973 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾ ar an gcaoi chéanna le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/583, is iomchuí na luachanna a leagtar amach sa Chinneadh sin a oiriúnú.
- (3) Ba cheart na coigiltis éicea-nuálaíochta CO₂ arna ndeimhniú i gcomhréir le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/158 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾, arna dtuairisciú ag na Ballstáit agus arna bhfíorú ag Daimler AG agus ag díorma Daimler AG, ba cheart iad a chur san áireamh sa ríomh ar mheánastaíochtaí sonracha na n-eintiteas sin sa bhliain féilire 2019.
- (4) Ba cheart na coigiltis éicea-nuálaíochta CO₂ arna dtairfeadh i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/973 a mhéadú 0,102 g CO₂/km dá bhrí sin le haghaidh an mhonaróra Daimler AG agus 0,101 g CO₂/km le haghaidh díorma Daimler AG.
- (5) Rinneadh na meánastaíochtaí sonracha CO₂ agus an fad chuig an sprioc arna gcinneadh le haghaidh Daimler AG agus díorma Daimler AG i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/973 a athríomh agus an méadú ar na coigiltis éicea-nuálaíochta á gcur san áireamh. Is gá, dá bhrí sin, na hiontrálacha ábhartha a oiriúnú.
- (6) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/973 a leasú dá réir sin,

⁽¹⁾ IO L 111, 25.4.2019, lch. 13.

⁽²⁾ IO C 452, 8.11.2021, lch. 21.

⁽³⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/583 ón gCoimisiún an 3 Aibreán 2019 lena ndeimhnítear nó lena leasaítear ríomh sealadach na meánastaíochtaí sonracha CO₂ agus spriocanna astaíochtaí sonracha do mhonaróirí gluasteán paisinéirí le haghaidh na bliana féilire 2017 agus do mhonaróirí áirithe a bhaineann le díorma Volkswagen le haghaidh na mblianta féilire 2014, 2015 agus 2016 de bhun Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 100, 11.4.2019, lch. 66).

⁽⁴⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/973 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2021 lena ndeimhnítear nó lena leasaítear ríomh sealadach na meánastaíochtaí sonracha CO₂ agus na spriocanna astaíochtaí sonracha do mhonaróirí gluasteán paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma le haghaidh na bliana féilire 2019 agus don mhonaróir gluasteán paisinéirí Dr Ing. h.c. F. Porsche AG agus do dhíorma Volkswagen le haghaidh na mblianta féilire 2014 go 2018 de bhun Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 215, 17.6.2021, lch. 1).

⁽⁵⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/158 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2015 maidir le dhá ailtéarnóirí ardéifeachtacha Robert Bosch GmbH a fhorghas ina dteicneolaíochtaí nuálacha chun astaíochtaí CO₂ ó ghluasteáin paisinéirí a laghdú de bhun Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 26, 31.1.2015, lch. 31).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/973

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/973 mar a leanas:

(1) i dTábla 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh Daimler AG:

A	B	C	D	E	F	G	H	I	J
Ainm an mhonaróra	Díormaí agus maoluithe	Líon na glárúcháin	Meánmhais	Na meánastáíochtaí sonracha CO ₂	Sprioc i leith astaíochtaí sonracha	Fad chuig an sprioc	Coigiltis CO ₂ as éiceanuálaíochtaí	Fachtóir ceartúcháin	Lamháil earráide
"DAIMLER AG	P2	979 292	1 589,41	135,985	139,576	- 3,593	0,753	1	0,002";

(2) i dTábla 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh Daimler AG:

A	B	C	D	E	F	G	H	I	J
Ainm an díorma	Díorma	Líon na glárúcháin	Meánmhais	Na meánastáíochtaí sonracha CO ₂	Sprioc i leith astaíochtaí sonracha	Fad chuig an sprioc	Coigiltis CO ₂ as éiceanuálaíochtaí	Fachtóir ceartúcháin	Lamháil earráide
"DAIMLER AG	P2	985 163	1 591,60	136,648	139,676	- 3,030	0,748	1	0,002".

Airteagal 2

Seolaithe

Dírítear an Cinneadh seo chuig na monaróirí aonair agus na díormaí aonair seo a leanas a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/631:

- (1) ADAM OPEL GMBH
Bahnhofsplatz 1 IPC 39-13
65423 Rüsselsheim
AN GHEARMÁIN
- (2) ADIDOR VOITURES SAS
2/4 Rue Hans List
78290 Croissy-sur-Seine
AN FHRAINIC
- (3) ALFA ROMEO SPA
C.so Settembrini, 40
Gate 8 – Building 6 – 1st floor – B15N Colonna N47
10135 Torino
AN IODÁIL

-
- (4) ALKE SRL
via Vigonovese 123
35127 Padova
AN IODÁIL
- (5) ALPINA BURKARD BOVENSIEPEN GMBH E CO KG
Alpenstraße 35-37
86807 Buchloe
AN GHEARMÁIN
- (6) ANHUI JIANGHUAI AUTOMOBILE
Via Lanzo 27
10071 Borgaro Torinese
AN IODÁIL
- (7) ASTON MARTIN LAGONDA LIMITED
Arna ionadú san Aontas ag:
Aston Martin Lagonda of Europe GmbH,
Unterschweinstiege 2-14
60549 Frankfurt am Main
AN GHEARMÁIN
- (8) AUDI AG
Letter box 011/1882
38436 Wolfsburg
AN GHEARMÁIN
- (9) AUDI HUNGARIA MOTOR KFT
Letter box 011/1882
38436 Wolfsburg
AN GHEARMÁIN
- (10) AUDI SPORT GMBH
Letter box 011/1882
38436 Wolfsburg
AN GHEARMÁIN
- (11) AUTOMOBILE DACIA SA
1 Avenue du Golf
78280 Guyancourt Cedex
AN FHRAINIC
- (12) AUTOMOBILES CITROEN
7 rue Henri Sainte-Claire Deville
92500 Rueil-Malmaison
AN FHRAINIC
- (13) AUTOMOBILES PEUGEOT
7 rue Henri Sainte-Claire Deville
92500 Rueil-Malmaison
AN FHRAINIC

- (14) AUTOMOBILI LAMBORGHINI SPA
via Modena 12
40019 Sant'Agata Bolognese (BO)
AN IODÁIL
- (15) AVTOVAZ JSC
Arna ionadú san Aontas ag:
CS AUTOLADA
211 Konevova
130 00 Prague 3
POBLACHT NA SEICE
- (16) BAYERISCHE MOTOREN WERKE AG
Petuelring 130
80788 München
AN GHEARMÁIN
- (17) BEIJING BORGWARD AUTOMOTIVE CO LTD
Kriegsbergstraße 11
70174 Stuttgart
AN GHEARMÁIN
- (18) BENTLEY MOTORS LTD
Pyms Lane
CW1 3PL
Crewe Cheshire
AN RÍOCHT AONTAITHE
- (19) BLUECAR SAS
31-32 quai de Dion Bouton
92800 Puteaux
AN FHRAINIC
- (20) BMW M GMBH
Petuelring 130
80788 München
AN GHEARMÁIN
- (21) BMW Pool
Petuelring 130
80788 München
AN GHEARMÁIN
- (22) BUGATTI AUTOMOBILES SAS
Letter box 011/1882
38436 Wolfsburg
AN GHEARMÁIN
- (23) CATERHAM CARS LIMITED
2 Kennet Road
DA1 4QN Dartford
AN RÍOCHT AONTAITHE

- (24) CNG-TECHNIK GMBH
Niehl Plant, building, Imbert 479
Henry Ford Strasse 1
50735 Köln
AN GHEARMÁIN
- (25) DAIMLER AG
Building 120, Mercedesstrasse 120
70546 Stuttgart-Untertuerkheim
AN GHEARMÁIN
- (26) DAIMLER Pool (M1)
Arna ionadú san Aontas ag:
DAIMLER AG
Building 120, Mercedesstrasse 120
70546 Stuttgart-Untertuerkheim
AN GHEARMÁIN
- (27) DAIMLER Pool (N1)
Arna ionadú san Aontas ag:
DAIMLER AG
Building 120, Mercedesstrasse 120
70546 Stuttgart-Untertuerkheim
AN GHEARMÁIN
- (28) DFSK MOTOR CO LTD
Arna ionadú san Aontas ag:
Giotti Victoria Sr.l. Pisana Road, 11/a
50021 Barberino, Val D' Elsa (FI)
AN IODÁIL
- (29) DONKERVOORT AUTOMOBIELEN BV
Pascallaan 96
8218 NJ Lelystad
AN ÍSILTÍR
- (30) DR AUTOMOBILES SRL
Zona Industriale, Snc
86070 Macchia d'Isernia
AN IODÁIL
- (31) DR ING HCF PORSCHE AG
Letter box 011/1882
38436 Wolfsburg
AN GHEARMÁIN
- (32) DR MOTOR COMPANY SRL
S S 85 Venafrana km 37500
86070 Macchia d'Isernia
AN IODÁIL

- (33) E-GO MOBILE AG
AG Campus-Boulevard 30 D
52074 Aachen
AN GHEARMÁIN
- (34) FABBRICA DALLARA SRL
Via Guglielmo Marconi, 18
43040 Varano de' Melegari (PR)
AN IODÁIL
- (35) FCA ITALY SPA
C.so Settembrini, 40
Gate 8 – Building 6 – 1st floor – B15N Colonna N47
10135 Torino
AN IODÁIL
- (36) FCA TESLA Pool
Arna ionadú san Aontas ag:
FCA Italy SpA
C.so Settembrini, 40
Gate 8 – Building 6 – 1st floor – B15N Colonna N47
10135 Torino
AN IODÁIL
- (37) FCA US LLC
C.so Settembrini, 40
Gate 8 – Building 6 – 1st floor – B15N Colonna N47
10135 Torino
AN IODÁIL
- (38) FIAT GROUP Pool (N1)
C.so Settembrini, 40
Gate 8 – Building 6 – 1st floor – B15N Colonna N47
10135 Torino
AN IODÁIL
- (39) ESAGONO ENERGIA SRL
Via Puecher 9
20060 Pozzuolo Martesana (MI)
AN IODÁIL
- (40) FERRARI SPA
Via Emilia Est 1163
41122 Modena
AN IODÁIL
- (41) FORD INDIA PRIVATE LIMITED
Niehl Plant, building, Imbert 479
Henry Ford Strasse 1
50735 Köln
AN GHEARMÁIN

- (42) FORD MOTOR COMPANY
Niehl Plant, building, Imbert 479
Henry Ford Strasse 1
50735 Köln
AN GHEARMÁIN
- (43) FORD MOTOR COMPANY OF AUSTRALIA LIMITED
Niehl Plant, building, Imbert 479
Henry Ford Strasse 1
50735 Köln
AN GHEARMÁIN
- (44) FORD-WERKE GMBH
Niehl Plant, building, Imbert 479
Henry Ford Strasse 1
50735 Köln
AN GHEARMÁIN
- (45) FORD Pool (M1)
Arna ionadú san Aontas ag:
Ford-Werke Gmbh
Niehl Plant, building, Imbert 479
Henry Ford Strasse 1
50735 Köln
AN GHEARMÁIN
- (46) FORD Pool (N1)
Arna ionadú san Aontas ag:
Ford-Werke Gmbh
Niehl Plant, building, Imbert 479
Henry Ford Strasse 1
50735 Köln
AN GHEARMÁIN
- (47) FUSO
Arna ionadú san Aontas ag:
Daimler AG, Building 120, Mercedesstrasse 120
70546
Stuttgart-Untertuerkheim
AN GHEARMÁIN
- (48) GAZ
Poe 2
60502 Lähde Tartumaa
AN EASTÓIN
- (49) GENERAL MOTORS HOLDINGS LLC
Bouwhuispad 1
8121 PX Olst
AN ÍSILTÍR

- (50) GONOW AUTO CO LTD
Via della Muratella, 797
00054 Maccarese (RM)
AN IODÁIL
- (51) GOUPIL INDUSTRIE SA
Route de Villeneuve
47320 Bourran
AN FHRAINIC
- (52) GREAT WALL MOTOR COMPANY LIMITED
Great Wall Motor Europe Technical Center
Otto-Hahn-Str. 5
63128 Dietzenbach
AN GHEARMÁIN
- (53) GUMPERT AIWAYS-AUTOMOBILE GMBH
Carl-Hahn-Straße 5
85053 Ingolstadt
AN GHEARMÁIN
- (54) HONDA MOTOR CO LTD
Arna ionadú san Aontas ag:
Honda Motor Europe Ltd
Wijngaardveld 1 (Noord V)
9300 Aalst
AN BHEILG
- (55) HONDA Pool
Arna ionadú san Aontas ag:
Honda Motor Europe Ltd
Wijngaardveld 1 (Noord V)
9300 Aalst
AN BHEILG
- (56) HONDA OF THE UK MANUFACTURING LTD
Arna ionadú san Aontas ag:
Honda Motor Europe Ltd
Wijngaardveld 1 (Noord V)
9300 Aalst
AN BHEILG
- (57) HYUNDAI ASSAN OTOMOTIV SANAYI VE TICARET AS
Arna ionadú san Aontas ag:
Hyundai Motor Europe Technical Centre GmbH
Hyundai Platz
65428 Russelsheim
AN GHEARMÁIN

- (58) HYUNDAI Pool (M1)
Arna ionadú san Aontas ag:
Hyundai Motor Europe Technical Centre GmbH
Hyundai Platz
65428 Russelsheim
AN GHEARMÁIN
- (59) HYUNDAI Pool (N1)
Arna ionadú san Aontas ag:
Hyundai Motor Europe Technical Centre GmbH
Hyundai Platz
65428 Russelsheim
AN GHEARMÁIN
- (60) HYUNDAI MOTOR COMPANY
Arna ionadú san Aontas ag:
Hyundai Motor Europe Technical Centre GmbH
Hyundai Platz
65428 Russelsheim
AN GHEARMÁIN
- (61) HYUNDAI MOTOR EUROPE GMBH
Arna ionadú san Aontas ag:
Hyundai Motor Europe Technical Centre GmbH
Hyundai Platz
65428 Russelsheim
AN GHEARMÁIN
- (62) HYUNDAI MOTOR MANUFACTURING CZECH SRO
Arna ionadú san Aontas ag:
Hyundai Motor Europe Technical Centre GmbH
Hyundai Platz
65428 Russelsheim
AN GHEARMÁIN
- (63) ISUZU MOTORS LIMITED
Bist 12
2630 Aartselaar
AN BHEILG
- (64) IVECO SPA
Via Puglia 35
10156 Torino
AN IODÁIL
- (65) JAGUAR LAND ROVER LIMITED
Arna ionadú san Aontas ag:
JLR Ireland (Services) Ltd, Software Engineering Centre,
Three Airport Avenue, Shannon Industrial Estate
V14 YH92 Sionainn (Co. an Chláir)
ÉIRE

- (66) KIA Pool (M1)
Theodor-Heuss-Allee 11
60486 Frankfurt/M
AN GHEARMÁIN
- (67) KIA Pool (N1)
Theodor-Heuss-Allee 11
60486 Frankfurt/M
AN GHEARMÁIN
- (68) KIA MOTORS CORPORATION
Theodor-Heuss-Allee 11
60486 Frankfurt/M
AN GHEARMÁIN
- (69) KIA MOTORS SLOVAKIA SRO
Theodor-Heuss-Allee 11
60486 Frankfurt/M
AN GHEARMÁIN
- (70) KOENIGSEGG AUTOMOTIVE AB
Valhall Park
262 74 Angelholm
AN tSUALAINN
- (71) KTM-SPORTMOTORCYCLE AG
Stallhofnerstrasse 3
5230 Mattighofen
AN OSTAIR
- (72) LADA AUTOMOBILE GMBH
Erlengrund 7
21614 Buxtehude
AN GHEARMÁIN
- (73) LIGIER GROUP
Route d'Hauterive 105
3200 Abrest
AN FHRAINIC
- (74) LONDON EV COMPANY
Arna ionadú san Aontas ag:
Cina-Euro Vehicle Technology (CEVT), Theres Svenssons Gata 7
41755 Goteborg
AN tSUALAINN
- (75) LOTUS CARS LIMITED
Arna ionadú san Aontas ag:
Cina-Euro Vehicle Technology (CEVT), Theres Svenssons Gata 7
41755 Goteborg
AN tSUALAINN

- (76) MAGYAR SUZUKI CORPORATION LTD
Schweidel Jozsef U52
2500 Esztergom
AN UNGÁIR
- (77) MAHINDRA & MAHINDRA LTD
Via Cancelliera 35
00072 Ariccia (Roma)
AN IODÁIL
- (78) MAN TRUCK & BUS AG
Letter box 011/1882
38436 Wolfsburg
AN GHEARMÁIN
- (79) MARUTI SUZUKI INDIA LTD
Schweidel Jozsef U52
2500 Esztergom
AN UNGÁIR
- (80) MASERATI SPA
Viale Ciro Menotti 322
41122 Modena
AN IODÁIL
- (81) MAZDA MOTOR CORPORATION
European R & D Centre
Hiroshimastr. 1
61440 Oberursel/Taunus
AN GHEARMÁIN
- (82) MCLAREN AUTOMOTIVE LIMITED
Chertsey Road Woking
GU21 4YH Surrey
AN RÍOCHT AONTAITHE
- (83) MERCEDES-AMG GMBH
Arna ionadú san Aontas ag:
Daimler AG, Building 120, Mercedesstrasse 120
70546 Stuttgart-Untertuerkheim
AN GHEARMÁIN
- (84) MFTBC
F403, EA/R
70546 Stuttgart
AN GHEARMÁIN

- (85) MG MOTOR UK LIMITED
Arna ionadú san Aontas ag:
SAIC Motor Europe B.V.
Professor W.H. Keesomlaan 12
1183 Amstelveen
AN ÍSILTÍR
- (86) MG SAIC Pool
Arna ionadú san Aontas ag:
SAIC MOTOR CORPORATION
Dyapason Building, 4, rue Robert Stumper
L-2557 Luxembourg -Cloche d`Or
LUCSAMBURG
- (87) MITSUBISHI MOTORS Pool (M1)
Arna ionadú san Aontas ag:
Mitsubishi Motors Europe BV
Mitsubishi Avenue 21
6121 SH Born
AN ÍSILTÍR
- (88) MITSUBISHI MOTORS Pool (N1)
Arna ionadú san Aontas ag:
Mitsubishi Motors Europe BV
Mitsubishi Avenue 21
6121 SH Born
AN ÍSILTÍR
- (89) MITSUBISHI MOTORS CORPORATION MMC
Arna ionadú san Aontas ag:
Mitsubishi Motors Europe BV
Mitsubishi Avenue 21
6121 SH Born
AN ÍSILTÍR
- (90) MITSUBISHI MOTORS THAILAND CO LTD MMTH
Arna ionadú san Aontas ag:
Mitsubishi Motors Europe BV
Mitsubishi Avenue 21
6121 SH Born
AN ÍSILTÍR
- (91) MORGAN TECHNOLOGIES LTD
Pickersleigh Road Malvern Link
WR14 2LL Worcestershire
AN RÍOCHT AONTAITHE
- (92) NISSAN INTERNATIONAL SA
Renault Nissan Representation Office
Avenue des Arts/Kunstlaan 40
1040 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

- (93) OPEL AUTOMOBILE GMBH
Bahnhofsplatz 1 IPC 39-13
65423 Rüsselsheim
AN GHEARMÁIN
- (94) PAGANI AUTOMOBILI SPA
Via dell' Artigianato 5
41018 San Cesario sul Panaro (Modena)
AN IODÁIL
- (95) PIAGGIO & C SPA
Viale Rinaldo Piaggio, 25
56025 Pontedera (PI)
AN IODÁIL
- (96) GROUPE PSA Pool (N1)
Route de Gisy
78943 Velizy-Villacoublay Cedex
AN FHRAINIC
- (97) PSA AUTOMOBILES SA
2-10 boulevard de l'Europe
78300 Poissy
AN FHRAINIC
- (98) PSA OPEL Pool (M1)
Route de Gisy
78943 Guyancourt Cedex
AN FHRAINIC
- (99) RENAULT Pool (M1)
1 avenue du Golf
78288 Guyancourt Cedex
AN FHRAINIC
- (100) RENAULT Pool (N1)
1 avenue du Golf
78288 Guyancourt Cedex
AN FHRAINIC
- (101) RENAULT SAS
1 avenue du Golf
78288 Guyancourt Cedex
AN FHRAINIC
- (102) RENAULT TRUCKS
99 Route de Lyon TER L10 0 01
69806 Saint Priest Cedex
AN FHRAINIC

- (103) ROLLS-ROYCE MOTOR CARS LTD
Petuelring 130
80788 München
AN GHEARMÁIN
- (104) ROMANITAL SRL
Via delle Industrie, 107
90040 Isola delle Femmine PA
AN IODÁIL
- (105) SAIC MOTOR CORPORATION
Dyapason Building, 4, rue Robert Stumper
L-2557 Luxembourg-Cloche d'Or
LUCSAMBURG
- (106) SAIC MAXUS AUTOMOTIVE CO LTD
Dyapason Building, 4, rue Robert Stumper
L-2557 Luxembourg-Cloche d'Or
LUCSAMBURG
- (107) SEAT SA
Letter box 011/1882
38436 Wolfsburg
AN GHEARMÁIN
- (108) SECMA SAS
Rue Denfert Rochereau
59580 Aniche
AN FHRAINIC
- (109) SKODA AUTO AS
Letter box 011/1882
38436 Wolfsburg
AN GHEARMÁIN
- (110) SOCIETE DES AUTOMOBILES ALPINE
1 Avenue du Golf
78280 Guyancourt Cedex
AN FHRAINIC
- (111) SSANGYONG MOTOR COMPANY
SsangYong Motor Europe Office c/o Business center
Otto-Volger-Straße 15
65843 Sulzbach
AN GHEARMÁIN
- (112) STREETSCOOTER GMBH
Jülicher Straße 191
52070 Aachen
AN GHEARMÁIN

- (113) SUBARU CORPORATION
Leuvensesteenweg 555 B/8
1930 Zaventem
AN BHEILG
- (114) SUZUKI MOTOR CORPORATION
Schweidel Jozsef U52
2500 Esztergom
AN UNGÁIR
- (115) SUZUKI MOTOR THAILAND CO LTD
Schweidel Jozsef U52
2500 Esztergom
AN UNGÁIR
- (116) SUZUKI Pool
Schweidel Jozsef U52
2500 Esztergom
AN UNGÁIR
- (117) TATA JAGUAR LAND ROVER Pool
Arna ionadú san Aontas ag:
JLR Ireland (Services) Ltd, Software Engineering Centre,
Three Airport Avenue, Shannon Industrial Estate
V14 YH92 Sionainn (Co. an Chláir)
ÉIRE
- (118) TECNO MECCANICA IMOLA SPA
Arna ionadú san Aontas ag:
Artega GmbH, Artegastraße 1
33129 Delbrück
AN GHEARMÁIN
- (119) TESLA MOTORS LTD
Arna ionadú san Aontas ag:
Tesla Motors Netherlands B.V.,
Burgemeester Stramanweg 122
1101 EN Amsterdam
AN ÍSILTÍR
- (120) TOYOTA MAZDA Pool
Arna ionadú san Aontas ag:
Toyota Motor Europe Nv Sa
Avenue du Bourget/Bourgetlaan 60
1140 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
- (121) TOYOTA MOTOR EUROPE NV SA
Avenue du Bourget/Bourgetlaan 60
1140 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

- (122) UAZ
Moskovskoye shosse, 92
432034 Ulyanovsk
AN RÚÍS
- (123) VOLKSWAGEN AG
Letter box 011/1882
38436 Wolfsburg
AN GHEARMÁIN
- (124) VOLKSWAGEN Pool (M1)
Arna ionadú san Aontas ag:
VW GROUP PC
Letter box 011/1882
38436 Wolfsburg
AN GHEARMÁIN
- (125) VOLKSWAGEN Pool (N1)
Arna ionadú san Aontas ag:
VOLKSWAGEN GROUP LCV
Letter box 011/1882
38436 Wolfsburg
AN GHEARMÁIN
- (126) VOLVO CAR CORPORATION
Regulatory Affairs Environment (Dep 58832)
PV3A1, PVE Reception, Assar Gabrielssons väg
40531 Göteborg
AN tSUALAINN

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Feabhra 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Frans TIMMERMANS
Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/325 ÓN gCOIMISIÚN**an 24 Feabhra 2022**

lena leasaítear Cinntí Cur Chun Feidhme 2015/698 2017/2448, 2017/2452, 2018/1109, 2018/1110, 2019/1304, 2019/1306 agus 2021/1388 a mhéid a bhaineann le sealbhóir an údaraithe agus a ionadaí san Aontas maidir le táirgí ina bhfuil orgánaigh ghéinmhodhnaithe áirithe, nó atá comhdhéanta díobh, nó a tháirgtear astu, a chur ar an margadh

(a bhfuil fógra tugtha faoi ina leith C(2022) 1049)

(Is ag an téacs san Ollainnis a bheidh an t – údarás agus aige sin amháin)

Téacs atá ábhartha maidir le LEE

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le bia agus beatha ghéinmhodhnaithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) agus Airteagal 21(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is é Pioneer Overseas Corporation, atá lonnaithe sa Bheilg, a dhéanann ionadaíocht san Aontas ar Pioneer Hi-Bred International Inc., atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, a mhéid a bhaineann leis na húdaruithe maidir le táirgí ina bhfuil orgánaigh ghéinmhodhnaithe áirithe, nó atá comhdhéanta díobh, nó a tháirgtear astu, a chur ar an margadh, údaruithe arna ndéonú le Cinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2015/698 ⁽²⁾, (AE) 2017/2448 ⁽³⁾, (AE) 2017/2452 ⁽⁴⁾, (AE) 2018/1109 ⁽⁵⁾, (AE) 2018/1110 ⁽⁶⁾, (AE) 2019/1304 ⁽⁷⁾, (AE) 2019/1306 ⁽⁸⁾ agus (AE) 2021/1388 ⁽⁹⁾ ón gCoimisiún.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 1.

⁽²⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/698 ón gCoimisiún an 24 Aibreán 2015 lena n-údaraitear táirgí ina bhfuil pónairí soighe géinmhodhnaithe 305423 (DP-3Ø5423-1), nó atá comhdhéanta díobh, nó a tháirgtear astu, a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 112, 30.4.2015, lch. 71).

⁽³⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2448 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2017 lena n-údaraitear táirgí ina bhfuil pónairí soighe géinmhodhnaithe 305423 × 40-3-2 (DP-3Ø5423-1 × MON-Ø4Ø32-6) nó atá comhdhéanta díobh, nó a tháirgtear astu, a chur ar an margadh, de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bia agus beatha ghéinmhodhnaithe (IO L 346, 28.12.2017, lch. 6).

⁽⁴⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2452 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2017 lena ndéantar athnuachan ar an údarú maidir le táirgí ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe 1507 (DAS-Ø15Ø7-1), atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as, a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 346, 28.12.2017, lch. 25).

⁽⁵⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/2018/AE ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2018 lena ndéantar athnuachan ar an údarú maidir le táirgí ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe 59122 (DAS-59122-7), atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as, a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 203, 10.8.2018, lch. 7).

⁽⁶⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1110 ón gCoimisiún an 3 Lúnasa lena n-údaraitear táirgí ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe 1507 × 59122 × MON 810 × NK603, atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as, agus arbhar Indiach géinmhodhnaithe ina gcomhcheanglaítear dhá cheann nó trí cinn de na teagmhais thrasfhoirmithe 1507, 59122, MON 810 agus NK6031507 a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/815/CE, 2010/428/AE agus 2010/432/AE (IO L 203, 10.8.2018, lch. 13).

⁽⁷⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1304 ón gCoimisiún an 26 Iúil 2019 lena n-údaraitear táirgí ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe 4114 (DP-ØØ4114-3), atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as, a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 204, 2.8.2019, lch. 65).

⁽⁸⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1306 ón gCoimisiún an 26 Iúil 2019 lena ndéantar athnuachan ar an údarú maidir le táirgí ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe 1507 × NK603 (DAS-Ø15Ø7-1 × MON-ØØ6Ø3-6), atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as, a chur ar an margadh, de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 204, 2.8.2019, lch. 75).

⁽⁹⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1388 ón gCoimisiún an 17 Lúnasa 2021 lena n-údaraitear táirgí ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe 1507 × MIR162 × MON810 × NK603, atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as, agus arbhar Indiach géinmhodhnaithe ina gcomhcheanglaítear dhá cheann nó trí cinn de na teagmhais thrasfhoirmithe 1507, MIR162, MON810 agus NK603, a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 300, 24.8.2021, lch. 22).

- (2) Is é Dow AgroSciences Distribution S.A.S., atá lonnaithe sa Fhrainc, a dhéanann ionadaíocht san Aontas ar Dow AgroSciences LLC, atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, a mhéid a bhaineann le húdaruithe maidir le táirgí ina bhfuil orgánaigh ghéinmhodhnaithe áirithe, atá comhdhéanta díobh nó a tháirgtear astu, a chur ar an margadh, údaruithe arna ndeónú le Cinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2452, (AE) 2018/1109 agus (AE) 2019/1306.
- (3) Le litir dár dáta an 22 Márta 2021, chuir Corteva Agriscience LLC an Coimisiún ar an eolas gur athraigh Dow AgroSciences LLC a ainm go Corteva Agriscience LLC ón 1 Eanáir 2021 ar aghaidh.
- (4) Le litir dár dáta an 1 Samhain 2021, d'iarr Pioneer Hi-Bred International, Inc. go ndéanfadh an Coimisiún cearta agus oibleagáidí Pioneer Hi-Bred International, Inc. a bhaineann leis na húdaruithe agus na hiarratais atá ar feitheamh uile maidir le táirgí géinmhodhnaithe, a aistriú chuig Corteva Agriscience LLC.
- (5) Le litir dár dáta an 1 Samhain 2021, chuir Corteva Agriscience LLC an Coimisiún ar an eolas gurb é Corteva Agriscience Belgium BV, atá lonnaithe sa Bheilg, a ionadaí san Aontas ón 1 Samhain 2021.
- (6) Is athruithe riaracháin go díreach iad na hathruithe a iarrtar agus dá bhrí sin níl measúnú nua i gceist ar na táirgí lena mbaineann.
- (7) Dá bhrí sin, ba cheart Cinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2015/698, (AE) 2017/2448, (AE) 2017/2452, (AE) 2018/1109, (AE) 2018/1110, (AE) 2019/1304, (AE) 2019/1306 agus (AE) 2021/1388 a leasú dá réir sin.
- (8) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/698

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/698 mar a leanas:

- (1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

“Airteagal 7

Sealbhóir an údaraithe

Is é Corteva Agriscience LLC, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience an Bheilg BV, a bheidh ina shealbhóir údaraithe.”

- (2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

“Airteagal 9

Seolaí

Dírítear an Cinneadh seo chuig Corteva Agriscience LLC, 9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg.’

- (3) san Iarscríbhinn, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) An t-iarratasóir agus sealbhóir an údaraithe

Ainm: Corteva Agriscience LLC

Seoladh: 9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá,

arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg.”

*Airteagal 2***Leasuithe ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2448**

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2448 mar a leanas:

- (1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

“*Airteagal 7*

Sealbhóir an údaraithe

Is é Corteva Agriscience LLC, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience an Bheilg BV, a bheidh ina shealbhóir údaraithe.”

- (2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

“*Airteagal 9*

Seolaí

Dírítear an Cinneadh seo chuig Corteva Agriscience LLC, 9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg.”

- (3) san Iarscríbhinn, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) **An t-iarratasóir agus sealbhóir an údaraithe**

Ainm: Corteva Agriscience LLC

Seoladh: 9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá,,

arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg.”

*Airteagal 3***Leasuithe ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2452**

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2452 mar a leanas:

- (1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

“*Airteagal 7*

Sealbhóir an údaraithe

Is é Corteva Agriscience LLC, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience an Bheilg BV, a bheidh ina shealbhóir údaraithe.”

- (2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

“*Airteagal 9*

Seolaí

Dírítear an Cinneadh seo chuig Corteva Agriscience LLC, 9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg.”

- (3) san Iarscríbhinn, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm: Corteva Agriscience LLC

Seoladh: 9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá,,

arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg.”

*Airteagal 4***Leasuithe ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1109**

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1109 mar a leanas:

- (1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

“*Airteagal 7*

Sealbhóir an údaraithe

Is é Corteva Agriscience LLC, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience an Bheilg BV, a bheidh ina shealbhóir údaraithe.”

- (2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

“*Airteagal 9*

Seolaí

Dírítear an Cinneadh seo chuig Corteva Agriscience LLC, 9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg.”

- (3) san Iarscríbhinn, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) **An t-iarratasóir agus sealbhóir an údaraithe**

Ainm: Corteva Agriscience LLC

Seoladh: 9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá,,

arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg.”

*Airteagal 5***Leasuithe ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1110**

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1110 mar a leanas:

- (1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

“*Airteagal 7*

Sealbhóir an údaraithe

Is é Corteva Agriscience LLC, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience an Bheilg BV, a bheidh ina shealbhóir údaraithe.”

- (2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

“*Airteagal 10*

Seolaí

Dírítear an Cinneadh seo chuig Corteva Agriscience LLC, 9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg.”

- (3) san Iarscríbhinn, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) **An t-iarratasóir agus sealbhóir an údaraithe**

Ainm: Corteva Agriscience LLC

Seoladh: 9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá,,

arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg.”

*Airteagal 6***Leasuithe ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1304**

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1 304 mar a leanas:

- (1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

“Airteagal 7

Sealbhóir an údaraithe

Is é Corteva Agriscience LLC, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience an Bheilg BV, a bheidh ina shealbhóir údaraithe.”

- (2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

“Airteagal 9

Seolaí

Dírítear an Cinneadh seo chuig Corteva Agriscience LLC, 9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg.”

- (3) san Iarscríbhinn, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) **An t-iarratasóir agus sealbhóir an údaraithe**

Ainm: Corteva Agriscience LLC
Seoladh: 9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá,,

arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg.”

*Airteagal 7***Leasuithe ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1306**

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1 306 mar a leanas:

- (1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

“Airteagal 7

Sealbhóir an údaraithe

Is é Corteva Agriscience LLC, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience an Bheilg BV, a bheidh ina shealbhóir údaraithe.”

- (2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

“Airteagal 9

Seolaí

Dírítear an Cinneadh seo chuig Corteva Agriscience LLC, 9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg.”

- (3) san Iarscríbhinn, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) **An t-iarratasóir agus sealbhóir an údaraithe**

Ainm: Corteva Agriscience LLC
Seoladh: 9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá,,

arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg.”

*Airteagal 8***Leasuithe ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1388**

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1388 mar a leanas:

- (1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

“Airteagal 7

Sealbhóir an údaraithe

Is é Corteva Agriscience LLC, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience an Bheilg BV, a bheidh ina sealbhóir údaraithe.”

- (2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

“Airteagal 9

Seolaí

Dírítear an Cinneadh seo chuig Corteva Agriscience LLC, 9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg.”

- (3) san Iarscríbhinn, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) An t-iarratasóir agus sealbhóir an údaraithe

Ainm: Corteva Agriscience LLC

Seoladh: 9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá,,

arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg.”

*Airteagal 9***Seolaí**

Dírítear an Cinneadh seo chuig Corteva Agriscience LLC, 9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Feabhra 2022.

Thar ceann an Choimisiúin

Stella KYRIAKIDES

Comhalta den Choimisiún

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/326 ÓN gCOIMISIÚN
an 24 Feabhra 2022

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/961 lena n-údaráítear beart sealadach arna ghlacadh ag Poblacht na Fraince i gcomhréir le hAirteagal 129 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú, agus Srianadh Ceimiceán (REACH) chun srian a chur ar úsáid agus ar chur ar an margadh adhmaid áirithe atá cóireáilte le créasóid agus substaintí eile gaolmhara

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 1074)

(Is é an téacs i bhFraincis atá barántúil, agus an téacs sin amháin)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún, chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 129(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 7 Meitheamh 2019, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/961 ⁽²⁾ (“an Cinneadh”) lena n-údaráítear beart sealadach arna ghlacadh ag an bhFrainc i gcomhréir le hAirteagal 129 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 chun srian a chur ar úsáid agus ar chur ar an margadh adhmaid áirithe atá cóireáilte le créasóid agus substaintí eile gaolmhara.
- (2) De bhun Airteagal 1(1) den Chinneadh, údaráíodh an beart sealadach le haghaidh tréimhse 27 mí ón dáta a ghabh éifeacht leis an gCinneadh, tréimhse dar críoch, dá bhrí sin, an 7 Meán Fómhair 2021.
- (3) Beartaíodh tréimhse 27 mí chun dóthain ama a sholáthar chun an nós imeachta srianta a thabhairt i gcrích, nós imeachta ar chuir Airteagal 129(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 iachall ar an bhFrainc é a thionscnamh trí shainchomhad a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta Ceimiceán Eorpaí (an Ghníomhaireacht) i gcomhréir le hIarscríbhinn XV a ghabhann leis an Rialachán sin (“sainchomhad Iarscríbhinn XV”), laistigh de 3 mhí ón gCinneadh.
- (4) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1839 ón gCoimisiún ⁽³⁾, cuireadh ar atráth go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2022 dáta éaga an fhormheasa maidir le créasóid a úsáid i dtáirgí bithicéideacha de chineál táirge 8. Rinneadh an méid sin d’fhonn an t-am is gá chun tuairim na Gníomhaireachta a ullmhú agus a chur isteach, chun an t-am sin a chur san áireamh chomh maith leis an am is gá chun a chinneadh an bhfuil ceann amháin ar a laghad de choinníollacha Airteagal 5(2), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ comhlíonta agus cé acu a fhéadfar an formheas maidir le créasóid a athnuachan dá bhrí sin nó nach bhféadfar.
- (5) Níor thionscain an Fhrainc an nós imeachta srianta laistigh de 3 mhí ón gCinneadh. Raon feidhme agus ábhar shainchomhad Iarscríbhinn XV atá le cur isteach, áitíonn an Fhrainc go bhfuil sé nasctha go dlúth le conclúidí an phlé ar athnuachan nó neamh-athnuachan an fhormheasa maidir le créasóid faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, sa tslí go n-áiríthítear comhsheasmhacht dhlíthiúil idir conclúidí an phlé sin agus srian a d’fhéadfadh a bheith ann faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006. Gheall an Fhrainc go gcuirfeadh sí sainchomhad Iarscríbhinn XV isteach faoin 1 Feabhra 2022 ionas gur féidir conclúidí an phlé sin a thabhairt san áireamh.

⁽¹⁾ IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.

⁽²⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/961 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2019 lena n-údaráítear beart sealadach arna ghlacadh ag Poblacht na Fraince i gcomhréir le hAirteagal 129 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú, agus Srianadh Ceimiceán (REACH) chun srian a chur ar úsáid agus ar chur ar an margadh adhmaid áirithe atá cóireáilte le créasóid agus substaintí eile gaolmhara (IO L 154, 12.6.2019, lch. 44).

⁽³⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1839 ón gCoimisiún an 15 Deireadh Fómhair 2021 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le créasóid a úsáid i dtáirgí bithicéideacha de chineál táirge 8 (IO L 372, 20.10.2021, lch. 27).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicéideacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lch. 1).

- (6) An tréimhse a ndéantar an beart sealadach a údarú ina leith, ba cheart gur tréimhse í a d'fhágadh go mbeifí in ann an nós imeachta srianta a thabhairt i gcrích. I bhfianaise na n-amlínte a bhaineann leis an nós imeachta srianta, ba cheart síneadh a chur leis an tréimhse a ndéantar an beart sealadach a údarú ina leith, agus is é an fad céanna a ríomhtar sa Chinneadh ba cheart a bheith sa síneadh sin, eadhon 27 mí ón dáta a cuireadh sainchomhad Iarscríbhinn XV isteach.
- (7) Na cúiseanna le húdarú a thabhairt don bheart sealadach, cúiseanna a thuairiscítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/961, níl aon athrú tagtha ar na cúiseanna sin. Dá thoradh sin, an beart sealadach a bheith údaraithe, is rud é ba cheart leanúint ar aghaidh.
- (8) Chun éiginnteacht dhlíthiúil a sheachaint, éiginnteacht dhlíthiúil a bheadh mar thoradh ar dhul in éag údarú bheart sealadach na Fraince sula gcuirfear an nós imeachta srianta i gcrích, is gá síneadh, le héifeacht chúlghabhálach, a chur leis an tréimhse a ndéantar an beart sealadach a údarú ina leith. Ba cheart, dá bhrí sin, an tréimhse a ríomh ón 8 Meán Fómhair 2021 seachas ón dáta a mheastar a chuirfear sainchomhad Iarscríbhinn XV isteach, agus dá réir sin ba cheart 5 mhí sa bhreis a chur leis, ionas gur 32 mhí a bheidh i síneadh iomlán na tréimhse.
- (9) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/961 a leasú dá réir.
- (10) Tá an Cinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú faoi Airteagal 133 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 1(1) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/961, cuirtear “59 mí” in ionad “27 mí”.

Airteagal 2

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 8 Meán Fómhair 2021.

Airteagal 3

Dírítear an Cinneadh seo ar Phoblacht na Fraince.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Feabhra 2022.

Thar ceann an Choimisiúin

Thierry BRETON

Comhalta den Choimisiún

CEARTÚCHÁIN

Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2022/262 ón gComhairle an 23 Feabhra 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíobhsú staid na hÚcráine

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 42 I an 23 Feabhra 2022)

Leathanach 74:

Léitear Rialachán (AE) 2022/262 mar a leanas:

**“RIALACHÁN (AE) 2022/262 ÓN gCOMHAIRLE
an 23 Feabhra 2022****lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíobhsú staid na hÚcráine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES)2022/264 ón gComhairle ⁽¹⁾ an 23 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíobhsú staid na hÚcráine,

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 31 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ⁽²⁾.
- (2) Le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 tugtar éifeacht do bhearta áirithe dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle ⁽³⁾, agus cuirtear toirmeasc ar earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide a dhíol le haon duine, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó a sholáthar d'aon duine, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó a aistriú nó a onnmhairiú chuig aon duine, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis, más amhlaidh go bhfuil na hítimí sin le haghaidh úsáid mhíleata nó le haghaidh úsáideoirí deiridh míleata. Cuirtear cosc leis freisin earraí agus teicneolaíocht den sórt sin a dhíol le daoine dlítheanacha sonraithe sa Rúis agus cuirtear toirmeasc ar chúnamh teicniúil agus seirbhísí gaolmhara eile a sholáthar, agus cuirtear toirmeasc leis ar mhaoiniú agus ar chúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht sin. Ina theannta sin, leis an Rialachán, ceanglaítear ar oibreoirí réamhúdarú a fháil i ndáil le teicneolaíochtaí áirithe a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, ar teicneolaíochtaí iad atá le haghaidh an tionscail ola sa Rúis agus cuirtear toirmeasc ar sholáthar seirbhísí gaolmhara atá riachtanach maidir le taiscéalaíocht agus táirgeadh ola domhainmhara, taiscéalaíocht agus táirgeadh ola san Artach agus tionscadail scealla ola sa Rúis, lena n-áirítear Limistéar Eacnamaíoch Eisiach agus Scairbh Ilchríochach na Rúise. Cuirtear toirmeasc freisin, leis an Rialachán, ar sholáthar cúnaimh theicniúil a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht a liostaítear i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais, nó a bhaineann leis na hearraí sin a sholáthar, a mhonarú, a chothabháil agus a úsáid. Forchuirtear leis freisin srianta ar rochtain ar an margadh caipitil i gcás institiúidí airgeadais áirithe de chuid na Rúise.
- (3) An 21 Feabhra 2022, shínigh Uachtarán Chónaidhm na Rúise foraithe inar aithníodh ‘neamhspleáchas agus ceannasacht’ na limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais i réigiúin Donetsk agus Luhansk na hÚcráine agus inar ordaíodh fórsaí armtha Rúiseach isteach sa limistéar.

⁽¹⁾ IO L 42 I, 23.2.2022, lch. 95.

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13).

- (4) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, an 23 Feabhra 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/264 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES agus lena bhforchuirtear bearta sriantacha breise lena dtoirmeasctar maoiniú na Rúise, a rialtais agus a Bainc Ceannais.
- (5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f)(iii):
 - (iii) aon urrús eile lena dtugtar an ceart aon urrús inaistrithe den sórt sin a fháil nó a dhíol nó as a dtagann socraíocht airgid arna cinneadh trí thagairt d'urrúis inaistrithe;
- (2) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

'Airteagal 5a

1. Urrúis inaistrithe agus ionstraimí margaidh airgid a eiseofar tar éis an 9 Márta 2022 toirmeasctar iad a cheannach, a dhíol, seirbhísí infheistíochta a sholáthar dóibh nó cabhair a eisiúint ina leith, nó déileáil leo ar shlí eile, go díreach nó go hindíreach, ar ceann díobh seo a leanas a eiseoidh iad:

- (a) An Rúis agus a rialtas; nó
 - (b) Banc Ceannais na Rúise; nó
 - (c) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir an eintitis dá dtagraítear i bpointe (b).
2. Toirmeasctar aon iasacht nó creidmheas nua a dhéanamh, nó páirt a ghlacadh in aon socrú iasacht nó creidmheas nua a dhéanamh, go díreach nó go neamhdhíreach, le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i mír 1 i ndiaidh an 23 Feabhra 2022.

Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc maidir le hiasachtaí ná creidmheas a bhfuil cuspóir sonracha doiciméadaithe acu maoiniú a sholáthar d'allmhairiú nó onnmhairsiú neamhthoirmiscthe earraí agus seirbhísí neamhairgeadais idir an tAontas agus aon tríú Stát, lena n-áirítear an caiteachas le haghaidh earraí agus seirbhísí ó thríú Stát eile is gá chun na conarthaí onnmhairsiúcháin nó allmhairsiúcháin a fhorghníomhú.

3. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 2 maidir le híostarraingtí ná eisiocaíochtaí arna ndéanamh faoi chonradh arna thabhairt i gcrích roimh an 23 Feabhra 2022 ar choinníoll na coinníollacha seo a leanas a bheith comhlíonta:

- (a) maidir le téarmaí agus coinníollacha uile na n-íostarraingtí nó na n-eisiocaíochtaí sin:
 - (i) comhaontaíodh iad roimh an 23 Feabhra 2022; agus
 - (ii) níor modhnaíodh iad ar an dáta sin nó dá éis; agus
- (b) socraíodh dáta aibíochta conarthaí roimh an 23 Feabhra 2022 chun na cistí uile a cuireadh ar fáil a aisíoc ina n-iomláine agus chun na gealltanais, na cearta agus na hoibleagáidí uile faoin gconradh a chealú.

I dtéarmaí agus coinníollacha na n-íostarraingtí agus na n-eisiocaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) áirítear forálacha a bhaineann le fad na tréimhse aisíocaíochta le haghaidh gach íostarraingthe nó eisiocaíochta, an ráta úis arna chur i bhfeidhm nó modh ríofa an ráta úis, agus an t-uasmhéid.;

(3) in Airteagal 11(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

(a) daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (b) nó pointe (c), in Airteagal 5(2), pointe (c) nó pointe (d), agus in Airteagal 5a(1), pointe (a), pointe (b) nó pointe (c), nó a liostaítear in Iarscríbhinn III, IV, V nó VI;

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

'Airteagal 12

Toirmeascfar páirt a ghlacadh, go feasach agus d'aon ghnó, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir dóibh nó is éifeacht leo dul timpeall ar thoirmisc sa Rialachán seo, lena n-áirítear dul timpeall ar thoirmisc trí ghníomhú in ionad duine dhlítheanaigh, eintiteas nó comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 5 nó Airteagal 5a, nó trí ghníomhú chun a dtairbhe trí úsáid na n-eisceachtaí in Airteagal 5(3) nó Airteagal 5a(2).'

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Feabhra 2022.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

J.-Y. LE DRIAN"

Ceartúchán ar Chinneadh (CBES) 2022/265 ón gComhairle an 23 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 42 I an 23 Feabhra 2022)

Ar leathanach 98, léitear Cinneadh (CBES) 2022/265 mar a leanas:

**“CINNEADH (CBES) 2022/265 ÓN gCOMHAIRLE
an 23 Feabhra 2022**

lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/145/CBES ⁽¹⁾.
- (2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine.
- (3) Sna conclúidí uaithi an 24 agus an 25 Meitheamh 2021, d'iarr an Chomhairle ar an Rúis freagracht a ghlacadh go hiomlán as cur chun feidhme iomlán Chomhaontuithe Mhionsc a áirithiú mar an príomhchoinníoll le haghaidh aon athrú suntasach ar sheasamh an Aontais. Chuir sí i bhfios go láidir gur gá freagairt láidir chomhordaithe ón Aontas agus óna Bhallstáit ar aon ghníomhaíocht mhailíseach, neamhdhleathach, shuaiteach bhreise a dhéanadh an Rúis, agus leas iomlán á bhaint as na hionstraimí uile atá ar fáil don Aontas, agus comhordú á áirithiú leis na comhpháirtithe. Chuige sin, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún agus ar Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus do Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') freisin, roghanna a chur i láthair maidir le bearta sriantacha breise, lena n-áirítear smachtbhannaí eacnamaíocha.
- (4) Sna conclúidí uaithi an 16 Nollaig 2021, chuir an Chomhairle Eorpach i bhfios go láidir a phráinní atá sé go mbainfeadh an Rúis an lasair den teannas atá ann de bharr an tóstail mhíleata feadh teorainn na Rúise leis an Úcráin agus de bharr na reitriche ionsaithí. D'athdhearbhaigh sí go dtacaíonn an Chomhairle Eorpach go hiomlán le ceannasacht agus le hiomláine chríochach na hÚcráine. Agus an Chomhairle Eorpach ag moladh go ndéanfaí iarrachtaí taidhleoireachta agus ag tacú le formáid na Normainne mar bhealach chun cur chun feidhme iomlán Chomhaontuithe Mhionsc a bhaint amach, luaigh an Chomhairle Eorpach go mbeadh iarmhairtí ollmhóra agus costais throma ann mar fhreagairt ar aon ghreas míleata eile a dhéanfaí i gcoinne na hÚcráine, lena n-áirítear bearta sriantacha arna gcomhordú lenar gcomhpháirtithe.
- (5) An 24 Eanáir 2022, d'fhormheas an Chomhairle conclúidí inar cháin sí gníomhaíochtaí agus bagairtí ionsaitheacha leanúnacha na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus inar sí ar an Rúis an lasóg a bhaint den bharrach, cloí leis an dlí idirnáisiúnta agus páirt chuiditheach a ghlacadh in idirphlé trí na sásraí idirnáisiúnta atá bunaithe. D'athdhearbhaigh an Chomhairle tiomantas iomlán an Aontais do na croíphrionsabail ar a bhfuil slándáil na hEorpa bunaithe, agus atá cumhdaithe i gCairt na Náisiún Aontaithe agus i ndoiciméid bhunaitheacha na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip, lena n-áirítear Ionstraim Chríochnaitheach Heilsincí agus Cairt Pháras. Áirítear leis na croíphrionsabail seo go háirithe combhionannas ceannasach agus iomláine chríochach Stát, dosháraitheacht na dtéorainneacha, staonadh ó fhorneart a bhagairt nó a úsáid, agus saoirse Stát a socruithe slándála féin a roghnú nó a athrú. Luaigh an Chomhairle nach bhfuil na prionsabail sin inchaibidle ná faoi réir

⁽¹⁾ Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16).

athbhreithniú ná athléiriú agus gur bac é sárú na Rúise ar spás slándála coiteann agus doroinnte san Eoraip, agus go gcuireann sé an tsíocháin agus an chobhsaíocht ar an mór-roinn seo againne i mbaol. Á mheabhúr di na conclúidí ón gComhairle Eorpach ó mhí na Nollag 2021, d'athdhearbhaigh an Chomhairle go n-eascródh iarmhairtí ollmhóra agus costais thromchúiseacha as aon ionsaí míleata breise a dhéanfadh an Rúis ar an Úcráin, agus go n-áirítear air sin réimse leathan beart sriantach ar earnálacha agus ar dhaoine aonair a ghlacfaí i gcomhar le comhpháirtithe.

- (6) An 19 Feabhra 2022, d'eisigh an tArdionadaí dearbhú thar ceann an Aontais inar léiríodh gur cúis inmí é tóstail ollmhór fhórsaí armtha na Rúise san Úcráin agus thart ar an Úcráin agus thathantaigh sé ar an Rúis páirt a ghlacadh in idirphlé fóna agus i dtaidhleoireacht, guaim a choinneáil uirthi féin agus an lasóg a bhaint den bharrach trí go leor fórsaí míleata a tharraingt siar ó theorainneacha na hÚcráine. Luaigh an tAontas go mbeadh iarmhairtí ollmhóra agus costais throma ann mar fhreagairt ar aon ghreas míleata eile a dhéanfadh an Rúis i gcoinne na hÚcráine, lena n-áirítear bearta sriantacha arna gcomhordú lenár gcomhpháirtithe.
- (7) An 21 Feabhra 2022, shínigh Uachtarán Chónaidhm na Rúise foraithe inar aithníodh neamhspleáchas agus ceannasacht 'Daon-Phoblacht Donetsk' agus 'Daon-Phoblacht Luhansk' (féinfhógartha araon) inar ordaíodh fórsaí armtha na Rúise imscaradh in Oirthear na hÚcráine.
- (8) An 22 Feabhra 2022, d'eisigh an tArdionadaí dearbhú thar ceann an Aontais inar cháin sé cinneadh Uachtarán Chónaidhm na Rúise aitheantas a thabhairt do na críocha sin nach bhfuil faoi rialú rialtais i réigiúin Donetsk agus Luhansk san Úcráin mar eintitis neamhspleácha agus an cinneadh a rinneadh ina dhiaidh sin trúpaí Rúiseacha a chur chuig na limistéir sin. Baineann an ghníomhaíocht neamhdhleathach sin an bonn de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine a thuilleadh agus is sárú tromchúiseach í ar an dlí idirnáisiúnta agus ar chomhaontuithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear Cairt na Náisiún Aontaithe, Ionstraim Chríochnaitheach Heilsincí, Cairt Pháras agus Meabhrán Bhúdaipeist, chomh maith le Comhaontuithe Mhionsc agus Rún 2202 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. D'áitigh an tArdionadaí ar an Rúis, mar pháirt sa choinbhleacht, an t-aitheantas sin a aisiompú, seasamh lena gealltanais, cloí leis an dlí idirnáisiúnta agus filleadh ar an bplé faoi chuimsiú fhormáid na Normainne agus an Ghrúpa Teagmhála Thríthaobhaigh. D'fhógair sé go bhfreagródh an tAontas do na sárúithe is déanaí sin ag an Rúis trí bhearta breise sriantacha a ghlacadh mar ábhar práinne.
- (9) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gur cheart 22 dhuine agus ceithre eintiteas a chur ar liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbearta sriantach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES.
- (10) Measann an Chomhairle gur cheart sásra maolaithe le haghaidh oibríochtaí áirithe is infheidhme maidir le heintitis áirithe a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES a chur isteach.
- (11) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2014/145/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES mar a leanas:

- (1) in Airteagal 2, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'8. De mhaolú ar mhír 1 agus mír 2, féadfaidh údarais inniúla Ballstáit a údarú cistí reoite áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe ar leis na heintitis a liostaítear faoi uimhreacha iontrála 53, 54, agus 55 san Iarscríbhinn iad a scaoileadh, nó cistí áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil do na heintitis sin, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh na húdarais inniúla a bheith iomchúí agus tar éis a chinneadh go bhfuil na cistí áirithe nó na hacmhainní eacnamaíocha áirithe riachtanach chun oibríochtaí, conarthaí, nó comhaontuithe eile, lena n-áirítear caidreamh comhfhreagrach baincúireachta, arna thabhairt i gcrích roimh an 23 Feabhra 2022 a fhoirceannadh faoin 24 Lúnasa 2022.;

- (2) cuirtear na daoine agus na heintitis a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo leis an liosta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Feabhra 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J.-Y. LE DRIAN

Cuirtear na daoine agus na heintitis seo a leanas le liosta na ndaoine, na n-eintiteas, agus na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES:

1. Daoine

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
212.	Sergei SHOIGU (Сергей Кужугетович Шойгу)	Dáta Breithe: 21.5.1955 Áit bhreithe: Chadan, Republic of Tuva, Russian Federation Náisiúntacht: Rúiseach Feidhm: Aire Cosanta sa Russian Federation Inscne: Fireann	Is é Sergei Shoigu Aire Cosanta an Russian Federation Chuir sé a thuairimí in iúl go poiblí faoin gCrimé a bheith ina cuid den Rúis agus fanacht de bheith ina cuid den Rúis. Faoina cheannas agus faoina orduithe, chuir trúpaí na Rúise druileanna míleata ar bun sa Chrimé, a ndearnadh í a ionghabháil go mídhleathach, agus rinneadh na trúpaí sin a shuíomh ag an teorainn. Is é sa deireadh atá freagrach as aon ghníomhaíocht mhíleata i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacaíocht ghníomhach a thabhairt do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, chomh maith le cobhsaíocht nó slándáil na hÚcráine, agus atá ina mbagairt orthu, agus tá sé freagrach freisin as na gníomhaíochtaí agus na beartais sin a chur chun feidhme.	23.2.2022
213.	Anton Vaino (Антон Эдуардович Вайно)	Dáta Breithe: 17.2.1972 Áit bhreithe: Tallinn, Estonia Náisiúntacht: Rúiseach Feidhm: Ceann Foirne an Presidential Executive Office Inscne: Fireann	Is é Anton Vaino Ceann Foirne an Presidential Executive Office. Tá ról ghníomhach aige i bpróiseas cinnteoireachta an Kremlin trí pháirt a ghlacadh in “Security Council” na Rúise agus trí thionchar a imirt ar fhorbairt chinntí an Uachtaráin i réimse chosaint na Rúise agus shlándáil náisiúnta na Rúise. Freastalaíonn Anton Vaino ar chruinnithe maidir le forbairt shocheacnamaíoch na Crimé agus Sevastopol freisin. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacaíocht ghníomhach a thabhairt do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, chomh maith le cobhsaíocht nó slándáil na hÚcráine, agus atá ina mbagairt orthu, agus tá sé freagrach freisin as na gníomhaíochtaí agus na beartais sin a chur chun feidhme.	23.2.2022
214.	Marat KHUSNULLIN (Марат Шакирзянович Хуснуллин)	Dáta Breithe: 9.8.1966 Áit bhreithe: Kazan, Republic of Tatarstan, Russian Federation Feidhm: Leas-Phríomh-Aire na Rúise don Fhoirgníocht agus don Fhorbairt Réigiúnach Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: Fireann	Is é Marat Khusnullin Leas-Phríomh-Aire na Rúise don Fhoirgníocht agus don Fhorbairt Réigiúnach. Sa cháil sin, tá sé freagrach as beartais rialtasacha na Rúise maidir leis an gCrimé faoi fhorghabháil, lena n-áirítear uisce a sholáthar don Chrimé agus do Sevastopol. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó cobhsaíocht nó slándáil na hÚcráine, nó atá ina mbagairt orthu.	23.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
215.	Dmitriy Yuryevich GRIGORENKO (Дмитрий Юрьевич ГРИГОРЕНКО)	Dáta Breithe: 14.7.1978 Áit bhreithe: Nizhnevartovsk, Tyumen Region, Russian Federation Feidhmeanna: Leas-Phríomh-Aire ar Russian Federation – Ceann Foirne Rialtais Russian Federation; Cathaoirleach ar Supervisory Council an VTB Bank Inscne: Fireann	Is é Dmitriy Grigorenko Leas-Phríomh-Aire ar an Russian Federation agus Ceann Foirne Rialtais ar an Russian Federation. Anuas air sin, Cathaoirleach ar Supervisory Council an VTB Bank, banc ar leis an Stát é agus atá bainteach le Maksim Reshetnikov, comhalta de Supervisory Council an VTB Bank. Ina cháil mar Leas-Stiúrthóir ar Federal Tax Service den Russian Federation, bhí Grigorenko freagrach as reachtaíocht chánach áitiúil nua a bhunú do chríoch na Crimé tar éis a hionghabhála in 2014. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, nó lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht nó shlándáil na hÚcráine. Tá sé freagrach freisin as tacaíocht airgeadais agus ábhartha a chur ar fáil agus tá sé ag baint tairbhe airgeadais as cinnteoirí na Rúise, an dream céanna a bhí freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú oirthear na hÚcráine.	23.2.2022
216.	Maxim Gennadyevich RESHETNIKOV (Максим Геннадьевич РЕШЕТНИКОВ)	Dáta Breithe: 11.7.1979 Áit bhreithe: Perm, Russian Federation Feidhm: Aire Forbartha Eacnamaíche sa Russian Federation; Comhalta de Supervisory Council an VTB Bank Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: Fireann	Is é Maxim Reshetnikov Aire Forbartha Eacnamaíche sa Russian Federation. Anuas air sin, tá sé ina Chomhalta de Supervisory Council an VTB Bank, banc ar leis an Stát é agus atá bainteach le Dmitriy Grigorenko, comhalta de Supervisory Council an VTB Bank. Ina cháil mar Aire Forbartha Eacnamaíche, tá Maxim Reshetnikov freagrach as clár forbartha bonneagair sa Chrimé agus in Sevastopol, go háirithe an sprioc-chlár feidearálach “Forbairt Shóisialta agus Eacnamaíoch Phoblacht na Crimé agus Sebastopol go dtí 2022” agus a bhfuil síneadh curtha leis go dtí 2025. Tá ráitis phoiblí déanta aige ina leagtar amach pleananna agus tosaíochtaí rialtas Chónaidhm na Rúise maidir le forbairt eacnamaíoch na Crimé agus Sevastopol. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, nó lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht nó shlándáil na hÚcráine. Tá sé freagrach freisin as tacaíocht airgeadais agus ábhartha a chur ar fáil agus tá sé ag baint tairbhe airgeadais as cinnteoirí na Rúise, an dream céanna a bhí freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú oirthear na hÚcráine.	23.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
217.	Nikolay Anatolyevich YEVMENOV (dá ngairtear freisin Nikolai YEVMENOV) (Николай Анатольевич Евменов)	Dáta Breithe: 2.4.1962 Áit bhreithe: Moscow, Russia Feidhm: Ardcheannasaí ar Chabhloch na Rúise Grád: Aimiréil Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: Fireann	Is é Nikolay Yevmenov an tArdcheannasaí ar Chabhloch na Rúise. Mar sin, tá sé freagrach as aon oibríocht mhuirí de chuid chabhloch na Rúise, lena n-áirítear san Úcráin nó chuig an Úcráin. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacaíocht ghníomhach a thabhairt do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, chomh maith le cobhsaíocht nó slándáil na hÚcráine, agus atá ina mbagairt orthu, agus tá sé freagrach freisin as na gníomhaíochtaí agus na beartais sin a chur chun feidhme.	23.2.2022
218.	Vladimir Lvovich KASATONOV (Владимир Львович Касатонов)	Dáta Breithe: 17.6.1952 Áit bhreithe: Moscow, Russia Inscne: Fireann	Is é Vladimir Kasatonov an Leas-Ardcheannasaí ar Chabhloch na Rúise. Mar sin, tá sé freagrach as oibríochtaí cabhlaigh san Úcráin nó chuig an Úcráin. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacaíocht ghníomhach a thabhairt do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, chomh maith le cobhsaíocht nó slándáil na hÚcráine, agus atá ina mbagairt orthu, agus tá sé freagrach freisin as na gníomhaíochtaí agus na beartais sin a chur chun feidhme.	23.2.2022
219.	Igor Vladimirovich OSIPOV (Игорь Владимирович Осипов)	Dáta Breithe: 6.3.1973 Áit bhreithe: Novo-Shunoe settlement, Fedorovsky district, Kostanay region, Kazakh Soviet Socialist Republic (Kazakhstan anois) Feidhm: Ardcheannasaí ar Black Sea Fleet Grád: Aimiréil Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: Fireann	Is é Igor Osipov an tArdcheannasaí ar Black Sea Fleet. Mar sin, tá sé freagrach as an oibríocht mhuirí san Úcráin nó chuig an Úcráin tríd an Muir Dhubh agus as srian a chur leis an tsaoirse loingseoireachta sa Mhuir Dhubh. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacaíocht ghníomhach a thabhairt do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, chomh maith le cobhsaíocht nó slándáil na hÚcráine, agus atá ina mbagairt orthu, agus tá sé freagrach freisin as na gníomhaíochtaí agus na beartais sin a chur chun feidhme.	23.2.2022
220.	Oleg Leonidovich SALYUKOV (Олег Леонидович Салюков)	Dáta Breithe: 21.5.1955 Áit bhreithe: Saratov, Russian Federation Feidhm: Ardcheannasaí ar Fhórsaí Talún na Rúise Grád: Ginearál an Airm Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: Fireann	Is é Oleg Salyukov an tArdcheannasaí ar Fhórsaí Talún na Rúise. Mar sin, tá sé freagrach as oibríochtaí talún na Rúise san Úcráin nó chuig an Úcráin. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacaíocht ghníomhach a thabhairt do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, chomh maith le cobhsaíocht nó slándáil na hÚcráine, agus atá ina mbagairt orthu, agus tá sé freagrach freisin as na gníomhaíochtaí agus na beartais sin a chur chun feidhme.	23.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
221.	Sergei SUROVIKIN (сергей суровикин)	Dáta Breithe: 11.10.1966 Áit bhreithe:: Novosibirsk, Russia Feidhm: Ceannasaí Ginearálta Airm de chuid na Aerospace Forces Grád: Army General Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: Fireann	Is é Sergei Surovikin Ceannasaí Ginearálta Airm ar na Russian Aerospace Forces. Mar sin, tá sé freagrach as oibríochtaí aeir san Úcráin nó chuig an Úcráin. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacaíocht ghníomhach a thabhairt do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus de chobhsaíocht nó slándáil na hÚcráine.	23.2.2022
222.	Sergey Vladimirovich DRONOV (dá ngairtear freisin Sergei Vladimirovich DRONOV) (Сергей Владимирович ДРОНОВ)	Dáta Breithe: 11.8.1962 Áit bhreithe:: Almazovka, Voroshilovograd region, Ukraine Feidhm: Ceannasaí ar an Air Force agus Leas-Ceannasaí Ginearálta Airm ar na Air and Space Forces Grád míleata: Lieutenant General Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: Fireann	Is é Sergey Vladimirovich Dronov Ceannasaí ar an Air Force agus Leas-hCeannasaí Ginearálta Airm ar na Air and Space Forces. Mar sin, tá sé freagrach as oibríochtaí aeir san Úcráin nó chuig an Úcráin. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacaíocht ghníomhach a thabhairt do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus de chobhsaíocht nó slándáil na hÚcráine.	23.2.2022
223.	Violetta PRIGOZHINA (Виолетта Пригожина)	Daoine aonair comhlachaithe: Yevgeniy Viktorovich Prigozhin (mac); Lyubov Valentinovna Prigozhina (bean mic) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: Baineann	Is í Violetta Prigozhina máthair Yevgeny Prigozhin agus úinéir Concord Management and Consulting LLC, ar leis an Concord Group é, arna bhunú agus faoi úinéireacht a mic go dtí 2019. Is úinéir cuideachtaí eile í a luaitear lena mhac. Tá baint aici le Yevgeny Prigozhin, atá freagrach as amhais Wagner Group a imscaradh san Úcráin agus as leas a bhaint as conarthaí móra poiblí le Aireacht Cosanta na Rúise mar thoradh ar ionghabháil mhídhleathach na Rúise ar an gCrimé agus ar fhorghabháil Oirthear na hÚcráine ag scarúnaithe a bhfuil tacaíocht na Rúise acu. Dá bhrí sin, thacaigh sí le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	23.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
224.	Lyubov Valentinovna PRIGOZHINA (Любовь Валентиновна Пригожина)	Daoine aonair comhlachaithe: Yevgeniy Viktorovich Prigozhin (fear céile); Violetta Prigozhina (máthair chéile) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: Baineann	Is í Lyubov Valentinovna Prigozhina céile Yevgeny Prigozhin agus úinéir Agat LLC, fochomhlacht de chuid Concord Management and Consulting LLC, ar leis an Concord Group é, arna bhunú agus faoi úinéireacht a fir céile go dtí 2019. Tá baint aici le Yevgeny Prigozhin, atá freagrach as amhais Wagner Group a imscaradh san Úcráin agus as leas a bhaint as conarthaí móra poiblí le Aireacht Cosanta na Rúise, mar thoradh ar ionghabháil mhídhleathach na Rúise ar an gCrimé agus ar fhorghabháil Oirthear na hÚcráine ag scarúnaithe a bhfuil tacaíocht na Rúise acu. Dá bhrí sin, thacaigh sí le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	23.2.2022
225.	Denis Aleksandrovich BORTNIKOV (Денис Александрович БОРТНИКОВ)	Dáta Breithe: 19.11.1974 Feidhm: Leas-Uachtarán agus Cathaoirleach Bhord Bainistíochta VTB Bank Náisiúntacht: Rúiseach Daoine aonair comhlachaithe: Alexander Vasilyevich Bortnikov (athair); Tatiana Borisovna Bortnikova (máthair)	Is mac le Alexander Bortnikov é Denis Bortnikov, agus dá réir sin tá baint aige leis – Stiúrthóir ar an Federal Security Service (FSB) agus Buanchomhalta den Security Council den Russian Federation é Alexander Bortnikov, a bhfuil baint aige le beartas Rialtas na Rúise a mhúnlú, beartas lena ndéantar bagairt ar iomláine chríochach, ar cheannasacht agus ar neamhspleáchas na hÚcráine. Tá sé ina Leas-Uachtarán agus ina Chathaoirleach ar Bhord Bainistíochta VTB Bank, agus sa phost sin oibríonn sé chun scáth-ioncam/ioncam neamhdhleathach a athar a dhlísteánú. Dá bhrí sin, tá tacaíocht airgeadais á tabhairt aige do chinnteoirí Rúiseacha atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú oirthear na hÚcráine.	23.2.2022
226.	Andrei Leonidovich KOSTIN (Андрей Леонидович КОСТИН)	Dáta Breithe: 21.9.1956 Áit bhreithe: Moscow, iarUSSR (dá ngairtear Russian Federation anois) Feidhm: Uachtarán Bhord Bainistíochta VTB Bank Daoine comhlachaithe: Tamara Mikhailovna Kostina (máthair); Leonid Alekseevich Kostin (athair) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: Fireann	Is é Andrei Leonidovich Kostin uachtarán-chathaoirleach Vneshtorbank (VTB) – ceann de na príomhbhainc sa Rúis atá faoi úinéireacht stáit, agus is comhalta de Supreme Council an pháirtí pholaitiúil “United Russia” é. Tá ráitis phoiblí déanta aige ina dtacaítear le hionghabháil na Crimé agus ina spreagtar saoránaigh na Rúise dul ar saoire go dtí an Chrimé. Tá baint aige freisin le fionlann agus de réir tuairiscí sna meáin, is úinéir é ar fhíonlann agus ar óstán iontach galánta sa Chrimé. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí agus le beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach na hÚcráine agus tá sé ag baint tairbhe as ionghabháil na Crimé.	23.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
227.	Igor SHUVALOV (Игорь Иванович Шувалов)	Dáta Breithe: 4.1.1967 Áit bhreithe: Bilibino, Russian Federation Inscne: Fireann	Tá Igor Ivanovich Shuvalov ina chathaoirleach ar State Development Corporation VEB.RF agus is comhalta de Chomhairle an Eurasian Economic Commission é. Bhí sé ina Chéad Leas-Phríomh-Aire ar an Rúis roimhe sin. Sa cháil sin, dúirt sé go n-athródh an Rúis rialacha buiséid chun daonra breise 2 mhilliún a léiriú tar éis don Russian Federation an Chrimé a ionghabháil go neamhdhleathach. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí agus le beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	23.2.2022
228.	Margarita SIMONYAN (Маргарита Симоновна Симоньян)	Dáta Breithe: 6.4.1980 Áit bhreithe: Krasnodar, iarUSSR (Russian Federation anois) Feidhm: Príomheagarthóir ar an ngréasán nuachta teilifíse Béarla RT (Russia Today) Daoine aonair comhlachaithe: Dmitry Konstantinovich KISELYOV Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: Baineann	Is duine lárnach sa bholscaireacht Rialtais í Margarita Simonyan. Tá sí ina príomheagarthóir freisin ar an ngréasán nuachta teilifíse Béarla RT (Russia Today). Trína feidhm, chuir sí dearcadh dearfach chun cinn maidir le hionghabháil na Crimé agus gníomhaíochtaí na scarúnaithe in Donbas. Dá bhrí sin, thacaigh sí le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	23.2.2022
229.	Maria ZAKHAROVA (Мария Владимировна Захарова)	Dáta Breithe: 24.12.1975 Áit bhreithe: Moscow, iarUSSR (Russian Federation anois) Feidhm: Stiúrthóir ar an Information and Press Department d'Aireacht Gnóthaí Eachtracha Chónaidhm na Rúise. Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: Baineann	Is í Maria Zakharova an Stiúrthóir ar an Information and Press Department d'Aireacht Gnóthaí Eachtracha Chónaidhm na Rúise. Mar dhuine lárnach sa bholscaireacht rialtais, chuir sí imscaradh fhórsaí na Rúise san Úcráin chun cinn. Dá bhrí sin, thacaigh sí le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	23.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
230.	Vladimir Roudolfovitch SOLOVIEV (Владимир Рудольфович Соловьёв)	Dáta Breithe: 20 Deireadh Fómhair 1963 Áit bhreithe:: Moscow, iarUSSR (Russian Federation anois) Feidhm: Bolscaire agus Iriseoir Teilifíse/Raidió Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: Fireann	Is Bolscaire agus Láithreoir ar an gcainéal Russia-1 agus Rossia 24 é Vladimir Solovyev. Fuair sé bonn (Order of Alexander Nevsky) do “ardghairmiúlacht agus oibiachtúlacht in imeachtaí i bPoblacht na Crimé a chlúdach”. Tá cáil ar Solovyov mar gheall ar a dhearcadh thar a bheith naimhdeach i leith na hÚcráine agus a mholadh do rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	23.2.2022
231.	Konstantin KNYRIK (Константин Кнырик)	Dáta Breithe: 1989 (féideartha) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: Fireann	Is gníomhaí ar son na Rúise é Konstantin Knyrik a bhfuil MediaGroup News Front Ltd á reáchtáil aige, Suíomh nuachta atá cláraithe i leithinis na Crimé, a ndearnadh ionghabháil neamhdhleathach uirthi. Tá sé ina cheannaire ar rannán na Crimé den Rodina Party, páirtí ar son an Kremlin sa Rúis. Fuair Konstantin Knyrik an bonn “chun an Chrimé a thabhairt ar ais”. Dá bhrí sin, thacaigh sé go gníomhach le beartais a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh, agus chuir sé na gníomhaíochtaí agus na beartais sin chun feidhme.	23.2.2022
232.	Aleksey Konstantinovich PUSHKOV (Алексей Константинович Пушкиков)	Dáta Breithe: 10.8.1954 Áit bhreithe:: Beijing, China Náisiúntacht: Rúiseach Teileafón agus facs: 8 (495) 697-58-69 Seoladh na hoifige fáiltithe Russian Federation: 51 Lenina St., Perm, 614000, room 219 Uimhreacha teileafóin agus facs na hoifige fáiltithe i réigiún Russian Federation: (342) 253-66-01 Inscne: Fireann	Is Seanadóir é Aleksey Konstantinovich Pushkov ó Perm Krai, is comhalta den pháirtí rialaithe United Russia é agus is Cathaoirleach é ar an Commission on Information Policy. Rinne sé roinnt ráiteas chun tacú le hionghabháil Leithinis na Crimé agus dúirt sé gur “fait accompli” é. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	23.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
233.	Pyotr TOLSTOY (a.k.a Petr Olegovich Tolstoy; Pyotr Olegovich Tolstoy) (Пётр Олегович Толстой)	Dáta Breithe: 20.6.1969 Áit bhreithe: Moscow, iarUSSR (Russian Federation anois) Feidhm: Iriseoir, léiritheoir, láithreoir agus polaiteoir Rúiseach. Leas-Chathaoirleach an State Duma ó 2016 i leith agus Leas-Chathaoirleach Thionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa ón 28 Eanáir 2020. Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: Fireann	Is comhalta den State Duma é Pyotr Tolstoy agus is ceann thoscaireacht na Rúise ag Tionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa (PACE) é. Is láithreoir teilifíse é freisin ar “Vremya Pokazhet”. Duine lárnach sa bholscaireacht rialtais, is minic a ghlacann sé seasaimh atá i bhfabhar ionghabháil na Crimé. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	23.2.2022

2. Eintitis

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
‘52.	Internet Research Agency (Агентство интернет-исследований)	Dáta a chruthaithe: 2013 Seoladh: Saint Petersburg, Russia Daoine aonair comhlachaithe: Yevgeny Prigozhin	Is cuideachta Rúiseach í Internet Research Agency atá rannpháirteach in oibríochtaí tionchair ar líne thar ceann na Rúise. Is é an cuspóir deiridh atá aici ná tuairimí an phobail a ionramháil. Bíonn feachtais bhréagaisnéise idir lámha ag an gcuideachta atá dírithe ar chlár oibre na hÚcráine trí thionchar a imirt ar thoghcháin nó ar bhraistintí faoi ionghabháil na Crimé nó faoin gcoinbhleacht in Donbas. Sa cháil sin, tá Internet Research Agency freagrach as tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairtí iad ar an méid sin. Déanann Yevgeny Prigozhin an chuideachtaí a mhaoiniú, agus dá bhrí sin tá baint aici le duine liostaithe.	23.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
53.	Bank Rossiya (Банк «Россия»)	An 27.6.1990 a bunaíodh é Seoladh: Pl Rastrelli 2 Liter A Saint Petersburg, 191124 Russian Federation Suíomh gréasáin: Abr.ru Daoine aonair comhlachaithe: Dmitri LEBEDEV (Cathaoirleach); Yuriy Kovalchuk (scairshealbhóir is mó)	Is é banc pearsanta oifigigh shinsearacha Chónaidhm na Rúise é Bank Rossiya. Sa cháil sin, tacaíonn Bank Rossiya le cinnteoirí na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú oirthear na hÚcráine agus baineann sé tairbhe astu. Tá bunanna tábhachtacha ag Bank Rossiya sa National Media Group, a rialaíonn, ar a sheal, stáisiúin teilifíse a thacaíonn go gníomhach le beartais rialtas na Rúise chun an Úcráin a dhíchobhsú. Ó ionghabhadh an Chrimé go neamhdhleathach, tá brainsí oscailte ag Bank Rossiya ar fud na Crimé agus Sevastopol. Chuir Bank Rossiya iasacht ar fáil freisin do Federal State Unitary Enterprise “Crimean Railway” agus tacaíonn sé le tógáil an iarnróid ar dhroichead na Crimé. Dá bhrí sin, tugann Bank Rossiya tacaíocht airgeadais do ghníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach na hÚcráine agus ar bagairtí iad ar an méid sin. Baint aige le Yuriy Valentinovich Kovalchuk, an scairshealbhóir is mó in Bank Rossiya.	23.2.2022
54.	PROMSVYAZBANK (ПАО Промсвязьбанк”)	In 1995 a bunaíodh é Seoladh: Moscow; Suíomh gréasáin: psbank.ru Daoine aonair comhlachaithe: Petr Fradkov, CEO	Is banc faoi úinéireacht Stát na Rúise é PROMSVYAZBANK, a chuireann tacaíocht airgeadais ar fáil d’earnáil cosanta na Rúise agus d’fhórsaí míleata na Rúise, atá freagrach as imscaradh ollmhór trúpaí Rúiseacha feadh na teorann leis an Úcráin agus as trúpaí Rúiseacha a bheith i láthair i leithinis na Crimé. Tugann Uachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin, treoir dhíreach do PROMSVYAZBANK agus, dá bhrí sin, cuireann sé tacaíocht airgeadais agus ábhartha ar fáil do chinnteoirí na Rúise atá freagrach as díchobhsú oirthear na hÚcráine agus as ionghabháil neamhdhleathach na Crimé. Oibríonn Promsvyazbank i leithinis na Crimé.	23.2.2022
55.	VEB.RF (dá ngairtear freisin Vnesheconombank; VEB) (ВЭБ.РФ)	Bunaíodh é in 1922 mar bhanc agus in 2007 mar institiúid forbartha Seoladh: 9 prospekt Akademika Sakharova, Moscow, Russia; Suíomh gréasáin: veb.ru Daoine aonair comhlachaithe: Igor Shuvalov, Cathaoirleach	Is institiúid mhór forbartha airgeadais é VEB.RF a gceapann President den Russian Federation, Vladimir Putin, a cathaoirleach go díreach agus a ghlacann treoracha go díreach uaidh. Cruthaíonn VEB.RF foinse thábhachtach ioncaim do Rialtas na Rúise agus bainistíonn sé a chistí pinsean Stáit. Tá ról gníomhach ag VEB.RF in éagsúlú earnáil cosanta Russian Federation agus tá tionscadaíl aige le cuideachtaí an tionscail cosanta, lena n-áirítear Rostec, a thacaíonn le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	23.2.2022”

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Dheonaigh VEB iasachtaí d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide sa Chrimé agus measann sé gur “réigiún tosaíochta” é agus tá comhpháirtíochtaí aige le Ministry of Crimean Affairs, atá freagrach as “Poblacht na Crimé” Fhéinrialaitheach a ionghabhadh a chomhtháthú le Russian Federation.</p> <p>Sa cháil sin, tugann VEB.RF tacaíocht ábhartha nó airgeadais, go gníomhach do chinnteoirí na Rúise, an dream céanna a bhí freagrach as ionghabháil na Crimé nó díchobhsú oirthear na hÚcráine, nó faigheann sé tairbhe uathu.</p>	

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)